Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

# 2015

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais



# Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais

## An Clár Ábhar

**RÉAMHRÁ**

Eolas faoi GBCN 2

Príomh-bhuaicphointí Gnó 3

Ráiteas an Chathaoirligh 6

Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh 8

Straitéis Chorparáideach 10

**ATHBHREITHNIÚ GNÓ**

Maoiniú agus Bainistiú Fiach 13

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn 19

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 27

RÉnua 31

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 36

**RIALACHAS AGUS FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH**

Comhaltaí na Gníomhaireachta 44

An Ghníomhaireacht agus a Coistí 46

Bainistíocht Riosca 50

Foireann Bhainistíochta 52

Soláthar Foirne agus Luach Saothair 53

**RÁITIS AIRGEADAIS** 55

**PUNANN INFHEISTÍOCHTAÍ – CISÉ** 175

# Eolas faoi GBCN

**Is comhlacht Stáit í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a fheidhmíonn le sainchúram tráchtála chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GNFA), RÉnua (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh), agus na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GÉS).**

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántéarma.

## Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Rialaíonn agus bainistíonn GBCN Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), a bunaíodh i Nollaig 2014 agus sainordú reachtúil aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Tháinig CISÉ i gcomharbacht ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Agus í ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, is í GBCN an comhairleoir reachtúil airgeadais d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí lena mbaineann luach caipitiúil níos mó ná €20 milliún. Tá lánfhreagracht uirthi as tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a sholáthar agus a chur i gcrích in earnálacha seachas iad siúd a bhaineann le hiompar agus le húdaráis áitiúla. Chomh maith leis sin tá sí freagrach as soláthar traidisiúnta agus tógáil scoileanna faoi mar a ordaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## RÉnua

Ag feidhmiú mar RÉnua, cuireann GBCN ionad tiomanta um shaineolas airgeadais chorparáidigh ar fáil don Rialtas, go háirithe i ndáil le forbhreathnú tráchtála comhlachtaí Stáit áirithe. Tugann siad seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála ar fáil d'Airí Rialtais lena n-áirítear i ndáil le feidhmíocht airgeadais, straitéis chorparáideach, pleananna caipitil agus infheistíochta, fáltais nó diúscairtí beartaithe, athstruchtúrú agus ceapacháin bhoird. Ina theannta sin, d'fhéadfadh RÉnua, i gcomhairle leis an Aire ábhartha, tograí a fhorbairt le haghaidh infheistíochta in earnálacha an fhuinnimh, an uisce, na teileachumarsáide agus na foraoiseachta chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh maidir le díobháil phearsanta, dochar do réadmhaoin agus éilimh maidir le faillí cliniciúla a thógtar i gcoinne 129 n-údarás Stáit, lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an earnáil chúram sláinte deonach, an Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Chomh maith leis sin, tá cúram bainistíochta riosca uirthi, a thugann comhairle agus cuidiú d'údaráis Stáit lena gcuid neamhchosaintí éilimh a laghdú a mhéid is féidir. Ina theannta sin, bainistíonn sí costais tríú páirtí a thagann chun cinn de bharr Binsí Fiosrúcháin agus éilimh ar chostais dhlíthiúla ó ghrúpaí ar éirigh leo cás a thabhairt in éadan an Stáit maidir le díobháil phearsanta agus cásanna eile nach mbaineann le díobháil phearsanta.

Anuas ar na feidhmeanna thuas, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus don Chorparáid Bhaincéireachta Straitéiseach Na hÉireann (CBSÉ) agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta di. Tá a mbord ar leith ag GNBS agus SBCI.

# Príomh-Bhuaicphointí Gnó

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach

### Eisiúint Bannaí

**1.5%**

D'eisigh GBCN bannaí ar fiú €13bn iad le linn 2015 ag meántoradh ualaithe de 1.5% agus meánaibíocht ualaithe de thréimhse díreach faoi 18 mbliana.

**30 bliain**

I bhFeabhra 2015 d'eisigh GBCN an chéad bhanna tagarmharcála 30 bliain in Éirinn ag cruinniú €4bn le toradh de 2.1%.

### Aisíocaíocht CAI

**€1.5bn**

Aisíocadh díreach thar €18bn in iasachtaí CAI go luath agus cuireadh maoiniú margaidh níos saoire ina n-ionad ag giniúint coigiltí úis níos mó ná €1.5bn thar bhun-saolré na n-iasachtaí.

### Costais Úis a Laghdú

**€7bn**

Thit an t-ús ar an bhFiachas Náisiúnta go dtí díreach faoi €7bn sa bhliain 2015, ó bheagnach €7.5bn sa bhliain 2014 – an chéad titim in aon bhliain amháin ó 2008.

## RÉnua

### Spriocanna Foirmiúla Airgeadais

Tá RÉnua ag obair le comhlachtaí tráchtála Stáit chun spriocanna foirmiúla airgeadais agus polasaithe díbhinní a fhorbairt.

### Díbhinní

**€475m**

D'íoc comhlachtaí laistigh de shainchúram RÉnua €475m de chomhdhíbhinní le haghaidh 2014/15.

### Comhairle Airgeadais & Tráchtála

Chuir RÉnua comhairle thráchtála agus airgeadais ar fáil don Rialtas i réimse leathan earnálacha lena n-áirítear fuinneamh, iompar, bithmhais agus teileachumarsáid le linn 2015.

## Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

### Ag Infheistiú in Éirinn

**€759m**

Thiomnaigh CISÉ €759m d'infheistíochtaí Éireannacha le linn 2015, rud a thug tiomantas iomlán CISÉ in Éirinn go €2.2bn.

**2.5x**

Méadaíonn comhinfheistíocht ó chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach an t-iomlán tiomnaithe d'Éirinn go €5.4bn – 2.5 oiread thiomantas CISÉ.

### Tionchar Suntasach Eacnamaíoch

**108** Comhlachtaí Éireannacha

Le linn 2015 thacaigh infheistíochtaí CISÉ le 108 comhlacht/tionscadal Éireannach, rud a chruthaigh:

**€1.229m**
comhioncam

**€505m**
i bpá agus i dtuarastail

**€358m**
in easpórtálacha

**€538m**

Chuir infheistíocht CISÉ beagnach €538m d'Oll-Luach Breise le geilleagar na hÉireann in 2015.

Beagnach
**18,000**
Tacaíonn infheistíochtaí CISÉ le beagnach 18,000 post go díreach nó go hindíreach.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

### Clár CPP an Rialtais

**€1bn**

Tá GAFN ag soláthar réimse tionscadal CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu.

**3,000**

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thógáil Bheart Scoileanna CPP 4, ag cur 3,000 áit daltaí ar fáil i dTiobraid Árann, an Clár, Lú agus Corcaigh, atá sceidealaithe lena chríochnú i lár 2016.

**Cúirteanna**

Tá céim na dtarraingtí anuas bainte amach ag Punann Cúirteanna CPP agus tá tógáil ag dul ar aghaidh ag na seacht láthair ar fad.

**M11**

Tá céim na dtarraingtí anuas bainte amach ag an tionscadal bóthair M11, a raibh GAFN mar chomhairleoir Airgeadais acu.

### Ag obair le BEI

**€750m**

Leanann GAFN le dul i dteagmháil le BEI d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an maoiniú atá éifeachtach ó thaobh costais atá ar fáil do bhonneagar na hÉireann. Chuir BEI €750m ar fáil in iasachtaí Státchiste díreacha ó Iúil 2012 le tacú le soláthar bonneagair oideachais agus comhshaoil.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**€1.79bn**

Bhí Gníomhaireacht Éilimh an Stáit ag bainistiú 8,275 éileamh gníomhach le €1.79bn de dhliteanas measta amuigh ag deireadh 2015.

### Éilimh a Shocrú

**97%**

Socraítear 97% de chásanna faillí cliniciúla a láimhseálann GÉS gan éisteacht sa chúirt a bheith ag teastáil

### Costais Dlí a Laghdú

**42%**

In 2015 shocraigh an GÉS billí costais a fuarthas ó thríú páirtithe do €18.1m – 42% de choigilteas ar na costais a éilíodh.

**NIMS**

**Bainistíocht Riosca a Fheabhsú**

Tar éis rolladh amach an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT), is í Éire an chéad tír ar domhan a mbeidh córas aonair TFC aici le tacú le bainistiú riosca ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear an earnáil cúram sláinte.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Willie Walsh** | Cathaoirleach

**Ba bhliain í 2015 inar tharla mórathruithe do GBCN de réir mar a neadaíodh ár struchtúr nua rialachas comhtháite agus a cuireadh tús le hoibríochtaí Chiste Infheistíochta Straitéisí Éireann. Lena chois sin, ba bhliain í ina raibh gnóthachtáil thréan ar fud ár n-údarás gnó. D'eisíomar €13bn de bhannaí ag torthaí ísle agus meánaibíocht fhada, rud a d'fhág ár n-ualach fiachais níos inbhuanaithe. Sa chéad bhliain aige, thug CISÉ gealltanais dar suim €759m d'infheistíochta Éireannacha agus tá sraith deiseanna infheistíocht tráchtála forbartha aige a thacóidh le gníomhaíocht eacnamaíochta agus le cúrsaí fostaíochta. Go luath in 2016, d'oibríomar ar forbairt straitéis chorparáideach chun a chinntiú go leanfaidh GBCN de luach fadtéarmach a sholáthar don Stát.**

I mí na Nollag 2014 rinneadh mórathruithe ar struchtúr rialachais GBCN. Bunaíodh struchtúr nua foriomlán boird ar a raibh freagracht as maoiniú, infheistíocht, airgeadas agus seachadadh tionscadail, airgeadas corparáideach agus feidhmeanna bainistíocht éileamh agus riosca GBCN. Ceann de chuspóirí an struchtúir nua rialachais shimplithe in GBCN cur chuige níos comhtháite a éascú i leith chur i gcrích shainorduithe gnó GBCN. D'oibrigh mé féin agus mo chomhghleacaithe ar an mbord i ndlúthpháirt leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann bhainistíochta sa chéad bhliain againn chun é seo a ghnóthú. Léiríodh na buntáistí, ní hé amháin inár n-údaráis ghnó ach inár bhfeidhmeanna corparáideacha fosta, atá mar inneall oibríochta GBCN agus a bhfuil ríthábhacht leo má tá an rath i ndán dár n-údaráis.

Ar na chéad tascanna a bhí ag an mBord nua bhí bailchríoch a chur ar Straitéis Infheistíochta CISÉ, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena údarás bonnlíne dúbailte a fheidhmiú chun toradh tráchtála a chruthú agus tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta agus cúrsaí fostaíochta. Cuirtear san áireamh sa straitéis peirspictíocht, solúbthacht agus cumas fadtéarmach CISÉ infheistíocht bhreise a mhealladh ó chomhpháirtithe domhanda agus Éireannacha d'fhonn díriú ar infheistíochtaí trína ngnóthaítear tionchar eacnamaíoch. Tá critéir stóinsithe bunaithe againn fosta i gcomhair infheistíochtaí CISÉ chun a chinntiú gur léir go bhfuil tionchar eacnamaíoch acu agus nach ndéanann siad ach díreach teacht in ionad infheistíochtaí eile a tharlódh cibé ar bith.

Sna chéad mhíonna de 2016 dhíríomar ar fhorbairt straitéis chorparáideach GBCN le cur agus tacú lenár n-údaráis ghnó agus lena gcuspóirí straitéiseacha gnó. Is é an cuspóir aontaithe atá ag ár n-údaráis éagsúla uile, sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú go stuama ar bhonn tráchtála. Tá ár gcuid oibre ar an straitéis chorparáideach bunaithe ar na comhspriocanna a shainaithint atá ríthábhachtach leis an gcuspóir seo a bhaint amach agus is iad na comhspriocanna seo a chuireann bonn eolais faoi gach rud a dhéanaimid. Tá bailchríoch ar an straitéis anois agus, ar aon dul le struchtúr nua rialachais GBCN, cinnteofar go dtabharfar treoir shoiléir straitéiseach i ngach cuid den eagras.

Tiomnaíonn sé an t-eagras do cheithre sprioc straitéiseacha chun tacú lena sainorduithe gnó. Is é sprioc fhadtéarmach GBCN luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Mar gheall ar na trí sprioc thacaíochta – ár gclú a choinneáil agus a fheabhsú, ár gcumais a fhorbairt mar eagras oiriúnaitheach, agus ár ndaoine a chumasú lena n-acmhainn a bhaint amach – beimid in ann luach fadtéarmach a chur ar fáil agus feidhmíocht ghnó inbhuanaithe a thógáil ag an am céanna. Is iad na spriocanna seo a chuirfidh bonn eolais faoinár socrú cuspóirí mar chuid dár bpróiseas pleanála bliantúil agus cuirfear fócas agus fuinneamh ar fáil fosta le GBCN a thabhairt chun cinn feasta.

Ba é 2015 comóradh 25 bliain bhunú GBCN. Bunaíodh GBCN in 1990 mar ghníomhaireacht bheag shainiúil chun an Fiachas Náisiúnta a bhainistiú. Tá fás suntasach tagtha air le cúig bliana fichead anuas ó d'iarr an Rialtas air réimse d'fheidhmeanna breise margadh tráchtála a dhéanamh ar son an Stáit. D'éirigh le GBCN a sainorduithe a sholáthar san am atá caite mar gheall ar a lárnaí atá a chur chuige atá bunaithe ar thorthaí, so-athraithe agus solúbtha. Tá an cur chuige seo i measc na gcroíbhuanna s'againn agus muid ag forbairt na heagraíochta le tabhairt faoi na dúshláin éagsúla a bheidh roimhe sna blianta atá le teacht.

Tá tiomantas mór ama de dhíth chun struchtúr nua rialachais a bhunú in eagras atá ag feidhmiú leis agus ba mhaith liom buíochas a ghabhail le mo chomhghleacaithe Boird agus coiste as a gcuid oibre le linn 2015. Ba mhaith liom buíochas a ghabhail leis an lucht bainistíochta agus lena bhfoireann fosta as an ionchur a bhí acu sa bhliain an-rathúil a bhí againn. Tá mé ag tnúth in 2016 le tógáil ar an dul chun cinn tréan atá déanta againn le 12 mhí anuas agus leanúint de sholáthar ár sainorduithe gnó chun luach fadtéarmach a ghnóthú don Stát.

**Willie Walsh**
Cathaoirleach

# Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh



**Conor O'Kelly** | Príomhfheidhmeannach

**In 2015, bhí páirt shuntasach ag GBCN i bhfás agus i dtéarnamh eacnamaíochta na hÉireann. Thapaíomar an deis a bhain le héileamh láidir infheisteoirí agus d'eisigh €13bn de bhannaí 1.51% de mheántoradh ualaithe agus díreach faoi bhun 18 mbliana de mheánaibíocht ualaithe. Sa chéad bhliain aige, thug CISÉ gealltanais dar suim €759m d'infheistíochtaí tráchtála Éireannacha a thacóidh fosta le gníomhaíocht eacnamaíochta agus le cúrsaí fostaíochta. Rinne an GAFN dul chun cinn suntasach i soláthar réimse de thionscadail bonneagair agus tá fás leanúnach ar a leithne atá na ceisteanna ina n-iarrtar ar RÉnua comhairle ar airgeadais corparáideach a thabhairt. Chuir an GÉS a chóras nua bainistíochta riosca ceann-le-ceann i bhfeidhm ar bhonn céimneach, a chuirfidh feabhas mór ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse, othar agus fostóirí i ngach cuid den earnáil cúram sláinte poiblí agus in údaráis Stáit níos mó.**

Le linn 2015, leanadh de na feabhsúcháin i ndinimicí fhiachas poiblí na hÉireann trínar léiríodh cumasc d'fhás láidir eacnamaíochta agus feabhsúcháin bhreise san airgeadas poiblí. Thit Fiachas Ginearálta Rialtais na Éireann chuig níos lú ná 94% de OTI ag deireadh 2015 agus táthar ag tuar go dtitfidh sé faoi bhonn 90% de OTI faoi dheireadh 2016. I measc théamaí na bliana bhí teannadh i raoin difríochta na hÉireann i gcroímhargaí san Eoraip agus téarnamh agus fás tréan na hÉireann á léiriú i bpraghsanna bannaí Éireannacha.

Is mar gheall air seo a thapaigh GBCN an deis a bhain le rátaí úis níos ísle agus aibíochtaí níos faide a bhuanú agus d'eisigh €13bn de bhannaí 1.51% de mheántoradh ualaithe agus díreach faoi bhun 18 mbliana de mheánaibíocht ualaithe. Cuirtear é seo i gcomparáid le 2.84% de mheántoradh ualaithe agus díreach faoi bhun 12 bhliain de mheánaibíocht ualaithe ar eisiúint €11.75bn de bhannaí 2014. I mí Feabhra 2015, baineadh garsprioc shuntasach amach nuair a chuir éileamh tréan ó infheisteoirí ar chumas na hÉireann den chéad uair banna tagarmharcála 30 bliain dar suim €4bn a eisiúint. I mí an Mhárta chomhlánaíomar aisíoc luath beagán os cionn €18bn d'iasachtaí CAI agus cuireadh ina n-áit maoiniú margaidh níos saoire a ghin coigiltis úis os cionn €1.5bn thar shaolré bunaidh iasachtaí CAI.

Bhí tionchar dearfach ag na rátaí níos ísle seo ar sheirbhís an ualaigh fiachais. Thit ús ar an bhFiachas Náisiúnta go dtí díreach faoi €7bn in 2015, ó bheagnach €7.5bn an bhliain roimhe.

D'ainneoin na dinimicí fiachas atá againn a bheith fabhrach faoi láthair, tá dúshláin romhainn. Níor chóir go measfaí faoina luach an timpeallacht thacúil a cuireadh ar fáil trí éascú cainníochtúil BCE I dtéarmaí absolúideacha, ag €201bn, tá ár bhfiachas an-ard fós. Lena chois sin, tá breis agus €47bn againn d'fhiachas atá ag teacht in aibíocht agus le hathmhaoiniú sna margaí idir 2018 agus 2020. Chomh fada agus a fhanann ár bhfiachas ag leibhéil ardaithe, táimid an-leochaileach maidir le forbairtí diúltacha eacnamaíochta bíodh siad sa bhaile, ag leibhéal na hEorpa nó ar bhonn domhanda.

Ba bhliain tháirgiúil í an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí ag CISÉ agus tiomantais dar suim €759m déanta aige do dheiseanna infheistíochta a chomhlíonann a dhé-shainordú chun infheistiú in Éirinn ar bhonn tráchtála ar dhóigh a thacóidh le gníomhaíocht eacnamaíochta agus le cúrsaí fostaíochta. Nuair a chuirtear san áireamh infheistíochtaí CNP roimhe seo, €2.2bn an tsuim iomlán de thiomantais CISÉ in Éirinn ag deireadh 2015.

Is iad na difreálaithe príomha atá ag CISÉ i gcomparáid le cineálacha eile maoinithe a chumas "caipiteal foighneach" fadtéarmach a sholáthar agus bheith in ann infheistiú de réir mar is gá ar fud an struchtúir chaipitil. Is páirtnéir tarraingteach é fosta ag infheisteoirí tríú páirtí. Go deimhin, ba é an toradh ar shamhail CISÉ comh-infheistíocht a iarraidh ó lucht caipitil san earnáil phríobháideach, suim iomlán €5.4bn tiomnaithe d'Éirinn ag deireadh 2015 – 2.5 oiread thiomantas CISÉ.

Chuaigh an CISÉ i mbun clár dian feasacht agus rannpháirtíocht mhargaidh in 2015 agus réitigh sé sin an bealach i gcomhair clár infheistíochta a mhairfidh go ceann na mblianta. Ag éirí as sin, tá soláthar láidir, gníomhach aige d'infheistíochtaí féideartha ar aidhm dóibh brabús tráchtála agus tionchar eacnamaíochta araon.

Ba é soláthar thionscadail CPP, lena n-áirítear iad siúd laistigh den Chlár um Spreagadh Bonneagair 2012, príomhfhócas ghníomhaíocht GAFN in 2015. Tá GAFN freagrach as soláthar tionscadail CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu. Tá Beart Scoileanna 4, a chuirfidh áit do 3,000 dalta ar fáil, ar shéala a bheith críochnaithe agus tá tús curtha le hobair thógála ar CPP na gCúirteanna agus na seacht dtionscadal ar fad sceidealaithe le bheith ag feidhmiú go hiomlán faoi mhí na Nollag na bliana seo chugainn. Leanann GAFN de bheith ag obair i ndlúthpháirt le BEI d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an maoiniú atá éifeachtach ó thaobh costais atá ar fáil do bhonneagar na hÉireann - trí sholáthar maoiniúcháin agus trí feabhsúchán creidmheasa do CPPanna agus iasachtaí díreacha Státchiste. Soláthar €200m do thionscadail cosanta tuilte an ceann is déanaí i mí na Nollag 2015.

Tá RÉnua ag leanúint dá inniúlachtaí a fhorbairt mar shainionad saineolas ar airgeadas corparáideach don Rialtas agus tá méadú ar an réimse saincheisteanna a atreoraítear chuige, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le forais lasmuigh dá chroí-shainchúram. Chuir RÉnua comhairle thráchtála agus airgeadais ar fáil don Rialtas i réimse leathan earnálacha lena n-áirítear fuinneamh, iompar, bithmhais agus teileachumarsáid le linn 2015. I measc na saincheisteanna seo bhí atheagrú Ervia trí bhunú oibríochtúil Gas Networks Ireland, comhfhiontar Bhord na Móna agus Coillte, tairiscint IAG ar Aer Lingus agus úinéireacht agus roghanna maoinithe don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá RÉnua ag leanúint fosta de bheith ag obair i gcomhpháirt le comhlachtaí tráchtála Stáit laistigh dá théarmaí tagartha ar fheabhsú an Chreata Ionchais Scairshealbhóirí ina leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí beartais, feidhmíocht airgeadais an Rialtais agus riachtanais tuairiscithe do gach comhlacht. Ba é forbairt spriocanna airgeadais foirmiúla agus polasaithe díbhinne fócas na hoibre in 2015.

Leantar den fhás ar obair na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ó Aibreán 2014 go Meitheamh 2015, méadaíodh faoi bhreis agus a dhó an líon údaráis a tháinig faoina réimse tagartha ó 56 go 129. Bhí Gníomhaireacht Éilimh an Stáit ag bainistiú 8,275 éileamh ghníomhacha le €1.79bn de dhliteanas measta amuigh ag deireadh 2015. Seirbhísí máithreachais ba chúis le €0.9bn den dliteanas measta seo agus is tosaíocht bhainistíochta riosca iad. Le linn 2015 d'fhoilsigh an GÉS athbhreithniú cúig bliana ar theagmhais chliniciúla agus éilimh i seirbhísí máithreachais agus gínéiceolaíochta. Lena chois sin, rinne siad sraith cuairteanna mionsonraithe ar shuíomhanna d'fhonn rioscaí sainiúla náisiúnta agus suímh a shainaithint.

In 2015 thosaigh GÉS rolladh amach an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT) ar fud na hearnála cúraim sláinte phoiblí agus údaráis Stáit níos mó eile. Is í Éire an chéad tír ar fud an domhain a mbeidh córas aonair TFC aici le tacú le bainistiú riosca ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear earnáil an chúraim sláinte. Roghnaigh Marsh ClearSight ó na Stáit Aontaithe, atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain sna réitigh bainistíocht riosca, CNBT mar bhuaiteoir a dhámhachtana in 2015 ar son Feabhas sa Nuálaíocht. Cuirfidh CNBT ar fáil freagairtí bainistithe agus maolaithe a chinnteoidh sábháilteacht lucht úsáidte seirbhísí, othar, fostaithe Stáit agus, sa deireadh, a laghdóidh costas éilimh in éadan an Stáit amach anseo.

Sna tuairimí a léirigh mé sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh, dúirt mé go raibh fócas GBCN ag malartú ó bhainistíocht ghéarchéime go dtí fás eacnamaíochta agus téarnamh. Creidimid gur chuireamar tús an-láidir leis seo agus tá mé ag dúil le leanúint den dul chun cinn le linn 2016. Rinne an Cathaoirleach tagairt ina chuid tuairimí don obair atá déanta againn ar fhorbairt straitéis chorparáideach GBCN. Ag croí na straitéise seo tá aithint thábhacht chriticiúil ár bhfoirne agus an gá atá le timpeallacht oibre a thairiscint a chuireann ar chumas fhostaithe GBCN a lánacmhainneacht a bhaint amach. Mar Phríomhfheidhmeannach, táim tiomanta do chultúr corparáideach oscailte, trédhearcach a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhéincheannaireacht, comhoibriú agus foghlaim. Is mian liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa GBCN as an tacaíocht a thug siad dom le linn na chéad bhliana an-suimiúil a bhí agam mar Phríomhfheidhmeannach Thar ceann fhostaithe GBCN, is mian liom buíochas a ghabháil fosta leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as an tacaíocht agus an tiomantas a thug siad le cuidiú linn ár gcuspóirí a bhaint amach.

**Conor O'Kelly**
Príomhfheidhmeannach

# Straitéis Chorparáideach

Ceann de chuspóirí an struchtúir nua rialachais shimplithe in GBCN is ea cur chuige níos comhtháite a éascú i leith chur i gcrích shainorduithe gnó GBCN. Ag tacú leis an gcuspóir seo, tá *Straitéis Chorparáideach 2016-2018* uileghabhálach forbartha ag GBCN le tacú lena aonaid ghnó a sainorduithe a chomhlíonadh.

Tá an straitéis chorparáideach bunaithe ar na comhspriocanna a shainaithint atá ríthábhachtach le cuspóirí gnó GBCN a bhaint amach. Tiomnaíonn sé an eagraíocht do cheithre sprioc straitéiseacha. Baineann na spriocanna seo le luach fadtéarmach a bhaint amach don Stát trí bheith oiriúnaitheach agus cumhacht dhaoine agus chlú GBCN a ghiaráil.

## Ár gCuspóir

### Sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú go stuama ar bhonn tráchtála

Cuirimid luach ar fáil don Stát inniu trí dhíriú ar ár scileanna, acmhainní agus iarrachtaí maidir lenár sainorduithe a chomhlíonadh mar atá sannta faoi láthair ag an Rialtas.

Cuirfimid luach ar fáil don Stát freisin trína chinntiú go bhfuil na cumais chearta againn le freagairt ar dhúshláin amach anseo de réir mar a thagann siad chun cinn. A aithint go bhfuil an t-athrú dosheachanta agus má táimid inoiriúnaitheach is féidir linn freagairt go tapa agus go cinntitheach.

## Ár Spriocanna

### Cuirfimid luach fadtéarmach ar fáil don Stát

Mar gheall ar na sainorduithe atá againn tá gá le fócas fadtéarmach inár ngníomhaíochtaí go léir. Is é an tsaintréith seo atá mar bhonn eolais lenár bpleanáil gnó agus cinnteoireacht.

### Coinneoimid agus feabhsóimid ár gclú maidir le luach a chur ar fáil don Stát

Déanann GBCN ionadaíocht ar son an Stáit i margaí airgeadais agus tá clú láidir i measc ár bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach le go mbeimid in ann torthaí níos fearr a bhaint amach don Stát.

### Forbróimid ár gcumais mar eagraíocht inoiriúnaitheach

De bhrí go bhfuilimid inoiriúnaitheach is féidir le GBCN freagairt do dhúshláin agus dheiseanna nua agus sinn ag cur seirbhísí gairmiúla agus saineolais ar fáil dár bpríomhpháirtithe leasmhara.

### Cuirfimid ar chumas ár ndaoine a n-acmhainn a bhaint amach – go haonarach agus le chéile

Is iad na rudaí is tábhachtaí le haghaidh rath GBCN – agus is amhlaidh a bheidh feasta – a chuid daoine agus a chultúr. Creidimid in eagraíocht ina bhfaigheann soláthar de réir cuspóirí tacaíocht ó chultúr féincheannaireachta, comhoibrithe agus foghlama.

Is é príomh sprioc GBCN luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Mar gheall ar na trí sprioc thacaíochta – ár gclú a choinneáil agus a fheabhsú, ár gcumais a fhorbairt mar eagraíocht oiriúnaitheach, agus ár ndaoine a chumasú lena n-acmhainn a bhaint amach – beimid in ann luach fadtéarmach a chur ar fáil agus feidhmíocht ghnó inbhuanaithe a thógáil ag an am céanna. Tá plean rollach trí bliana nua ceaptha ag GBCN, le bearta feidhmíochta comhtháite ina phróiseas pleanála bliantúil leis an bhfócas fadtéarmach seo a éascú.

Tá tuilleadh faisnéise ar an *Straitéis Chorparáideach 2016-2018* ar fáil ag **ntma.ie/publications**.

# Athbhreithniú Gnó

# Maoiniú agus Bainistiú Fiach

## RÁTAÍ ÚIS ÍSLE AGUS AIBÍOCHTAÍ FADA A CHOINNEÁIL

- D'eisigh GBCN bannaí €13bn le linn 2015 ag meántoradh ualaithe 1.51% agus meánaibíocht ualaithe de thréimhse díreach faoi 18 mbliana.
- I mí Feabhra 2015 d'eisigh GBCN an chéad bhanna tagarmhairc 30 bliain in Éirinn. Cruinníodh €4bn san iomlán ag ualú 2.09%.
- I Márta 2015, chuir GBCN i gcrích athíocaíochtaí luatha iasachtaí a fuair Éire ón CAI. Aisíocadh díreach os cionn €18bn d'iasachtaí CAI ar ais go luath a ghin coigiltis úis os cionn €1.5bn thar shaolré bunaidh na n-iasachtaí.

## DINIMICÍ FIACHAIS A FHEABHSÚ

- Thit Fiachas Ginearálta Rialtais chuig níos lú ná 94% de OTI ag deireadh 2015. Beagán os cionn 120% ag deireadh 2012 an figiúr ab airde.
- Nuair a chuirtear airgead tirim agus sócmhainní eile san áireamh, thit Glanfhiachas Ginearálta an Rialtais chuig níos lú ná 80% de OTI ag deireadh 2015.
- Ba é 12.3 bliain ag deireadh 2015 meánaibíocht ualaithe mheasta fiachas fadtéarmach, sodhíolta agus oifigiúil na hÉireann.

## COSTAIS ÚIS A LAGHDÚ

- Thit ús ar an bhFiachas Náisiúnta go dtí díreach faoi €7bn in 2015, ó bheagnach €7.5bn in 2014 – an chéad titim bliain ar bhliain ó 2008.

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Athbhreithniú ar an Margadh

Thit torthaí bannaí deich mbliana na hEorpa go luath in 2015 nuair a bhíothas ag dúil le tabhairt isteach bhearta éascú cainníochtúla BCE i mí an Mhárta. Bhí torthaí luaineach le linn mhíonna an tsamhraidh agus tharla leasú praghsála. 1.78% i Meitheamh an figiúr is airde ag torthaí deich mbliana na hÉireann, sular thosaigh an treocht chun laghdaithe arís ag deireadh na bliana. Druideadh iad ag 1.15% ag deireadh mhí na Nollag.

### Torthaí Bannaí Rialtais 10 mBliana 2015




*Foinse: Bloomberg*

I measc théamaí na bliana bhí teannadh i raoin difríochta na hÉireann i gcroímhargaí san Eoraip. Thosaigh rannpháirtithe margaidh, ó thug siad faoi deara téarnamh agus fás stóinsithe na hÉireann, ag praghsáil bhannaí na hÉireann níos gaire do thíortha amhail an Fhrainc agus an Bheilg.

### Raoin Difríochta 10 mBliana na hÉireann

| | % Deireadh 2014 | % Deireadh 2015 |
|---|---|---|
| An Ghearmáin | 0.71 | 0.52 |
| An Fhrainc | 0.43 | 0.16 |
| An Bheilg | 0.43 | 0.18 |
| An Spáinn | -0.36 | -0.62 |

## Gníomhaíocht Mhaoinithe

### Maoiniú Fadtéarmach

D'eisigh GBCN bannaí ar fiú €13bn iad le linn 2015 ag meántoradh ualaithe de 1.51% agus meánaibíocht ualaithe de thréimhse díreach faoi 18 mbliana. Cuirtear é seo i gcomparáid le 2.84% de mheántoradh ualaithe agus díreach faoi bhun 12 mbliana in 2014. Chuir dálaí fabhracha margaidh agus éileamh daingean infheisteoirí ar pháipéar fad-dáta ar chumas GBCN aibíochtaí níos faide a ghnóthú ag rátaí ísle úis.

Chuaigh GBCN i gceann dhá shindeacáitiú bannaí in 2015. Sa chéad cheann eisíodh banna seacht mbliana i mí Eanáir. Cruinníodh €4bn san iomlán ag ualú 0.87%. Ina dhiaidh sin i mí Feabhra eisíodh banna nua 30 bliain agus cruinníodh €4bn san iomlán ag ualú 2.09%.

Ba é seo an chéad bhanna tagarmharcála 30 bliain ag Éirinn agus léirigh réimse d'infheisteoirí spéis shuntasach ann. As an €4bn a cruinníodh, is infheisteoirí eachtracha a thug 95%. Ba iad bainisteoirí sócmhainne, bainisteoirí cistí, cistí pinsin agus comhlachtaí árachais na príomhchatagóirí infheisteoirí.

### Sindeacáitiú Banna 30 Bliain de réir Ceantar Geografach




Bhí 6 cheant bannaí ag GBCN le linn na bliana agus cruinníodh suim iomlán de €5bn.

### Ceantanna Bannaí GBCN 2015

| Dáta an Cheant | Ainm an Bhanna | Méid an Cheant €m* | % Toraidh | Cóimheas Tairiscint /Clúdach |
|---|---|---|---|---|
| 12 Feabhra | Banna Státchiste 2.4% 2030 | 500 | 1.56 | 3.15 |
| 12 Márta | Banna Státchiste 2% 2045 | 1,000 | 1.31 | 2.07 |
| 14 Bealtaine | Banna Státchiste 0.8% 2022 | 750 | 0.81 | 2.70 |
| 11 Meitheamh | Banna Státchiste 2.4% 2030 | 750 | 2.22 | 2.85 |
| 10 Meán Fómhair | Banna Státchiste 2.4% 2030 | 1,000 | 1.82 | 2.75 |
| 8 Deireadh Fómhair | Banna Státchiste 2.4% 2030 | 1,000 | 1.65 | 2.28 |

**níl fáltais ó cheantanna neamhiomaíocha áirithe anseo*

## Aisíocaíocht Iasacht CAI

Fuair Éire cead i mí na Samhna 2014 chun aisíocaíocht luath a dhéanamh ar an gcion d'iasachtaí CAI atá faoi réir an ráta úis is airde.

Idir Nollaig 2104 agus Márta 2015, rinne Éire aisíocaíochtaí luatha dar suim iomlán beagán os cionn €18bn nó 81% den €22.5bn bunaidh a bhí in áis iasachta CAI a tugadh faoi chlár AE/CAI. Baineadh feidhm as €1.6bn den na fáltais ó dhíol agus fuascailt scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann CISÉ chun cuid den aisíocaíocht a mhaoiniú.

Dá thoradh seo, comhlíonadh na dualgais sceidealaithe aisíocaíocht bunairgid CAI a bhí le bheith dlite idir Iúil 2015 agus Eanáir 2021. Tá an chuid is costasaí d'iasachtaí CAI íoctha ar ais go hiomlán rud a ghin coigiltis úis os cionn €1.5bn thar shaolré bunaidh na n-iasachtaí agus, dá thoradh, tá tuilleadh feabhsúcháin ar inbhuanaitheacht fiachais.

## Maoiniú Gearrthéarmach

Leanadh de chlár Billí Státchiste GBCN i rith 2015 agus tionóladh trí cheant le le linn na bliana. De thoradh bheartais fáis airgeadaíochta BCE, bhí Éire in ann fiachas gearrthéarmach a eisiúint ag rátaí diúltacha úis. Ní raibh billí státchiste ar bith gan íoc ag deireadh 2015.

Chloígh GBCN fosta le clár Páipéar Tráchtála Ilairgeadra na hÉireann in 2015. Bhí €1bn fós gan íoc ag deireadh 2015. Eisíodh fiachas gearrthéarmach fosta i bhfoirm Nótaí Státchiste agus Nótaí Lár-Chisteáin, d'infheisteoirí baile institiúideacha go príomha.

## Coigilteas Stáit

Is é State Savings (Coigilteas Stáit) an t-ainm branda a úsáideann GBCN maidir leis an réimse táirgí coigiltis a thairgtear do choigilteoirí pearsanta. Le linn 2015, bhí glan-insreafaí €0.4bn isteach i dtáirgí Coigilteas Stáit agus ag deireadh 2015, ba é €19.5bn an tsuim iomlán a bhí fós gan íoc.

### Táirgí Coigiltis Stáit

| | Iomlán Gan íoc ag Deireadh 2015 €m | Insreabhadh Glan/ (Eis-sreabhadh) in 2015 €m |
|---|---|---|
| Bannaí Coigiltis | 4.366 | (744) |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 3.445 | 869 |
| Cairteacha Coigiltis | 5.915 | (126) |
| Tráthchoigiltí | 485 | 4 |
| Duaisbhannaí | 2.481 | 305 |
| Cuntais Taisce | 2.764 | 94 |
| **Iomlán** | **19,456** | **402** |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.*

## Próifíl Fiachais

Is é is Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) ann ná tomhas ar ollfhiachas comhdhlúite iomlán an Stáit. Is é an tomhas a úsáidtear chun críocha comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh é.

€201.3bn nó 93.8% de OTI a bhí FRG na hÉireann ag deireadh 2015. Tá an cóimheas FRG/OTI tite go mór ón bhfigiúr is airde, 120%, ag deireadh 2012, agus táthar ag tuar go dtitfidh sé a thuilleadh sa mheántéarma.

### Cóimheas FRG/OTI 2009 go 2021




*Foinse: CSO (2009-2015) agus Uasdátú Aibreán 2016 na Roinne Airgeadais (réamhaisnéisí 2016-2021)*

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Is olltomhas é FRG agus ní féidir iarmhéideanna airgead tirim na sócmhainní eile airgeadais a ghlanluacháil. Mar sin féin, cruthaíonn an CSO meastachán ar Ghlanfhiachas FRG agus ag deireadh 2105 is €171.4bn nó 79.8% de OTI a bhí ann.

Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an **glanfhiachas** atá tabhaithe ag an Státchiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh. Is é an príomhchuid de FRG ná an Ollfhiachas Náisiúnta. Ní bhaineann freagrachtaí GBCN ach le bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta.

### Ollfhiachas Náisiúnta ag deireadh 2015

| | €bn |
|---|---|
| Bannaí Rialtais | 125.1 |
| Maoiniú Chlár AE/CAI | 49.7 |
| Fiachas Eile Meántéarmach agus Fadtéarmach (MLT) | 1.2 |
| Scéimeanna Coigiltis Stáit* | 16.7 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3.9 |
| **Ollfhiachas Náisiúnta** | **196.6** |
| Lúide Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile | 13.6 |
| **Fiachas Náisiúnta** | **183.1** |
| | |
| **Ollfhiachas Náisiúnta** | **196.6** |
| Coigeartuithe Fiachas Rialtais Ghinearálta | 4.6 |
| **Fiachas Rialtais Ghinearálta** | **201.3** |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.*

**Áirítear le Scéimeanna Coigilteas Stáit freisin airgead a chuireann taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist (BTP) nach bhfuil ina chuid den Fhiachas Náisiúnta. Tugtar na cistí sin ar iasacht don Státchiste go príomha mar airleacain ghearrthéarmacha agus trí Bhannaí Rialtas na hÉireann a cheannach. Nuair a chuirtear san áireamh Taiscí POSB, €19.5bn Coigilteas Iomlán Stáit ag deireadh 2015.*

*Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Staidrimh*

## Ollfhiachas Náisiúnta ag deireadh 2015



- Bannaí Státchiste Ráta Sheasta **51.6%**
- Clár AE/CAI **25.3%**
- Bannaí Ráta Chomhlúthaigh **11.5%**
- Bannaí Amúchta **0.5%**
- Táirgí Coigiltis Stáit **8.5%**
- Fiachas Gearrthéarmach **2.0%**
- Eile **0.6%**

| | Suim | Meánaibíocht |
|---|---|---|
| **Bannaí Státchiste Ráta Sheasta** Eisithe d'infheisteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta, go príomha trí shindeacáitithe agus ceantanna rialta. | €101.5bn | 6.8 bliana |
| **Clár AE/CAI** Iasachtaí a cuireadh ar fáil faoi chlár AE/CAI in 2010. | €50.3bn* | 13.9 bliana |
| **Bannaí Ráta Chomhlúthaigh** Eisithe don Bhanc Ceannais mar mhalairt ar na Nótaí Gealltanais a cuireadh ar fáil do CÉRB tar éis leachtú CÉRB in 2013. | €22.5bn | 33 bliana |
| **Bannaí Amúchta** Bannaí a íocann suim chomhionann gach bliain ina gcuimsítear an phríomhshuim agus ús. Eisithe le riar ar riachtanais thionscal pinsean na hÉireann. | €1.1bn | 15.4 bliana |
| **Fiacha Fadtéarmacha Indíolta agus Oifigiúil Iomlána** | €175.4bn | 12.3 bliana |
| **Coigilteas Stáit** Táirgí coigilteas miondíola arna gcur ar fáil don phobal i gcoitinne trí Oifig an Phoist. | €16.7bn | |
| **Páipéar Gearrthéarmach** Eisithe d'infheisteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta faoi chláir éagsúla le 12 mhí aibíochta nó níos lú. | €2.3bn** | |

** Lena n-áirítear €0.5bn de chorrlach réamhíoctha maidir leis an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais.*
***Nach n-áirítear iasachtaí ó chistí faoi smacht an Aire Airgeadais.*

## Táirgeacht Fónaimh d'Fhiachas

Is iad bunchuspóirí GBCN i leith bainistiú fiach ná leachtacht leordhóthanach a chinntiú don Státchiste agus costais fónaimh d'fhiachas a bharrfheabhsú thar an meántéarma.

€6,979m glanchostas ús airgid thirim an Fhiachais Náisiúnta in 2015, breis bheag agus 6.5% níos lú ná suim chomhfhreagrach 2014. Ba é seo an chéad laghdú bliain-ar-bhliain ó bhí 2008 ann. Toisc shuntasach sa laghdú bliain-ar-bhliain sa bhille úis ab ea aisíocaíocht luath bhunús na hiasachta CAI agus maoiniú níos saoire, bunaithe ar an margadh a chur ina háit.

B'ionann agus 15.3% d'ioncam cánach an Státchiste an Fiachas Náisiúnta in 2015 i gcomparáid le 18.1% in 2014.

## Margadh Bhannaí Rialtais na hÉireann

Tá réimse aibíochtaí, a fhad le 2045, ag cuartha bhannaí tagarmharcála na hÉireann. Le cois sindeacáitithe agus ceantanna rialta, chuaigh GBCN i mbun roinnt bheag gníomhaíocht mhalairte i rith na bliana, mar chuid de ghnáthoibríochtaí margaidh. Chomh maith leis sin, rinne sé €1.5bn den bhanna 2038 ráta comhlúthach agus €1.5bn den bhanna 2041 ráta comhlúthach a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais a cheannach ar ais agus a chealú.

### Bannaí Státchiste Ráta Sheasta Rialtas na hÉireann

| Banna | An Dáta Aibíochta | Gan Íoc ag Deireadh 2015 €m* |
|---|---|---|
| Banna Státchiste 4.6% 2016 | 18 Aibreán 2016 | 8.132 |
| Banna Státchiste 5.5% 2017 | 18 Deireadh Fómhair 2017 | 6,389 |
| Banna Státchiste 4.5% 2018 | 18 Deireadh Fómhair 2018 | 9,256 |
| Banna Státchiste 4.4% 2019 | 18 Meitheamh 2019 | 7,700 |
| Banna Státchiste 5.9% 2019 | 18 Deireadh Fómhair 2019 | 6,767 |
| Banna Státchiste 4.5% 2020 | 18 Aibreán 2020 | 11.609 |
| Banna Státchiste 5.0% 2020 | 18 Deireadh Fómhair 2020 | 8.252 |
| Banna Státchiste 0.8% 2022 | 15 Márta 2022 | 4.863 |
| Banna Státchiste 3.9% 2023 | 20 Márta 2023 | 5.480 |
| Banna Státchiste 3.4% 2024 | 18 Márta 2024 | 8.137 |
| Banna Státchiste 5.4% 2025 | 13 Márta 2025 | 11,745 |
| Banna Státchiste 2.4% 2030 | 15 Bealtaine 2030 | 7,928 |
| Banna Státchiste 2.0% 2045 | 18 Feabhra 2045 | 5.101 |

*gan athshealbhuithe san áireamh*

€245bn láimhdeachas iomlán i luach bhannaí Rialtas na hÉireann in 2015, arna thuairisciú ag Stocmhalartán na hÉireann, i gcomparáid le €257bn in 2014. Bhí an láimhdeachas ag tús na bliana go tréan, go háirithe i mí Eanáir agus mí Feabhra de thoradh na heisiúna nua. Laghdaigh sé seo le linn mhíonna an tsamhraidh nuair a bhíothas ag meas go raibh margaí níos luainí gan bheith chomh leachtach. Mar sin féin, bhí méideanna láidre le sonrú arís ag deireadh na bliana agus tuairiscíodh gur €965m an méanláimhdeachas laethúil in 2015.

Forbairtí dearfacha i ngeilleagar na Éireann agus feabhas i ndinimicí fiachais ba chúis le huasghrádú creidmheasa go dtí A+ ó Standard and Poor's i Meitheamh 2015.

### Rátálacha Chreidmheas Flaithiúnais na hÉireann ag Deireadh 2015

| Gníomhaireacht Rátála | Rátáil fhadtéarmach | Rátáil ghearrthéarmach | Ionchas |
|---|---|---|---|
| Standard & Poor's | A+ | A-1 | Cobhsaí |
| Moody's | Baa1 | P-2 | Dearfach |
| Fitch Ratings | A- | F1 | Dearfach |

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Feidhmeanna Eile

Le cois iasachtaí a fháil don Státchiste agus bainistíocht fiachais, bíonn GBCN i mbun roinnt feidhmeanna bainteacha.

### Seirbhís Lárnach Cisteáin

Tógann Seirbhís Lárnach Cisteáin GBCN taiscí ó chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit le cois údaráis rialtais áitiúil, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó bhoird oideachais agus oiliúna agus tugann airleacain dóibh. Is é an cuspóir atá ann malairt iomaíoch ar earnáil na baincéireachta a thabhairt do na comhlachtaí sin agus iad i mbun gnó cisteáin agus, dá bhrí sin, coigilteas a bhaint amach don Státchiste ag an am céanna.

### Ciste na gCuntas Díomhaoin

Cuirtear ar ais chuig an Stát ar bhonn bliantúil iarmhéideanna i gcuntais díomhaoine i mbainc, cumainn tógála agus An Post agus luach in airgead polasaithe áirithe árachais saoil agus aisíoctar iad ar chúiseanna carthanachta nó cúiseanna leasa pobail. 15 bliana ón idirbheart deireanach a thionscain an custaiméir an tréimhse chun díomhaointeas a shocrú. I gcás polasaithe árachais saoil lena ngabhann téarma sonraithe, is í an tréimhse ná cúig bliana tar éis dheireadh an téarma sin. Féadann sealbhóirí cuntais agus polasaí a gcuid airgid a éileamh ón institiúid airgeadais ábhartha am ar bith.

Ar feitheamh íoc amach, déanann GBCN bainistíocht ar an airgead i gCiste na gCuntas Díomhaoin. Bhí €242m faoi bhainistíocht GBCN ag deireadh 2015. Aistríodh €53.9m chuig an Chiste in 2015 agus éilíodh €17.4m de chistí a bhí díomhaoin roimhe. Aisíocadh suim iomlán €8.9m ón gCiste in 2015.

### Gníomhaíochtaí Eile

Bíonn GBCN i mbun na bhfeidhmeanna seo a leanas fosta:

- Oibritheoir scéime ar Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) 2009 inar foráladh do ráthaíocht dliteanas áirithe bainc. Scoradh Scéim RDI maidir le dliteanais nua le héifeacht ó mheán oíche 28 Márta 2013.
- Maoiniú a thabhairt don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe faoina Chlár Nóta Ráthaithe €5bn gearrthéarmach agus meántéarmach.
- Dul i gceann oibríochtaí bainistíochta laethúla gearrthéarmacha airgid thirim le leibhéal iarmhéideanna airgead tirim an Rialtais a rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tugtar faoi seo mar chuid den bhainistíocht iomlán ar leachtacht i limistéar an euro ag an mBanc Ceannais Eorpach.
- Bainistíocht Chiste Carbóin na hÉireann.

# Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

## AG INFHEISTIÚ IN ÉIRINN

- Le linn 2015, thug CISÉ gealltanais dar suim €759m d'infheistíochtaí a thacóidh le gníomhaíocht eacnamaíochta agus le cúrsaí fostaíochta.
- Ba é €2.2bn suim iomlán infheistíochtaí geallta CISÉ in Éirinn ag deireadh 2015 agus tarraingíodh anuas €1bn de sin faoi dheireadh 2015.
- Méadaíonn comh-infheistíocht ó chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach an t-iomlán tiomnaithe d'Éirinn go €5.4bn – 2.5 oiread thiomantas CISÉ.

## TIONCHAR SUNTASACH EACNAMAÍOCH A CHRUTHÚ

- Le linn 2015 thacaigh infheistíochtaí CISÉ le 108 gcuideachta/dtionscadal Éireannach, rud a chruthaigh:
  - €1,229m de chomhioncam.
  - €358m in easpórtálacha.
  - €505m i bpá agus i dtuarastail.
- Tacaítear le beagnach 18,000 post go díreach nó go hindíreach trí infheistíochtaí CISÉ.
- Chuir infheistíocht CISÉ beagnach €538m d'Oll-Luach Breise le geilleagar na hÉireann in 2015.

## AISTRIÚ CHUIG SAINORDÚ NUA INFHEISTÍOCHTA

- Lean CISÉ dá chlár ina leachtaítear de réir a chéile a shócmhainní domhanda le díriú ar infheistiú in Éirinn agus, i rith an ama agus ar aon dul lena shainordú reachtúil, ag iarraidh brabús a ghiniúint san fhadtéarma atá níos mó ná costas fhiachas Rialtas na hÉireann.
- Tá Straitéis Infheistíochta ísealriosca feidhmithe ag CISÉ lena shócmhainní domhanda le linn na tréimhse aistrithe ar toradh dó brabús infheistíochta 1.1% do Phunann Lánroghnach CISÉ in 2015.

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Straitéis Infheistíochta

### Sainordú ar leith

I mí na Nollag 2014, aistríodh sócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ). Tá sainordú 'bonnlíne dhúbailte' ag CISÉ infheistiú a dhéanamh in Éirinn ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheaptar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Cuireadh Punann Lánroghnach an CNP ar fáil don CISÉ lena chur ar a chumas infheistíochtaí a dhéanamh a chomhlíonann an sainordú bonnlíne dhúbailte seo. Leanfar de bhainistíocht Phunann Lánroghnach an CNP – go príomha infheistíochtaí polasaí poiblí sna bainc – faoi threoir an Aire Airgeadais.

Mar gheall ar shainordú bonnlíne dhúbailte CISÉ, tá sé ar an mbeagán cistí saibhreas flaithiúnais ar domhan a bhfuil sainordú acu cur le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíochta, le cois brabúis tráchtála a sholáthar. Tá d'iallach ar CISÉ brabús a ghiniúint san fhadtéarma atá níos mó ná costas fhiachas Rialtas na hÉireann agus tá sprioc feidhmíochta mheántéarmach +4% in aghaidh na bliana socraithe aige.

### Sainordú Infheistíochta CISÉ

#### Bonnlíne Dhúbailte

Agus sinn ag féachaint le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht chomh maith le toradh tráchtála a ghiniúint, tá riachtanas "Bonnlíne Dhúbailte" ag CISÉ don Chiste, a éilíonn go nginfidh infheistíochtaí uile an Chiste torthaí infheistíochta agus chomh maith leis sin tionchar eacnamaíoch dearfach a bheith aige in Éirinn.

#### Torthaí Infheistíochta

Laistigh de chomhthéacs bonnlíne dhúbailte CISÉ, caithfidh gach infheistíocht bheith ina n-infheistíochtaí tráchtála. Cé go mbeidh infheistíochtaí éagsúil maidir le torthaí ionchais, próifílí riosca agus frámaí ama, caithfidh gach ceann acu toradh ionchais a bheidh coigeartaithe go cuí de réir riosca a sholáthar maidir le gach infheistíocht.



#### Tionchar Eacnamaíoch

Ag díriú ar bhreisíocht gheilleagrach, tá fócas infheistíochta CISÉ ar infheistíochtaí a mhéadaíonn cumas táirgeachta gheilleagar na hÉireann agus a chuireann chun cinn a hearnáil fiontair. Mar gheall ar thréithe uathúla CISÉ – méid, dearcadh fadtéarmach, solúbthacht – is féidir leis díriú ar infheistíochtaí ar bhealach nach féidir le hinfheisteoirí agus airgeadaithe eile.

## Tosaíochtaí Infheistíochta

I mí Iúil 2015 d'fhoilsigh GBCN Straitéis Infheistíochta CISÉ, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Straitéis Infheistíocht CISÉ – Príomhghnéithe**

### Punann le Bonn Leathan

- ar fud earnálacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'fhuinneamh, uisce, eastát réadach, tithíocht, bia agus talmhaíocht, teicneolaíocht, cúram sláinte agus airgeadas.
- de réir cineálacha infheistíochta lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, fiontair agus bonneagar.
- de réir láthair réigiúnach a chuid infheistíochtaí.
- de réir aicme sócmhainne lena n-áirítear fiachas, maoiniú idirurláir, infheistíochtaí cothromais agus tionscadail.
- ina ndéantar iarracht tionchar athraitheach éigin a bhaint amach trí infheistíocht i "smaoineamh mór" amháin nó níos mó.

### Bearnaí Infheistíochta a Líonadh

Tairbhe a bhaint as príomhghnéithe difreáilte CISÉ, solúbthacht, fráma ama fadtéarmach agus inchreidteacht mar pháirtí infheistíochta flaithiúnais chun bearnaí infheistíochta a líonadh agus idirbhearta a chumasú nach mbeadh indéanta go héasca dá uireasa.

### Comhinfheistíocht

Comhpháirtithe comhinfheistíochta a mhealladh nuair is féidir ionas go n-iolrófar tionchar infheistíochtaí i ngeilleagar na hÉireann.

### Toradh

Rátaí toraidh oiriúnaithe coigeartaithe de réir riosca ceaptha le haghaidh saintréithe gach infheistíochta aonair.

Toradh iomlán fadtéarma punainne os cionn mheánchostas fhiachas an Rialtais.

## Infheistíochtaí in Éirinn

### Infheistíochtaí go deireadh 2015

Lena n-áirítear infheistíochtaí déanta ag a réamhtheachtaí (CNP) thiomnaigh CISÉ €2.2bn d'infheistíochtaí comhsheasmhacha lena sainordú infheistíochta faoi dheireadh 2015. Lena n-áirítear €3.2bn de cheangaltais ó thríú páirtithe, bhí €5.4bn san iomlán tiomnaithe d'Éirinn tríd an CISÉ.

**Caipiteal CISÉ tiomnaithe d'Éirinn faoi Dheireadh 2015**

| | | |
|---|---|---|
| €450m Uisce | €304m Bonneagar | €44m Fuinneamh |
| €325m Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide | €30m Bia & Talmhaíocht | €450m Eastát Réadach |
| €414m Fiontar | €56m Cothromas Díreach | €92m Eile |

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

In 2015 thiomnaigh an CISÉ €759m san iomlán do dheich n-infheistíocht nua ar fud réimse ilghnéitheach cineálacha idirbheartaíochta agus earnálacha.

**Infheistíochtaí CISÉ in Éirinn 2015**

| Ainm | Infheistíocht CISÉ €m | Cur Síos |
|---|---|---|
| MALIN | 50 | Infheistíocht chloch choirnéil in IPO €325m Malin Corporation, cuideachta phoiblí theoranta Éireannach a chuireann saineolas caipitil agus oibríochta i bhfeidhm i ngnólachtaí príobháideacha, réamh-IPO, réamhdhíolachán trádála i gcodanna dinimiciúla ardfháis den tionscal eolaíochtaí beatha. |
| FV FRONTLINE VENTURES | 11 | Tiomantas do Frontline Ventures I, ciste caipiteal fiontair €50m luathchéime a infheistíonn i gcuideachtaí luathchéime teicneolaíochta faisnéise an-nuálach, in Éirinn go príomha. |
| AMCS | 6 | Infheistíocht i mbabhta maoiniúcháin €45m le tacú le forbairt idirnáisiúnta AMCS atá lonnaithe i Luimneach. Is ceannaire domhanda é AMCS i réitigh bogearraí chomhtháite don tionscal dramhaíola agus athchúrsála. |
| Activate Capital (Innovative funding with capital strength) | 325 | Comhfhiontar €500m le KKR Credit le díriú go heisiach ar iasachtaí a thabhairt do thionscadail forbartha cónaí in Éirinn. |
| HIGHLAND CAPITAL PARTNERS | 10 | Tiomantas Highland Europe Fund II, ciste €330m fáis gnáthscaireanna a infheistíonn i gcomhlachtaí ardfháis idirlín, móibíleacha agus bogearraí in Éirinn, sa RA agus ar fud na hEorpa. |
| QUADRANT REAL ESTATE ADVISORS | 50 | Tiomantas €50m, le cois €50m ó chliaint institiúideacha Quadrant Real Estate, atá lonnaithe i SAM, le tionscadail forbartha oifige a chistiú in Éirinn. |
| UISCE ÉIREANN : IRISH WATER | 150 | Áiseanna iasachta dar suim iomlán €450m, rud is ionann agus athchistiú na háise €300m reatha de chuid an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus áis nua iasachta €150m. |
| Swrve | 11 | Infheistíocht chun tacú le straitéis forbartha idirnáisiúnta do chomhlacht bogearraí Swrve, ceannaire domhanda in earnáil ardfháis an uathoibrithe margaíochta in aipeanna a bunaíodh i mBaile Átha Cliath in 2007. |
| DCU | 54 | Maoiniú Fadtéarmach €54m a chuidíonn le soláthar cóiríochta mac léinn, a éascaíonn soláthar mhaoiniú comhthreomhar BIE agus a chumasaíonn Clár Forbartha Campais €230m de chuid DCU. |
| LEEDS Equity Partners | 92* | Infheistíocht chloch choirnéil $100m in Leeds Equity Partners Fund VI, infheisteoir ceannaireachta domhanda sna tionscail oideachais/eolais. Táthar ag súil go soláthróidh sé seo buntáistí fadtéarmacha, lena n-áirítear ceangailteacht dhomhanda, don mhórearnáil oideachais in Éirinn. |

**Tiomantas faofa, doiciméid dhleathacha arna gcomhaontú faoi réir faomhadh leaganacha forghníomhaithe agus ag brath ar thiomantais iomlána $400m ar a laghad san iomlán á ngnóthú ag Leeds.*

## Cás-Staidéar Infheistíochta

### Clár Forbartha Champas DCU

Tá DCU ag dul trí thréimhse ardfháis agus forbartha faoi láthair agus tá líon na mac léinn le méadú faoi bhreis agus 30% in 2016/2017 nuair a chónascfaidh sé le Coláiste Phádraig, Institiúid Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann i nDroim Conrach.

D'fhonn an fhorbairt seo a éascú, tá tús curtha ag DCU ar phlean forbartha €230m ar aidhm dó eispéireas na mac léinn ag an ollscoil a athrú go fisiciúil ar bhonn céimneach go ceann 2-3 bliana. Cuimsítear sa phlean tionscadail amhail foirgneamh nain-bhithanailíseach atá dírithe ar T&F, campas nuálaíochta a bheidh dírithe ar thráchtálaíocht, campas spóirt, ceannach coláistí atá ar na gaobhair agus cóiríocht nua do mhic léinn.

Tá maoiniú fadtéarmach €54m geallta ag an CISÉ le cuidiú leis an ollscoil breis agus 3,200 aonad lóistín mac léinn a sholáthar ar deireadh thiar agus iad ar fud champais na hollscoile.

Soláthraíonn maoiniú CISÉ fiachas fadtéarmach a bhfuil próifíl aibíochta aige nach bhfuil ar fáil faoi láthair i margadh baincéireachta na hÉireann. Tá bonn agus taca faoin maoiniú ag cás stóinsithe tráchtála a bhaineann leis an iomad bloc lóistín mac léinn ar na campais lena mbeidh sreafaí seasta airgid thirim fadtéarmacha. Scaoilfidh maoiniú den sórt seo maoiniú comhthreomhar fadtéarmach €76m ón BIE a thacaíonn le clár leathan infheistíochta DCU agus a chinntíonn go mbeidh an maoiniú caipitil atá de dhíth air le fáil ag ceann d'ollscoileanna ceannais na hÉireann lena n-aidhmeanna taighde, teagaisc agus foghlama a sholáthar sna blianta atá romhainn.



## Tionchar Eacnamaíoch

Is mian le CISÉ an chuid is mó dá chaipiteal a leithdháileadh ar earnálacha agus infheistíochtaí tosaíochta mar ar dóichí na tionchair is fearr eacnamaíochta agus, lena chois sin, a chinntiú go sásaíonn gach infheistíocht a chuspóirí brabús tráchtála.

San fhadtéarma, tá 80% de chaipiteal CISÉ dírithe ar infheistíochtaí inar dócha na tionchair is airde agus is inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta de. Tá an 20% eile dírithe ar infheistíochtaí a thabharfaidh gnóthachain ghearrthéarmacha eacnamaíochta, a chuirfidh borradh faoi ghníomhaíocht mhargaidh nó a rachaidh i ngleic le teagmhais de dhífheidhmiú margaidh. Ag deireadh 2015, bhí 62% de chaipiteal tiomanta in idirbhearta ardtionchair eacnamaíochta, agus 38% in idirbhearta ísealtionchair eacnamaíochta.

## Tionchar Geilleagrach CISÉ 2015

**18,000 post**
Tacaíonn infheistíochtaí CISÉ le beagnach 18,000 post go díreach nó go hindíreach.

**108 gcuideachta**
Ghin 108 gcuideachta €1,229m de láimhdeachas don bhliain airgeadais 2015 le 29% dá láimhdeachas ginte ó onnmhairí.

**€505m i bpá/tuarastail**
Shaothraigh fostaithe na gcuideachtaí seo €505m i bpá/ tuarastail in 2015.

**€538m OLB**
€538m d'Oll-Luach Breise ó infheistíochtaí CISÉ.

## Tionchar Geilleagrach Réigiúnach CISÉ 2015



## Feidhmíocht agus Punann

Tuairiscítear feidhmíocht ar dhá leibhéal, (i) an Phunann Lánroghnach, an infheistíocht a bhfuil freagracht ar GBCN aisti, agus (ii) an Phunann faoi Threoir – infheistíochtaí beartais phoiblí a dhéantar faoi threoir an Aire Airgeadais.

### Punann Lánroghnach

Ghnóthaigh an Phunann Lánroghnach toradh +1.1% in 2015 agus tá toradh +1.4% ginte aici gach bliain ó thráth a tionscanta an 22 Nollaig 2014.

Mhéadaigh luach na Punainne Lánroghnaí faoi €688m go €7.859bn in 2015. Áirítear leis an méadú seo:

- €280m ón bPunann Faoi Threoir i ndiaidh díbhinn scaire tosaíochta ó AIB a íoc.
- €335m a thug an Státchiste i gcomhair Ciste nua Ceangailteachta laistigh den Phunann Lánroghnach, i ndiaidh dhíol na scairsheilbhe a bhí ag an Stát in Aer Lingus. Tá an Ciste Nua Ceangailteachta curtha in áirithe i gcomhair Infheistíochta i dtionscadail a fheabhsaíonn ceangailteacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann.

Le linn 2015, d'fheidhmigh an CISÉ straitéis caomhnaithe caipitil inar cuireadh teorainn lena neamhchosaint gnáthscaireanna ar an taobh thíos – trí cheannach roghanna agus neamhchosaint laghdaithe gnáthscaireanna. Is é aidhm na straitéise caomhnaithe caipitil a chinntiú go mbíonn caipiteal ar fail in Éirinn de réir mar is gá agus riosca a mhaolú go mór le cois leanúint de shócmhainní a shealbhú a chruthóidh feidhmíocht dhearfach i margaí fáis gnáthscaireanna agus sócmhainní réadacha.

Ag deireadh 2015 thosaigh GBCN ar bhogadh i dtreo Straitéis Aistrithe Punainne Domhanda meántéarmach a bheidh mar bhonn chun CISÉ a aistriú thar thréimhse de bhlianta ó phunann dhomhanda den chuid is mó go dtí punann Éireannach de réir mar a chuirtear i bhfeidhm agus mar a tharraingítear anuas deiseanna infheistíochta in Éirinn. Is é an cuspóir foriomlán a chinntiú go mbíonn airgead tirim ar fáil faoi mar is gá d'infheistíochtaí Éireannacha i rith thréimhse tháscach ceithre go cúig bliana, agus ionchur suntasach a dhéanamh i dtreo chuspóir brabúis infheistíochta CISÉ.

Tugann feighlí domhanda CISÉ, BNY Mellon, feidhmeanna feighlí agus cuntasaíochta ar fáil do GBCN. Tá BNY Mellon freagrach as socrú idirbheartaíochta agus coinneáil shócmhainní na margaí poiblí faoi úinéireacht dhíreach CISÉ.

**Leithdháileadh Sócmhainní Punainne Lánroghnaí amhail an 31 Nollaig 2015**

| Leithdháileadh Sócmhainní | Punann Éireannach €m | Punann Aistrithe Dhomhanda €m | Iomlán €m | Ualach an Chiste (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Cothromas Luaite** | **53** | **1,015** | **1,068** | **13.6** |
| | | | | |
| Bannaí & Fiachas | 422 | 1,181 | 1,602 | 20.4 |
| Airgead Tirim & Infheistíochtaí Airgid Thirim | | 3,594 | 3,594 | 45.7 |
| Roghanna Cothromais | | 11 | 11 | 0.1 |
| **Sócmhainní Iomlána Airgeadais** | **422** | **4,785** | **5,207** | **66.3** |
| | | | | |
| Cothromas Príobháideach | 381 | 4 | 385 | 4.9 |
| Eastát Réadach | 18 | 218 | 236 | 3.0 |
| Tráchtearraí | 30 | 265 | 295 | 3.8 |
| Bonneagar | 125 | 241 | 366 | 4.7 |
| Cistí Dearbhthoraidh | | 302 | 302 | 3.8 |
| **Sócmhainní Iomlána Eile** | **554** | **1,030** | **1,584** | **20,2** |
| | | | | |
| **Punann Lánroghnach Iomlán** | **1,028** | **6,831** | **7,859** | **100.0** |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.*

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Punann faoi Threoir

*Baineann na figiúirí sa chuid seo le hinfheistíochtaí CISÉ amháin agus ní áirítear leo infheistíochtaí beartais phoiblí in institiúidí airgeadais na hÉireann a rinne an tAire Airgeadais tríd an Státchiste.*

Le linn na géarchéime airgeadais, infheistíodh suim iomlán €20.7bn in AIB agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais agus ar chúiseanna beartais phoiblí. Aistríodh na Sócmhainní chuig an CISÉ nuair a bunaíodh é.

Ag deireadh 2015 ba é a bhí sa Phunann faoi Threoir:

(i) Gnáthscaireanna i mBainc Aontas Éireann dar luach €4.51 an scair.

(i) Gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann ar phraghas margaidh €0.34 an scair.

(iii) €240m in airgead tirim geallta do Chorparáid Bhaincéireachta Straitéiseach Na hÉireann.

Ag deireadh 2015, 99.9% agus 13.9% faoi seach scairshealbhú CISÉ in AIB agus Banc na hÉireann. Ós rud é nach bhfágann sealúchas scaireanna in AIB ach 0.1% de chomhlúthacht shaor, d'iarr GBCN ar chomhlacht seachtrach airgeadais chorparáidigh luach neamhspleách cóir margaidh a sholáthar amhail an 31 Nollaig 2015 d'fhonn an infheistíocht seo a luacháil ar aon dul le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

Bhí luacháil €14.0bn ag an bPunann Faoi Threoir ag deireadh 2015. Tugadh €1.6bn de na fáltais ó dhíol agus fuascailt scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann i Nollaig 2013 ar ais don Státchiste faoi threoir an Aire Airgeadais i Márta 2015 agus úsáideadh é le páirtmhaoiniú a dhéanamh ar an gcuid is costasaí den iasacht a thug CAI d'Éirinn a aisíoc. I Nollaig 2015, d'fhuascail agus choinbhéartaigh AIB na scaireanna tosaíochta, agus is €1.9bn in airgead tirim agus 155bn gnáthscair an toradh a bhí air seo. Faoi threoir an Aire Airgeadais úsáideadh €0.2bn den airgead tirim seo chun Nótaí Gealltanais EBS an Aire a fhuascailt agus cuireadh an chuid eile ar ais sa Státchiste.

Ba é brabús na Punainne Faoi Threoir in 2015 ná 18.6%.

### Punann faoi Threoir

| | Infheistíocht bhunaidh €bn | Airgead atá faighte go dtí seo €bn | Luach ag deireadh 2015 €bn | Iomlán (ioncam agus luach) €bn |
|---|---|---|---|---|
| Scaireanna Tosaíochta | 1.8 | 3.2 | 0 | 3.2 |
| Gnáthscaireanna | 2.9 | 1.0 | 1.5 | 2.5 |
| **Banc na hÉireann** | **4.7** | **4.2** | **1.5** | **5.7** |
| | | | | |
| Scaireanna Tosaíochta | 3.5 | 2.2 | 0 | 2.2 |
| Gnáthscaireanna | 8.7 | 0 | 12.2 | 12.2 |
| Ranníocaíocht Chaipitil | 3.8 | 0 | 0 | 0 |
| **AIB** | **16.0** | **2.2** | **12.2** | **14.4** |
| | | | | |
| **Infheistíochtaí Bainc Iomlána** | **20.7** | **6.4** | **13.8** | **20.2** |
| Airgead Tirim | | | 0.2 | |
| **Punann Iomlán faoi Threoir** | | | **14.0** | |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.*

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

## BONNEAGAR POIBLÍ A SHOLÁTHAR

- Tá GAFN ag soláthar réimse tionscadal CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu. Is é an cuspóir foriomlán Luach ar Airgead a chinntiú don íocóir cánach, ar aon dul le soláthar tionscadail in am agus ar bhuiséad.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thógáil Bheart Scoileanna CPP 4, ag cur 3,000 áit daltaí ar fáil i dTiobraid Árann, an Clár, Lú agus Corcaigh, atá sceidealaithe lena chríochnú i lár 2016.
- Tá tús curtha le Tionscadal CPP Bheart na gCúirteanna ina bhforbrófar Tithe Cúirte nua agus ina n-athchóireofar agus a sínfear tithe cúirte reatha i seacht n-áit ar fud na tíre. Tá gach teach cúirte sceidealaithe le bheith iomlán oibríochtúil faoi Nollaig 2017.
- Sholáthair GAFN 15 thionscadal scoile "dear agus tóg" (neamh-CPP) dar comhluach €80m agus a chuir 8,600 áit daltaí ar fáil le linn 2015.

## ATHBHEOCHAN AN MHARGAIDH IASACHTÚ BONNEAGAIR

- In 2015 bhí athbheochan suntasach i margadh iasachtú bonneagair na hÉireann agus feabhas suntasach sna costais mhaoiniúcháin a bhí ar fáil do thionscadail CPP. Thit rátaí fiachais iomlána sinsearacha ó 6.5% go luath in 2014 go dtí níos lú na 3% ag deireadh 2015. Gné shonrach den mhargadh is ea teacht chun cinn infheisteoirí institiúideacha idirnáisiúnta.

## AG OBAIR LE BEI CHUN MAOINIÚ COSTÉIFEACHTACH A CHUR AR FÁIL

- Leanann GAFN le dul i dteagmháil le BEI d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an maoiniú atá éifeachtach ó thaobh costais atá ar fáil do bhonneagar na hÉireann.
  - I mí na Nollag 2015, thug BEI iasacht dhíreach €200m don Státchiste i gcomhair cosaint ar thuilte ar fud na hÉireann. Chuir BEI €750m ar fáil in iasachtaí Státchiste díreacha ó Iúil 2012.
  - Tá tacaíocht shuntasach tugtha ag BEI do chistiú tionscadail CPP trí sholáthar maoinithe agus feabhsú creidmheasa.

## Dul chun cinn ar Thionscadail CPP GAFN ag Deireadh 2015

### Tionscadail atá á dtabhairt chun críche ag GAFN

#### 1 Beart Scoileanna 4

**Cur Síos**
Ceithre scoil, ag soláthar 3,000 áit i dTiobraid Árann, an Clár, Corcaigh agus Lú.

**Stádas**
Sceidealaithe lena chríochnú i lár 2016.



#### 2.Beart Scoileanna 5

**Cur síos**
Cúig scoil agus Institiúid Bhreisoideachais amháin ag soláthar 4,870 áit i gCeatharlach, an Mhí, Cill Mhantáin agus Loch Garman.

**Stádas**
Tairgeoir roghnaithe ceaptha Nollaig 2015, ag súil le céim na dtarraingtí anuas i lár 2016.

#### 3. Punann na gCúirteanna

**Cur Síos**
Foirgnimh nua teach cúirte i nDroichead Átha, i Leitir Ceanainn, i Luimneach agus i Loch Garman agus oibreacha athchóirithe agus sínidh ar thithe cúirte atá ann cheana i gCorcaigh, ar an Muileann gCearr agus i bPort Láirge.

**Stádas**
Tús curtha le tógáil láithreach le céim na dtarraingtí anuas i Nollaig 2015 agus tá gach teach cúirte sceidealaithe le bheith iomlán oibríochtúil faoi Nollaig 2017.



#### 4. Ionaid Phríomhchúraim

**Cur Síos**
Forbairt 14 ionad príomhchúraim ar fud na tíre, deartha le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar i bpobail áitiúla.

**Stádas**
Tairgeoir roghnaithe ceaptha i mBealtaine 2015, ag súil le céim na dtarraingtí anuas i lár 2016.



#### 5. Campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin

**Cur Síos**
Forbairt dhá fhoirgneamh cearnóige ag Campas ITBÁC i nGráinseach Ghormáin, ag soláthar 10,000 áit do mhic léinn san healaíona feidhmeacha, sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht.

**Stádas**
Tairgeoir roghnaithe ceaptha i bhFeabhra 2015. I Márta 2015, cuireadh tús le himeachtaí dlí in aghaidh GBCN agus an Aire Oideachais agus Scileanna i ndáil leis an gcomórtas soláthair phoiblí don tionscadal seo. Táthar ag fanacht le breithiúnas sna himeachtaí.

#### 6. Tithíocht Shóisialta

**Cur Síos**
Forbairt 1,500 aonad tithíochta sóisialta.

**Stádas**
Tá an tionscadal i gcéim réamhsholáthair/pleanála.

### Tionscadail arb iad GAFN an Comhairleoir Airgeadais dóibh

#### 7. N7/M11

**Cur Síos**
Dearadh agus tógáil mótarbhealach nua idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi, uasghrádú 35km den M11 reatha, agus tógáil Stáisiún Seirbhíse Ghuaire.

**Stádas**
Tógáil curtha i gcrích i mí Iúil 2015.



#### 8. N17/N18

**Cur Síos**
Dearadh agus tógáil 57km de mhótarbhealach i nGaillimh.

**Stádas**
Á thógáil agus sceidealaithe lena chríochnú i R4 2017.

#### 9. M11 Guaire go hInis Córthaidh

**Cur Síos**
Dearadh agus tógáil 38km de mhótarbhealach i Loch Garman.

**Stádas**
Céim na dtarraingtí anuas bainte amach i nDeireadh Fómhair 2015. Tá tógáil sceidealaithe lena chríochnú in 2019.

#### 10. N25

**Cur Síos**
Dearadh agus tógáil Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin.

**Stádas**
Céim na dtarraingtí anuas/tosú na tógála sceidealaithe le haghaidh tús 2016.

#### 11. Athnuachan Tithíochta Shráid Charlemont

**Cur Síos**
CPP malairte talún lena mbaineann soláthar 79 n-aonad tithíochta sóisialta agus áiseanna pobail den scoth i mBaile Átha Cliath

**Stádas**
Céim na dtarraingtí anuas bainte amach i Nollaig 2015.

#### 12 Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh

**Cur Síos**
Dearadh, tógáil agus feidhmiú dhá ionad seirbhísí suite ar mhótarbhealach M6 taobh thoir de Bhaile Átha Luain agus ar mhótarbhealach M9 taobh ó dheas de Chill Choileáin in éineacht le feistiú, feidhmiú agus cothabháil an tríú ionaid seirbhíse ar mhótarbhealach M11 taobh ó thuaidh de Ghuaire.

**Stádas**
Tairgeoir roghnaithe ceaptha i mBealtaine 2015. Tá an tionscadal curtha ar feitheamh tar éis iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar bhronnadh conartha ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Tá GBCN ainmnithe mar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) nuair a thugann sé comhairle airgeadais d'údaráis Stáit agus iad ag tabhairt faoi mhórthionscadail infheistíocht phoiblí ag a bhfuil luach caipitil níos mó ná €20m agus nuair a bhíonn siad ag soláthar agus ag seachadadh tionscadail Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideacha (CPP) in earnálacha nach iompar ná údaráis phoiblí iad.

## Soláthar Tionscadail CPP

Ba é soláthar thionscadail CPP, lena n-áirítear iad siúd laistigh den Chlár Spreagadh Infreastruchtúir 2012, príomhfhócas ghníomhaíocht GAFN in 2015. Tá GAFN freagrach as soláthar tionscadail CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu. Tá Bonneagar Iompair Éireann freagrach as soláthar tionscadail éagsúla bóthair laistigh den Chlár Spreagtha agus an GAFN mar chomhairleoir airgeadais i ngach cuid den chlár CPP. €750m an luach measta caipitil ar chlár na mbóithre.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail éagsúla CPP in 2015, lena n-áirítear Beart Scoileanna 4 atá sceidealaithe le críochnú i lár 2016, tosófar ar thógáil ar Bheart na gCúirteanna, críochnú tionscadal N7/M11 agus tosófar ar thógáil tionscadal M11.

## Soláthar Chlár na Scoileanna Déabhlóidithe

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, d'éirigh le GAFN 15 thionscadal scoile 'dear agus tóg' a sholáthar (neamh-CPP) ag cur 8,600 áit daltaí ar fáil i gCeatharlach, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Cill Dara, Luimneach, Lú agus An Mhí. Comhluach €80m atá ag na scoileanna seo agus críochnaíodh agus sealbhaíodh iad ar sceideal agus ar bhuiséad le linn 2015.

## Seirbhísí Bainistíocht Conartha

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac an GAFN freagracht as bainistíocht conartha CPP gach scoil oibríochtúil CPP. Ag deireadh 2015 bhí an GAFN ag bainistiú na gconarthaí do cheithre tionscadail oibríochtúla scoile a chumhdaigh 23 scoil thar ceann na Roinne. Ag obair faoi Chomhaontú Seirbhíse, baineann an tacaíocht a thugtar le monatóireacht ar na comhlachtaí bainteacha CPP i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoin gconradh CPP. Is den ríthábhacht an ghníomhaíocht seo maidir le réadú an chuspóra Luach ar Airgead fadtéarmach atá mar dhúshraith ag cás gnó CPP.

## Obair Chomhairleach Eile

Le cois a chuid oibre ar thionscadail CPP, tá an GAFN ag soláthar comhairle airgeadais ar réimse de thionscadail bonneagair atá á soláthar ag údaráis stáit lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus roinnt tionscadail sláinte lena n-áirítear an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus Ionaid Oinceolaíocht Radaíochta. D'fheidhmigh sé mar chomhairleoir airgeadais don OPW ar dhíol scaireanna in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath ag an leachtaitheoir Grant Thornton.

## Margadh Iasachtú Bonneagair

Le linn an leatha deiridh de 2014 agus i rith 2015, bhí atbheochan mhór i Margadh Iasachtú Bonneagair na hÉireann agus maoinitheoirí idirnáisiúnta agus baile araon ag léiriú spéise in iasachtú do thionscadail in Éirinn. Tá roinnt rannpháirtithe nua feicthe ag GAFN lena n-áirítear infheisteoirí institiúideacha idirnáisiúnta sa mhargadh agus téarnamh sa mhargadh fiachais fadtéarmach. Dá bhrí sin, tá feabhsúchán mór san costais mhaoiniúcháin atá ar fáil do thionscadail CPP in Éirinn agus thit rátaí fiachais iomlána sinsearacha ó 6.5% go luath in 2014 go dtí níos lú na 3% ag deireadh 2015.

Leanann GAFN le dul i dteagmháil le Bainc Infheistíochta na hEorpa (BIE) agus Comhairle Bhanc Forbartha na hEorpa (CEB) d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an maoiniú atá éifeachtach ó thaobh costais atá ar fáil do bhonneagar na hÉireann. I mí na Nollag 2015, thug BEI iasacht dhíreach €200m don Státchiste i gcomhair cosaint ar thuilte ar fud na hÉireann. San iomlán, chuir BEI €750m ar fáil in iasachtaí Státchiste díreacha ó Iúil 2012. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an BEI le haghaidh tionscadal bóthair M11 agus is maoinitheoir féideartha é do Champas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin agus do thionscadail CPP Príomhchúraim.

## Láithreacha Thionscadal GAFN



# RÉnua

## IONAD TIOMNAITHE SAINEOLAIS MAIDIR LE RIALACHAS CORPARÁIDEACH

- Tá Creat Ionchais Scairshealbhóirí ar bun anois do chomhlachtaí tráchtála Stáit laistigh de théarmaí tagartha RÉnua ar thosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí beartais, feidhmíocht airgeadais agus riachtanais tuairiscithe an Rialtais:
  - In 2015, d'fheabhsaigh RÉnua an Creat a thuilleadh le fócas ar fhorbairt spriocanna foirmiúla airgeadais do chomhlachtaí tráchtála Stáit.
  - Tá obair ar chomhaontú beartais fhoirmiúla díbhinne do gach comhlacht go maith chun cinn.
  - Íocadh comhdhíbhinní €475m le linn 2014/15.

- Chuir RÉnua comhairle thráchtála agus airgeadais ar fáil don Rialtas ar réimse ceisteanna le linn 2015 lena n-áirítear:
  - €2.6bn de chaiteachas caipitil ó na comhlachtaí tráchtála Stáit laistigh dá réimsí tagartha.
  - Atheagrú Ervia le bunú oibríochtúil Líonraí Gáis Éireann, i ndiaidh dhíol Bord Gáis Energy.
  - Díol scairshealbhú an Stáit in Aer Lingus cpt le IAG.
  - An chéad chomhfhiontar idir Bord na Móna agus Coillte le feirm ghaoithe 64MW a chistiú, a thógáil agus a fheidhmiú.
  - Diúscairt Coillte Telecoms le Infravia Capital Partners.

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

**Comhlachtaí Stáit faoi shainchúram RÉnua**
Ag imirt ról ríthábhachtach sa gheilleagar

Bord na Móna – Naturally Driven · ervia · ESB – Energy for generations · coillte · Uisce Éireann : Irish Water · EirGrid

**12,000 fostaí**

## Príomhréimsí Gníomhaíochta – Fuinneamh & Bainistíocht Talún



- **61%** **Sócmhainní bonneagair líonra** (leictreachas, gás agus uisce)
- **17%** **Giniúint cumhachta** (traidisiúnta agus in-athnuaite)
- **13%** **Bainistíocht Talún** (foraoisí agus tailte móna)
- **8%** **Miondíol** (fuinneamh)
- **2%** **Eile** (teileachumarsáid, dramhaíl, bithmhais)

## Le haghaidh 2014/15, ar bhonn comhcheangailte, rinne siad a leanas:

**€5.8bn**
Ghin siad €5.8bn in ioncam

**€14.7bn**
D'infheistigh siad luach €14.7bn de chaipiteal.

**€1.7bn**
Thug siad faoi chaiteachas caipitil €1.7bn

Tugann RÉnua seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála don Rialtas maidir le roinnt mórchomhlachtaí tráchtála Stáit. ESB, Ervia, Irish Water, Bord na Móna, Coillte agus EirGrid. Cur chuige tráchtála a bhíonn aige i leith mhaoirseacht na gcomhlachtaí seo agus tugann comhairle a bhaineann le feidhmíocht airgeadais, straitéis chorparáideach, pleananna caipitil agus infheistíochta, fáltais nó diúscairtí a mholtar, athstruchtúrú agus ceapacháin ar bhoird. Baineann ról RÉnua fosta le soláthar seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála maidir le comhlachtaí nó sócmhainní eile Stáit má iarrann an tAire bainteach é.

## An Creat um Ionchais Scairshealbhóirí

D'fhorbair RÉnua Creat um Ionchais Scairshealbhóirí, arb é is aidhm dó soiléire agus treoir a thabhairt do gach ceann de na comhlachtaí Stáit tráchtála faoina shainchúram bunúsach maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, le cuspóirí beartais, le ceanglais feidhmíochta agus tuairiscithe airgeadais an Rialtais do gach comhlacht. Tá litreacha Ionchas Scairshealbhóirí eisithe anois ag na hAirí bainteacha chuig gach comhlacht, bunaithe ar an gCreat agus curtha in oiriúint don chomhlacht bainteach. Ba é forbairt spriocanna airgeadais foirmiúla do na comhlachtaí bainteacha fócas na hoibre ar bhreis feabhsúcháin in 2015. Is iondúil go n-áirítear leis na spriocanna seo:

- Sprioc struchtúr caipitil, a léiríonn an bunréimse gnó.
- Sprioc brabúsachta, a léiríonn próifíl riosca an réimse gnó ionchais.
- Sprioc díbhinní.

Ar na buntomhais feidhmíocht airgeadais a leagadh amach sa Chreat tá Brabús Iomlán Scairshealbhóra (BIS) a chuideoidh le tomhas cruthú luach airgeadais don Stát ag gach comhlacht. Táthar ag dúil go ndéanfaidh comhlachtaí luachálacha gnáthscaireanna ar bhonn bliantúil ionas gur féidir BIS a thomhas agus a mhonatóiriú. Déanfar anailís ar BIS ar bhonn leanúnach agus súil leis gur mó an bhrí a bheidh leis an anailís nuair a athbhreithneofar í sa mheántéarma (m.sh. cúig bliana) seachas ar bhonn bliantúil.

Is cuid de BIS iad na díbhinní. Fuarthas comhdhíbhinní dar luach €475m in 2014/15. Is é a bhí sna díbhinní seo €361m ag éirí as fáltais ó dhíol sócmhainní nó iarratas speisialta díbhinne ón Rialtas agus €114m a bhain le gnáthdhíbhinní.

### Díbhinní Íoctha ag Comhlachtaí Stáit faoi shainchúram RÉnua




Croífhócas a bhaineann le polasaithe díbhinne a chomhaontú is ea a chinntiú go mbíonn an chothromaíocht chuí idir íocaíocht díbhinní agus ath-infheistiú sa ghnó. San obair a rinneadh go dtí seo sa réimse seo, d'fhógair ESB méadú ina íocaíocht díbhinne ó 30% go 40% de bhrabúis normalaithe i ndiaidh cánach faoi 2017, faoi réir an ESB rátáil íosta chreidmheasa BBB+ a choinneáil. Le linn 2015, d'íoc EirGrid gnáthdhíbhinn €3m don chéad uair agus íocfar gnáthdhíbhinn mhéadaithe de €3.5m le linn 2016. D'íoc Coillte díbhinn eatramhach €4m agus íocfar €1m eile in 2016 i leith 2015. Tá teagmháil déanta ag bord Bhord na Móna agus ag bord Ervia le RÉnua agus na Ranna Rialtais ábhartha d'fhonn polasaithe díbhinne a chur i bhfeidhm le linn 2016.

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Forbhreathnú Airgeadais ar Phunanna RÉnua

### Príomhghnéithe

Gach bliain réitíonn RÉnua *Forbhreathnú ar Phunann Airgeadais* ar na comhlachtaí tráchtála Stáit faoina phríomh-shainchúram. Chlúdaigh an t-athbhreithniú is déanaí deireadh na bliana airgeadais 2014/15[1].

### Láimhdeachas




Méadú i láimhdeachas na punainne go €5.8bn.

### Brabús oibriúcháin ("EBIT")




Laghdaigh EBIT go €0.8bn ón tréimhse roimhe.

### Glanfhiachas




€6.5bn de ghlanfhiachas a bheag nó a mhór ag an leibhéal céanna leis an tréimhse roimhe.

### Caipiteal Infheistithe




Tá €14.7bn de chaipiteal infheistithe ag an bpunann.

### Caiteachas Caipitil




Thug an phunann faoi €1.7bn de chaiteachas caipitil le linn 2014/2015.

1 *Rinneadh é seo trí thagairt do na ráitis airgeadais bhliantúla a foilsíodh le haghaidh gach aonáin a bhí ar fáil ag an am. Coigeartaítear figiúirí 2014/15 chun Bord Gáis Energy a fhágáil as an áireamh a diúscraíodh in 2014.*

## Seirbhísí comhairleacha

Le linn na bliana 2015, thug RÉnua anailís mhionsonraithe airgeadais agus moltaí (nuair ba chuí) d'Airí ábhartha maidir le 72 aighneacht san iomlán le haghaidh bhreith agus thoiliú an Aire, arna ndéanamh ag na comhlachtaí Stáit tráchtála faoina sainchúram. San áireamh bhí €4.6bn in iarratais a bhaineann le hairgeadas (lena n-áirítear eisiúint bannaí, áiseanna creidmheasa rothlacha, EIB agus áiseanna fiachais tráchtála), €2.6bn maidir le hiarratais bhuiséid caiteachais caipitil agus €0.5bn in iarratais shonracha caiteachais caipitil.

Thug RÉnua comhairle airgeadais agus thráchtála freisin don Aire ábhartha ar réimse saincheisteanna a bhain le comhlachtaí Stáit eile agus tionscadail le linn 2015.

### Tionscadail Chomhairleacha Roghnaithe RÉnua 2015

| Tionscadal | Cur Síos |
|---|---|
| **Tionscadail a bhaineann le Comhlachtaí Stáit faoi shainchúram RÉnua** | |
| **Atheagrú Ervia le bunú oibríochtúil Líonraí Gáis Éireann** | Thosaigh bunú oibríochtúil Líonraí Gáis Éireann ó Lúnasa 2015. Is é cuspóir an atheagraithe gnó líonraí gás Ervia a chomhdhlúthú i bhfochuideachta faoi úinéireacht iomlán agus comhsheasmhacht a chinntiú le Tríú Treoir Gáis AE. Próiseas casta a bhí san atheagrú (aistriú sócmhainní agus dliteanas lena n-áirítear €1.1bn i bhfiachas seachtrach). Chuir RÉnua moltaí ar fáil, ó thaobh airgeadais agus tráchtála, do na hAirí ábhartha maidir le hiarratais ar chead agus ar fhaomhadh a theastaigh le héifeacht a thabhairt don atheagrú. |
| **Cumasc Tairbhiúil** | Tar éis comhairle ó RÉnua, d'fhógair an Rialtas in 2014 gur chóir oibríochtaí tráchtála Bhord na Móna agus Choillte a shruthlíniú agus a athdhíriú, trí comhfhiontar a bhunú idir na cuideachtaí ag díriú ar bhithmhais, gaoth, seirbhísí tacaíochta agus turasóireacht agus gníomhaíochtaí áineasa. Cuireadh an chéad chomhfhiontar i bhfeidhm in 2015 ar thionscadal feirme gaoithe an tSléibhe Bháin maidir le maoiniú, tógáil agus oibriú: feirm ghaoithe 64 MW a bhfuiltear ag dréim léi cumhacht a chur ar fáil do 40,000 teach agus ag a bhfuil €90m de chostas tionscadail ionchais. Tá obair ar siúl maidir le struchtúir chuí a bhunú timpeall ar a gcomhghníomhaíochtaí gnó eile i mbithmhais (via BioEnergy Ireland), seirbhísí comhroinnte agus turasóireacht. |
| **Diúscairt Coillte Telecoms** | I mí Lúnasa 2015 chomhaontaigh Coillte a bpunann sócmhainní teileachumarsáide a dhiúscairt do InfraVia Capital Partners, ciste infheistíochta sa Fhrainc. Neartaigh an t-idirbheart seo clár comhardaithe na cuideachta agus d'éascaigh sé do Coillte díriú ar a phríomhghnó foraoiseachta. D'oibrigh RÉnua go dlúth le Coillte agus chuir siad comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil do Ghrúpa Stiúrtha an Rialtais a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar an diúscairt. |
| **Tionscadail eile** | |
| Aer Lingus | Chuir RÉnua seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála don Rialtas maidir leis an tairiscint ag International Consolidated Airlines Group (IAG) do Aer Lingus in 2015. Ghin díolachán na scairsheilbhe €335m d'fháltas don Stát. |
| **Teileachumarsáid** | Is tionscnamh polasaí Rialtais an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) a bhfuil d'aidhm aige leathanbhanda ardluais do gach saoránach agus gnólacht in Éirinn. Áirítear leis seo idirghabháil an Stáit le leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do na codanna sin den tír nach bhfuil aon chinnteacht ann go ndéanfaidh an earnáil tráchtála infheistíocht. Is bunphrionsabal de chuid an PNL tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'infheistíocht tráchtála. Chuir RÉnua ionchur ar fáil ó thaobh airgeadais agus tráchtála maidir le gnéithe áirithe de sheachadadh clár PNL lena n-áirítear roghanna maoinithe agus úinéireachta. |

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

## PUNANN ÉILEAMH CHASTA AGUS ILGHNÉITHEACH A BHAINISTIÚ

- Bhí GÉS ag bainistiú 8,275 éileamh ghníomhacha le €1.79bn de dhliteanas measta amuigh sa 129 n-údarás Stáit ag deireadh 2015.
- Ba é an glanchostas ar éilimh ghníomhacha a réiteach agus a bhainistiú in 2015 €221.7m – 18% de choigilteas i gcomparáid leis an measúnú achtúireach neamhspleách, €271.7m.
- Réitíonn GÉS formhór na n-éileamh trí shocraíocht a idirbheartú, go díreach le foireann dlí an ghearánaí nó trí phróiseas eadrána. Socraítear 97% de chásanna faillí cliniciúla a láimhseálann GÉS gan éisteacht sa chúirt a bheith ag teastáil.

## IS TOSAÍOCHT BAINISTÍOCHTA RIOSCA IAD SEIRBHÍSÍ MÁITHREACHAIS

- €0.9bn den dliteanas measta amuigh a bhí in éilimh maidir le seirbhísí máithreachais. I nDeireadh Fómhair 2015 d'fhoilsigh an GÉS athbhreithniú cúig bliana ar theagmhais chliniciúla agus éilimh i seirbhísí máithreachais agus ginéiceolaíochta.

## COSTAIS DLÍ A LAGHDÚ

- In 2015 shocraigh an GÉS 112 bhille costais a fuarthas ó thríú páirtithe le haghaidh €18.1m – 42% de choigilteas ar an €31.3m a éilíodh.

## CÓRAS NUA TFC LE BAINISTÍOCHT RIOSCA A FHEABHSÚ AGUS ÉILIMH A BHAINISTIÚ

- In 2015 thosaigh GÉS rolladh amach an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT) ar fud na hearnála cúraim sláinte poiblí agus údaráis Stáit níos mó eile.
- Is í Éire an chéad tír ar fud an domhain a chuir córas aonair TFC i bhfeidhm le tacú le bainistiú riosca ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear earnáil an chúraim sláinte.

Tá GBCN sainithe mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) nuair atá siad ag bainistiú éilimh in éadan an Stáit agus údaráis Stáit agus ag déanamh feidhmeanna gaolmhara bainistithe riosca le costais dlíthíochta in éadan an Stáit amach anseo a laghdú.

Clúdaíonn sainchúram GÉS rioscaí um dhíobháil phearsanta agus dochar do réadmhaoin tríú páirtí agus éilimh a bhaineann le 129 n-údarás Stáit lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an earnáil chúraim sláinte dheonaigh, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Bainistíonn sí costais tríú páirtí a eascraíonn ó Bhinsí Fiosrúcháin áirithe agus éilimh le haghaidh costais dhlíthiúla ag páirtithe a bhfuil agra déanta go rathúil acu ar an Stát maidir le díobháil phearsanta agus caingne eile a bhaineann le díobháil neamhphearsanta.

## Bainistíocht Éileamh agus Dlíthíochta

Is é cuspóir bainistíochta éileamh GÉS, agus í ag feidhmiú ar son leas is fearr na gcáiníocóirí i nithe a bhaineann le dlíthíocht díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine, le feidhmiú go cothrom agus go heiticiúil ina gnóthaí le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó dochar agus a ghlacann caingean dlí in aghaidh an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus teaghlaigh na ndaoine seo. I gcásanna ina dtagann imscrúdú GÉS ar an gconclúid go dtiteann cuid den dliteanas nó an dliteanas ar fad ar an údarás ábhartha Stáit, féachann sí le héilimh a réiteach go gasta agus ar théarmaí córa réasúnacha. Má mheasann sí nach dtiteann aon dliteanas ar an Stát, is é beartas GÉS leas a bhaint as gach acmhainn is gá chun cosaint ar na héilimh sin.

### Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2015

Bhainistigh GÉS 8,275 éileamh ghníomhacha le €1.79bn de dhliteanas measta amuigh ag deireadh 2015.

**Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2015**

| | Éilimh | Dliteanas Measta Amuigh €m |
|---|---|---|
| Cliniciúil | 3,000 | 1,353 |
| Ginearálta | 5,275 | 436 |
| **Iomlán** | **8,275** | **1,789** |

€0.9bn den dliteanas measta amuigh a bhí in éilimh maidir le seirbhísí máithreachais ag deireadh 2015. Baineann an dliteanas measta ard a bhaineann le héilimh maidir le seirbhísí máithreachas leis an gcostas ard ar chásanna naíonán le gortú inchinne tubaisteach.

Ní chuireann an €1.79bn de dhliteanas measta amuigh Cinneadh na Cúirte Achomhairc in *Gill Russell v HSE*, atá ar achomharc faoi láthair chuig an gCúirt Uachtarach san áireamh. Dheimhnigh an Chúirt Achomhairc gur chóir 1% a bheith mar Fhíor-Ráta Toraidh (FRT) maidir le ríomh damáistí cúraim speisialta. Dheimhnigh sí chomh maith gur chóir 1.5% a bheith mar FRT maidir le gach caillteanas tairbhiúil. Is é an tionchar a bheadh ag an gcinneadh, dá gcuirfí i bhfeidhm é ar an dliteanas measta amuigh, é a mhéadú faoi timpeall €300m.

Fuair an GÉS 2,943 éileamh nua agus réitigh siad 1,863 éileamh in 2015. Tá an méid éileamh nua a fuarthas tiomanta ag éilimh chaingne mhóra agus, go príomha, an líon éileamh a bhaineann le sláintíocht de chuid príosúnach i gcillíní atá á ndéanamh ag príosúnaigh reatha agus ag iarphríosúnaigh in éadan Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Measadh i measúnú achtúireach neamhspleách go mbeadh €271.7m ag teastáil in 2015 chun freastal ar an gcostas a bhainfeadh le héilimh a réiteach agus ar an gcostas a bhainfeadh le héilimh bheo leanúnacha a bhainistiú. Ba é an glanchostas €221.7m – €50m de choigilteas nó 18%.

### Éilimh Chliniciúla a réiteach

Réitíonn GÉS formhór na n-éileamh trí shocraíocht a idirbheartú, go díreach le foireann dlí an ghearánaí nó trí phróiseas eadrána: Socraítear 97% de chásanna faillí cliniciúla a láimhseálann GÉS gan éisteacht sa chúirt a bheith ag teastáil

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Conas a Réitítear Éilimh Chliniciúla

**97%**
d'éilimh a réitítear gan éisteacht chonspóidte sa chúirt.

**75%**
de chásanna ina gcuirtear in aghaidh dliteanais sna cúirteanna, bíonn sé de thoradh orthu go bhfaightear i bhfabhar GÉS.

**100%**
d'éilimh a réitítear laistigh de 3 bliana ó thús imeachtaí dlí.

San *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí 2015* tá trí fhoráil shuntasacha ann ba chóir a chuideodh a thuilleadh i mbainistiú cásanna faillí chliniciúil agus líon na gcásanna a théann chun trialach. Seo a leanas iad:

- Foráil le haghaidh cumhacht Aireachta le rialacháin a dhéanamh le haghaidh Prótacal Réamhchaingean le cumarsáid thráthúil a éascú idir an gearánaí agus an cosantóir agus na saincheisteanna atá san aighneas a shainaithint go luath le socraíocht luath a spreagadh.
- Ní bheidh gabháil leithscéil ag cleachtóir leighis ina admháil dliteanais.
- Méadaítear tréimhse Reacht na dTréimhsí le héileamh cliniciúil a dhéanamh ó dhá bhliain go trí bliana ó dháta an teagmhais ab údar leis an éileamh nó ó dháta an eolais (más moille)

### Costas na nÉileamh a Réitíodh

Tá roinnt beart déanta ag GÉS le costais dlí a bhaineann le héilimh a laghdú. Áirítear leo:

- Abhcóide agus dlíodóir GÉS a cheapadh le soláthar a dhéanamh le haghaidh tairiscintí iomaíocha seirbhísí dlí don GÉS.
- Scrúdú géar ar chostais ionadaithe dlí gearánaithe agus an laghdú is mó agus is féidir a lorg trí idirbheartaíocht nó, más gá, trí chinneadh Máistir Fómhais.
- Ranníocaíochtaí tríú páirtithe/comhchosantóra a lorg.

Bhí de thoradh ar na bearta seo laghdú suntasach i meánchostais a bhaineann le héilimh chliniciúla in 2014 agus 2015 i gcomparáid leis na trí bliana roimhe. Bhí socrú líon áirithe cásanna gortuithe tubaisteacha naíonán trí Orduithe Íocaíochta Tréimhsiúla ina ghné shuntasach freisin i dtitim costas éileamh cliniciúil i dtéarmaí airgead tirim thar an tréimhse seo – ar ndóigh, sna cásanna seo, beidh íocaíochtaí leanúnacha do na gearánaithe i mblianta amach anseo.

Tá meánchostas éileamh ginearálta méadaithe sna cúig bliana ó 2011, beag beann ar na bearta a rinne GÉS chun costais dlí a laghdú. Tá seo mar gheall ar an méadú sa líon níos mó éileamh dáiríre atá á socrú, le haird ar thionchar aosaithe na punainne, go háirithe éilimh a bhaineann le FSS.

### Costas na nÉileamh a Réitíodh 2011 go 2015

| Éilimh Chliniciúla | 2011 €000 | 2012 €000 | 2013 €000 | 2014 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas na n-éileamh uile a réitíodh** | | | | | |
| Íocaíochtaí/Socraíochtaí | 33,512 | 35,357 | 36,104 | 45,033 | 44,578 |
| Táillí Dlí - GÉS | 7,086 | 8,607 | 9,571 | 8,989 | 8,438 |
| Táillí dlí – Gearánaí | 12,527 | 12,964 | 15,551 | 14,126 | 14,718 |
| Eile | 849 | 959 | 1,251 | 1,244 | 1,445 |
| **Iomlán** | **53,974** | **57,887** | **62,477** | **69,392** | **69,178** |
| **Meánchostas in aghaidh an éilimh a réitíodh** | | | | | |
| Íocaíochtaí/Socraíochtaí | 103 | 100 | 102 | 92 | 91 |
| Táillí Dlí - GÉS | 22 | 24 | 27 | 18 | 17 |
| Táillí dlí – Gearánaí | 39 | 37 | 44 | 29 | 30 |
| Eile | 3 | 3 | 4 | 3 | 3 |
| **Meán Foriomlán** | **166** | **164** | **176** | **142** | **141** |

| Éilimh Ghinearálta | 2011 €000 | 2012 €000 | 2013 €000 | 2014 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas na n-éileamh uile a réitíodh** | | | | | |
| Íocaíochtaí/Socraíochtaí | 8,045 | 8,262 | 11,197 | 16,247 | 16,904 |
| Táillí Dlí - GÉS | 2,825 | 2,505 | 2,893 | 3,165 | 3,618 |
| Táillí dlí – Gearánaí | 3,919 | 3,468 | 4,245 | 5,721 | 6,293 |
| Eile | 643 | 563 | 831 | 874 | 1,013 |
| **Iomlán** | **15,433** | **14,797** | **19,165** | **26,007** | **27,827** |
| **Meánchostas in aghaidh an éilimh a réitíodh** | | | | | |
| Íocaíochtaí/Socraíochtaí | 6 | 5 | 8 | 11 | 12 |
| Táillí Dlí - GÉS | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 |
| Táillí dlí – Gearánaí | 3 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Eile | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 |
| **Meán Foriomlán** | **12** | **9** | **13** | **18** | **20** |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.*

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)

## Caingne Móra

Tá GÉS ag bainistiú roinnt mórchaingne éagsúla in éadan an Stáit. Bainistítear gach caingean mhór trí thagairt do shainstraitéis dhlíthiúil lena chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit ag an leibhéal is ísle is féidir.

### Éilimh Ghníomhacha ar Chaingne Móra

| Caingean Mhór | Líon Éileamh Deireadh 2015 |
|---|---|
| **Sláintíocht Príosúnach i gCillíní** Cásanna is ea iad seo a chuireann príosúnaigh (príosúnaigh reatha nó iarphríosúnaigh) in éadan Sheirbhís Phríosún na hÉireann ag líomhain, idir eile, sárú ar a gcearta bunreachtúla mar gheall ar ghanntanas sláintíochta i gcillíní. | 1,011 |
| **Mí-Úsáid i Scoileanna Lae** Is cásanna iad seo a ghlac daoine ag líomhain gur mhí-úsáid daoine iad go fisiciúil agus/nó gnéasach nuair a bhí siad ar scoil. Cuireadh tús leis an gcuid is mó cásanna tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí um Chearta an Duine in *Louise O'Keeffe v Ireland*. | 233 |
| **Ionchlannáin Ortaipéideacha Miotal ar Mhiotal** Is cásanna iad seo a ghlacann daoine ag líomhain díobháil phearsanta tar éis ionchlannáin ortaipéideacha a bheith churtha iontu ag máinlia. | 226 |
| **Simfiseatóime** Is cásanna iad seo a ghlacann mná áirithe a raibh gnáthamh cnáimhseach máinliach acu lena bpeilbheas a leathnú. | 130 |
| **Eitinn Phríosúnbhunaithe** Tá cásanna glactha ag príosúnaigh reatha agus ag iarphríosúnaigh agus ag oifigigh phríosúin ag líomhain gur thástáil siad dearfach le haghaidh eitinne agus/nó ag tolg eitinne. | 77 |
| **Pandemrix/Narcaléipse** Is cásanna iad seo atá glactha ag gearánaithe ar naíonáin a mbunús ag líomhain gur fhorbair siad narcaléipse agus cataipléis tar éis vacsaíniú in éadan an víris fliú H1N1. | 40 |
| **Lariam** Is cásanna iad seo atá glactha ag baill reatha agus ag iarbhaill de Óglaigh na hÉireann, ag líomhain comharthaí de chineál síocóis ghéar, tar éis dóibh Lariam a ionghabháil, druga próifiolacsach frithmhaláireach a ordaíodh dóibh a úsáid agus iad ar dualgas san Afraic fho-Shahárach. | 40 |
| **Tailídimíd** Is cásanna iad seo atá glactha ag daoine a rugadh le míchumais fhisiciúla ar ionghabháil a máithreacha an ullmhóid Tailídimíd le linn a dtoirchis. | 25 |

## An tAonad um Chostais Dlí

In 2012 chinn an Rialtas Aonad um Chostais Dlí (ACD) a bhunú laistigh den GÉS chun déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn ó Bhinsí Fiosrúcháin áirithe (Binsí Fiosrúcháin Mahon, Moriarty, Morris agus Smithwick). In 2015 leathnaigh an Rialtas freagrachtaí ACD go bainistíocht gach costas dlíthiúil maidir le héilimh in éadan an Stáit.

Déantar scrúdú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí a íoctar le hionadaithe dlí na ngearánaithe agus, nuair is féidir é, déanann GÉS iarracht an laghdú is mó agus is féidir a bhaint amach ar chostais dlí trí idirbheartaíocht. Mura n-éiríonn le GÉS leibhéal na gcostas dlí a íocfar le hionadaithe dlí na ngearánaithe a aontú, is é an Máistir Fómhais a dhéanfaidh an cinneadh sin.

In 2015 shocraigh an GÉS 112 bhille costais a fuarthas ó thríú páirtithe le haghaidh €18.1m – 42% de choigilteas ar an €31.3m a éilíodh. Comhaontaíodh na héilimh seo go léir gan an gá le cáin, ag seachaint mar sin moill i socrúcháin agus muirir dhleachta stampála ag 8% den dámhachtain faoi cháin.

## Bainistíocht Riosca

Is é cuspóir bainistíochta riosca GÉS cláir oibre riosca dírithe ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste réadmhaoine a chur i bhfeidhm chun riosca dlíthíochta a mhaolú, in údaráis Stáit agus fiontair chúraim sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú. Is mór an "chruinne riosca" a dhéanann an Stát a shlánú agus a ndéanann GÉS bainistiú uirthi. Mar shampla, cuimsíonn sé breis agus 200,000 fostaí de chuid an Stáit agus úsáideoirí uile na seirbhísí cúram sláinte poiblí (déanann cúram sláinte poiblí teagmháil leis an bpobal thart ar 7 milliún uair in aghaidh na bliana). Cuimsíonn sé freisin seirbhísí poiblí lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde de bharr a gcineáil, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéil, pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar oibríochtaí thar lear, baill den Gharda Síochána atá ar dhualgas oibríochtúil, cigireachtaí custaim, seirbhísí práinnfhreagartha agus coimeád príosúnach.

Díríonn clár GÉS um bainistíocht riosca chliniciúil ar chomhoibriú le bainisteoirí riosca agus le pearsanra eile i bhfiontair chúram sláinte chun tacú le sábháilteacht othar. Díríonn an clár um bainistíocht riosca ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis de chuid an Stáit agus fiontair chúraim sláinte taobh istigh dá shainchúram maidir le struchtúir bainistíochta riosca, cothabháil foirgneamh, sábháilteacht dóiteáin, bainistíocht sláinte agus sábháilteachta agus comhshaoil.

### Éilimh ar Chostais Dlí a Socraíodh in 2015

| | Líon na nÉileamh ar Chostais a Idirbheartaíodh | Luach €m | Éilimh ar Chostais a Comhaontaíodh €m | Coigilteas Costais Dlí % |
|---|---|---|---|---|
| Binse Fiosrúcháin Mahon | 32 | 7.3 | 4.0 | 45 |
| Binse Fiosrúcháin Moriarty | 8 | 2.8 | 1.6 | 43 |
| Binse Fiosrúcháin Morris | 3 | 0.8 | 0.4 | 53 |
| Binse Fiosrúcháin Smithwick | 6 | 9.0 | 5.0 | 45 |
| Éilimh Eile | 63 | 11.5 | 7.2 | 37 |
| **Iomlán** | **112** | **31.3** | **18.1** | **42** |

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha*

## Riosca Cliniciúil

Is tosaíocht bhainistíochta riosca iad seirbhísí máithreachais laistigh den chlár um bainistiú riosca chliniciúil. Le linn 2015 d'fhoilsigh an GÉS athbhreithniú cúig bliana ar theagmhais chliniciúla agus éilimh i seirbhísí máithreachais agus gínéiceolaíochta. Rinne sé sraith cuairteanna mionsonraithe ar ospidéil chomh maith le rioscaí náisiúnta agus sonrach do shuíomh a shainaithint. Foilseoidh sé tuarascáil in 2016 ag sonrú a anailíse ar na cuairteanna suímh seo. Sa tuarascáil beidh moltaí leis an gcúram is fearr a chinntiú.

I measc gníomhaíochtaí sonracha i leith bainistiú riosca chliniciúil in 2015 bhí:

- Bunú fóraim riosca chliniciúil le stiúrthóireacht náisiúnta de FSS, agus cruinnithe rialta le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, comhlachtaí oiliúna iarchéime, lucht na hardbhainistíochta feidhmeannaí agus foireann ospidéil ar an líne thosaigh.
- Ceapadh agus soláthar cúrsaí riosca chliniciúil ag an leibhéal fochéime do Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.
- Rinneadh anailís ar éilimh dlí-liachta dhúnta i dtopaicí iolracha: Péidiatraic, Meabhairshláinte, Leigheas Éigeandála, Sleamhnú/Truisle/Titim, Máithreachas agus Gínéiceolaíocht. Cuireadh torthaí na hanailíse seo ar fáil, ar bhonn "ceachtanna foghlamtha", do pháirtithe leasmhara ábhartha le gur féidir foghlaim chuí a chur i bhfeidhm le himeachtaí comhchosúla a bheadh ina gcúis le níos mó éileamh a chosc, chomh fada agus is féidir.

## Riosca Fiontair

Gach bliain ceapann GÉS clár oibre bainistíochta riosca le cabhrú le húdaráis Stáit le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca. I measc gníomhaíochtaí sonracha i leith bainistiú riosca fiontair in 2015 bhí:

- Dearadh cúrsa deimhnithe ocht lá do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann leis na huirlisí is fearr cleachtais bainistíochta riosca a chur ar fáil do bhainisteoirí agus do phearsanra bainistíochta sláinte agus sábháilteachta lena gcumasú a ndualgais a chur de láimh ar an mbealach is fearr.
- Athbhreithniú a dhéanamh thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí ar chur i gcrích moltaí a eascraíonn ó roinnt tuarascálacha maidir le sábháilteacht cuairteoirí ar Sceilig Mhichíl.
- Foilsiú treoirlínte nua dar teideal *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment – Principles & Practice*, thar ceann an Ghrúpa um Shábháilteacht Cuairteoirí faoin Tuath (ina bhfuil GÉS ina bhall). Na treoirlínte leagtha amach sna prionsabail threoracha sláinte agus sábháilteachta do bhainisteoirí láithreacha stairiúla.
- Bheith ag obair le hÓglaigh na hÉireann le nósanna imeachta agus próisis a nuashonrú lena chinntiú go ndéantar obair Óglaigh na hÉireann de réir *an Achta um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005* agus rialacháin lena mbaineann.
- Lainseáil roinnt doiciméad treorach d'údaráis Stáit maidir lena ngníomhaíochtaí déanta faoi shlánaíocht Stáit.

# Athbhreithniú Gnó (ar lean)




### Tuairisc ar Theagmhais Chliniciúla agus Éilimh i Seirbhísí Máithreachais agus Cnáimhseachais: Athbhreithniú Cúig Bliana – 2010 go 2014.

I nDeireadh Fómhair 2015 d'fhoilsigh GÉS tuarascáil náisiúnta: *Clinical Incidents and Claims Report in Maternity and Gynaecology Services: a Five Year Review - 2010 to 2014* (ar fáil ag *stateclaims.ie*). Mar gheall ar na sonraí a leagtar amach sa tuarascáil beidh seirbhísí in ann iad féin a thagarmharcáil de réir an airmheáin agus de réir seirbhísí eile i ngníomhaíocht chomhchosúil maidir le tuairisciú teagmhas agus éileamh. Is iad príomhthátail na tuarascála:

- Níl na rátaí teagmhais i seirbhísí máithreachais na hÉireann éagosúil le figiúirí idirnáisiúnta sa chás go bhfuil comparáidí ar fáil.
- Cé go rátálann 75 theagmhas chliniciúla (as 9,787 dteagmhas san iomlán) a thuairiscigh seirbhísí máithreachais do CNBT in 2014 foircneach ina ndéine, ní raibh gach ceann acu seo ina dteagmhais inseachanta ina n-údar dochair. Bhain cuid acu le himeachtaí nádúrtha dosheachanta, aimhrialtachtaí ó bhroinn nó míchatagóirithe maidir le fachtóir déine.
- Rinneadh na cúig éileamh máithreachais ba choitianta a chatagóiriú mar: greannaitheacht ceirbreach/taomanna nuabheirthe; stróiceadh peirinéim; diostóis ghualainne; marbh-bhreith agus bás nua-naíonna. Tá an t-áireamh éileamh fanta ina stad nó tá sé laghdaithe ó 2012 i leith maidir leis na catagóirí seo.
- Dearctar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar ráta ard tuairiscithe i seirbhís mar léiriú ar chultúr láidir sábháilteachta othar. Taispeánann comparáid idir an 19 seirbhís mháithreachais in Éirinn go bhfuil éagsúlacht ann go náisiúnta i seirbhísí máithreachais maidir le tuairisciú teagmhas cliniciúil.

NIMS
National Incident Management System

I mí an Mheithimh 2014, lainseáil GÉS an leagan nua den Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT) go hoifigiúil. Tagann sé in ionad an chórais STARSWeb. Córas rúnda, an-slán agus gréasán-bhunaithe atá in CNBT. Uirlis uileghabhálach bainistíochta riosca atá ann a chuireann ar chumas fiontar teagmhais a bhainistiú thar an tsaolré ar fad. Áirítear leis sin:

- Tuairisciú eachtraí (lena n-áirítear Teagmhais Intuairiscithe Tromchúiseacha).
- Bainistíocht imscrúduithe.
- Taifeadadh torthaí imscrúdaithe.
- Taifeadadh moltaí.
- Cuntas a choinneáil ar mholtaí go dtí an deireadh.
- Anailís a dhéanamh ar shonraí maidir leis an teagmhas, leis an imscrúdú agus leis na moltaí, i dteannta feidhmeanna eile.

In 2015 thosaigh GÉS rolladh amach an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT) ar fud na hearnála cúraim sláinte phoiblí agus údaráis Stáit níos mó eile. Cuireadh an rolladh amach céimithe i gcrích i Meitheamh 2015 le feidhmiú iomlán san FSS ar fad, 17 n-ospidéal dheonacha, Seirbhís Príosún na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus naoi Roinn Rialtais. Leanfar ar aghaidh ag rolladh amach an chórais go dtí an chuid eile de na húdaráis Stáit i rith 2016.

Tar éis rolladh amach an tionscadail CNBT is í Éire an chéad tír ar fud an domhain a mbeidh córas aonair TFC aici le tacú le bainistiú riosca ar fud a seirbhísí Rialtais agus poiblí, lena n-áirítear an earnáil cúram sláinte. Cuireann CNBT ar fáil do bhainisteoirí riosca na n-údarás Stáit agus do shaineolaithe an GÉS féin anailís chasta ar shonraí teagmhas díobhálach le treochtaí, baill the agus ceachtanna foghlamtha, ag éascú mar sin freagairtí bainistithe agus maolaithe a chinnteoidh sábháilteacht lucht úsáidte seirbhísí, othar, fostaithe Stáit agus, sa deireadh, a laghdóidh costas éileamh in éadan an Stáit amach anseo.

Roghnaigh Marsh ClearSight LLC CNBT. Tá Marsh ClearSight LLC, ó na Stáit Aontaithe, ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain sa teicneolaíocht, anailísíocht agus seirbhísí sonraí sa bhainistíocht riosca, sábháilteachta agus bainistíocht riosca, as measc a bhunachar cliant ina bhfuil 1,000 cliant idirnáisiúnta, mar bhuaiteoir a dhámhachtana in 2015 ar son Feabhas sa Nuálaíocht. Bhuaigh CNBT an dámhachtain mar aitheantas ar mhéid, solúbthacht agus leithne feidhmiúlachta an réitigh TF a cuireadh ar fáil do bhunachar cliant náisiúnta leathan agus ilghnéitheach, agus trí sholáthar uirlisí TF le dúshláin a bhaineann le bainistíocht riosca, sábháilteacht agus oibríochtaí éileamh a réiteach.

# Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach

# Comhaltaí na Gníomhaireachta



**Willie Walsh** | Cathaoirleach

*(ceaptha ar feadh tréimhse cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Comhalta den Choiste Luach Saothair**

Tá Willie Walsh ina Phríomhfheidhmeannach ar International Airlines Group (IAG), máthairchuideachta Aer Lingus, British Airways, Iberia agus Vueling. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar British Airways agus ar Aer Lingus roimhe sin. Tá sé ina Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail Londain.



**Maeve Carton** | comhalta Gníomhaireachta

*(ceaptha ar feadh tréimhse trí bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Comhalta den Choiste Iniúchóireachta**

Is í Maeve Carton an Stiúrthóir Airgeadais ar CRH. Ó chuaigh sí isteach in CRH in 1988 tá roinnt ról sinsearach comhlíonta aici, is iad sin Stiúrthóir Airgeadais agus roimhe sin an Stiúrthóir Grúpa. Sular thosaigh sí ag obair le CRH, bhí sí ag obair ar feadh roinnt blianta mar chuntasóir cairte le cuideachta idirnáisiúnta cuntasaíochta.



**Brendan McDonagh** | comhalta Gníomhaireachta

*(ceaptha ar feadh tréimhse trí bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Cathaoirleach den Choiste Infheistíochta**

**Cathaoirleach den Choiste Luach Saothair**

Is iar-chathaoirleach agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ar Bank of Butterfield & Son Limited, Hamilton, Beirmiúda é Brendan McDonagh. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in HSBC Holdings North America Inc, ina Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa in HSBC Holdings Inc agus ina chomhalta de Bhord Bainistíochta Grúpa HSBC. Tá sé ag freastal mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin in UK Asset Resolution agus mar chomhalta boird in Trinity College Business School.



**Derek Moran** | comhalta Gníomhaireachta

*(de bhrí oifige)*

Is é Derek Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus tá sé freagrach as cúrsaí beartais um sheirbhísí geilleagracha, buiséadacha agus fioscacha, baincéireachta agus airgeadais agus as maoirseacht a dhéanamh ar infheistíochtaí na hÉireann i mbainc chlúdaithe agus ar thacaíocht do bhainc chlúdaithe. Is comhalta é de Choimisiún an Bhainc Ceannais agus de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus is comhalta comhairle é den Fhondúireacht um Staidéir Fhioscacha.



**Martin Murphy** | comhalta Gníomhaireachta

*(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta**

**Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca**

**Comhalta den Choiste Luach Saothair**

Is é Martin Murphy an Stiúrthóir Bainistíochta, Hewlett Packard Fiontraíocht Éireann. Roimhe seo bhí sé ina stiúrthóir bainistíochta ar HP Ireland. Tá sé ina chathaoirleach ar Chomhairle an Mhargaidh Saothair, sainghrúpa neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar straitéis an Rialtais, Bealaí chun na hOibre, agus a thugann ionchur maidir le mórcheisteanna beartais fostaíochta. Tá sé mar chomhalta boird ar Scoil Ghnó Smurfit UCD. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Lucht Trádála Bhaile Átha Cliath.



**Conor O'Kelly** | comhalta Gníomhaireachta

*(de bhrí oifige)*

Ceapadh Conor O'Kelly ina Phríomhfheidhmeannach ar GBCN in Eanáir 2015. Is iar-Leaschathaoirleach é ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar NCB Group, a fuair Investec ctp ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Sheasta chaith sé 11 bhliain le Barclays Capital, áit a raibh roinnt post bainistíochta sinsearach aige.



**Mary Walsh** | comhalta Gníomhaireachta

*(ceaptha ar feadh tréimhse cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Cathaoirleach an Choiste Riosca**

Is Cuntasóir Cairte í Mary Walsh, agus iarpháirtí cánach idirnáisiúnta in PricewaterhouseCoopers i mBaile Átha Cliath. Is comhalta neamhspleách den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta í agus is athbhreithneoir seachtrach í do na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí roinnt post aici san earnáil phoiblí in Éirinn agus in AE.



**Robert Watt** | comhalta Gníomhaireachta

*(de bhrí oifige)*

**Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca**

**Comhalta den Choiste Luach Saothair**

Tá Robert Watt ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le freagracht as beartas caiteachais phoiblí, as caiteachas caipitil agus as Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha agus bainistiú foriomlán agus as athchóiriú na seirbhíse poiblí in Éirinn. Eacnamaí atá ann agus tá taithí aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.



**Susan Webb** | comhalta Gníomhaireachta

*(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)*

**Comhalta den Choiste Iniúchóireachta**

**Comhalta den Choiste Infheistíochta**

Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta í Susan Webb ar ionad cisteáin idirnáisiúnta Pfizer Ionnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Wells Fargo Bank International agus Depfa Bank ctp.

# An Ghníomhaireacht agus a Coistí

Ar an 22 Nollaig 2014, athbhunaíodh GBCN mar Ghníomhaireacht le Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile ag tuairisciú don Aire Airgeadais, le freagracht uileghabhálach as gach ceann d'fheidhmeanna GBCN (seachas GNBS agus CBSÉ a bhfuil a mboird féin ar leith acu). Roimhe seo, ní raibh struchtúr boird ag GBCN agus thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach go díreach don Aire Airgeadais maidir le roinnt feidhmeanna fad is a ghníomhaigh GBCN mar an feidhmeannas do bhoird reachtúla ar leith i ndáil le feidhmeanna eile.

Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN agus Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe ina gcomhaltaí den Ghníomhaireacht *de bhrí oifige*. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht don Aire Airgeadais.

Is cúig bliana an téarma oifige atá ag comhalta ceaptha, seachas na chéad chomhaltaí ceaptha a gceaptar beirt acu ar feadh trí bliana agus a gceaptar beirt eile acu ar feadh ceithre bliana. Cinneann an tAire leibhéal an luacha saothair do chomhaltaí ceaptha. Ní fhaigheann na comhaltaí *de bhrí oifige* aon luach saothair breise as a gcomhaltacht sa Ghníomhaireacht.

Cheap an tAire seisear comhaltaí Boird an 22 Nollaig 2014: Willie Walsh (Cathaoirleach) (cúig bliana), Maeve Carton (trí bliana), Brendan McDonagh (trí bliana), Martin Murphy (ceithre bliana), Mary Walsh (cúig bliana) agus Susan Webb (ceithre bliana). Is triúr comhaltaí *de bhrí oifige* den Ghníomhaireacht iad Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach (le héifeacht ón 5 Eanáir 2015 tar éis do John Corrigan dul ar scor), Derek Moran (Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais) agus Robert Watt (Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe).

Tháinig an Ghníomhaireacht le chéile 10 n-uaire in 2015.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht ceithre choiste:

- An Coiste Iniúchóireachta.
- An Coiste Infheistíochta.
- An Coiste Riosca
- An Coiste Luach Saothair.

Ghlac an Bord freisin leis an g*Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*(an Cód), arna oiriúnú i líon teoranta cásanna le himthosca na Gníomhaireachta a léiriú. Nuair is gá, tá sé ag cur socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta ar bhonn tréimhsiúil lena chinntiú go leanfar ag comhlíonadh an Chóid.

Tá cóid chleachtais ghnó i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe na Gníomhaireachta. Táthar ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus fostaithe na Gníomhaireachta go bhfuil a ngníomhaíochtaí go léir á rialú ag na caighdeáin eiticiúla atá léirithe sa chód ábhartha.

Tá Beartas i bhfeidhm ag GBCN maidir le Tuairisciú "Éagóra Ábhartha" agus Nochtuithe Cosanta trínar féidir le fostaithe, faoi rún, ábhair imní a ardú faoi mhírialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i nithe eile.

Is comhlacht forordaithe poiblí GBCN chun críocha *na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*. Chomh maith leis sin tá ceanglais shonracha ann maidir le nochtadh leasa faoin *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990* (arna leasú) agus an *Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag GBCN chun cuidiú le Stiúrthóirí a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh.

Faigheann an Ghníomhaireacht tacaíocht ina cuid feidhmeanna ó Rúnaí na Gníomhaireachta a chomhordaíonn freisin feidhmiú choistí éagsúla na Gníomhaireachta. Faigheann gach ceann de na coistí tacaíocht ó Rúnaí na Gníomhaireachta nó ó Rúnaí Cúnta na Gníomhaireachta.

## An Coiste Iniúchóireachta

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an nGníomhaireacht i maoirseacht cháilíocht agus shlánaíocht na ráiteas airgeadais agus in athbhreithniú agus i maoirseacht éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchóireachta inmheánaí agus na feidhme comhlíontachta. Athbhreithníonn sé agus breithníonn sé aschuir ón iniúchóir reachtúil, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Maoirsíonn sé chomh maith feidhmiú an Bheartais um Thuairisciú "Éagóir Ábhartha" agus Nochtuithe Cosanta.

Tá triúr comhaltaí ar an gCoiste, ceaptha ag an nGníomhaireacht:

- Martin Murphy, Cathaoirleach.
- Maeve Carton.
- Susan Webb.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2015.

**Tinreamh ag Cruinnithe na Gníomhaireachta agus Cruinnithe Coiste in 2015**

| | Gníomhaireacht | Coiste Infheistíochta | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Riosca | Coiste Luach Saothair |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhaltaí na Gníomhaireachta:** | | | | | |
| Willie Walsh | 9 | | | | 2 |
| Maeve Carton | 9 | | 5 | | |
| Brendan McDonagh | 10 | 11 | | | 2 |
| Derek Moran | 8 | | | | |
| Martin Murphy | 10 | | 5 | 4 | 2 |
| Conor O'Kelly | 10 | | | | |
| Mary Walsh | 10 | | | 4 | |
| Robert Watt | 10 | | | 3 | 1 |
| Susan Webb | 9 | 10 | 4 | | |
| **Comhaltaí Seachtracha:** | | | | | |
| John Herlihy | | 9 | | | |
| Richard Leonard | | 10 | | | |
| Julie Sinnamon | | 8 | | | |

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an choiste in 2015:

## Tuairisciú airgeadais

D'athbhreithnigh an Coiste na ráitis airgeadais sular cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta iad. Díríodh san athbhreithniú ar athruithe i mbeartas agus i gcleachtas cuntasaíochta agus i leanúnachas in GBCN, mór-réimsí breithiúnais, na modhanna a úsáideadh le cuntas a dhéanamh ar idirbhearta suntasacha nuair is féidir cuir chuige éagsúla a bheith ann, agus soiléire agus iomláine a nochtuithe.

## Rialuithe Inmheánacha

D'athbhreithnigh an Coiste leorgacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na ráiteas a bhí le cur san áireamh sna Ráitis Airgeadais maidir le rialuithe inmheánacha. Tuairiscíodh torthaí an Choiste don Ghníomhaireacht.

## Comhlíontacht

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón gCeannasaí Comhlíontachta. D'athbhreithnigh sé agus mhol sé don Ghníomhaireacht an Beartas Frithchalaoise agus an Beartas um Thuairisciú "Éagóra Ábhartha" agus Nochtuithe Cosanta.

## Iniúchadh Inmheánach

D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Coiste an chairt iniúchóireachta inmheánaí. Fuair sé tuairiscí rialta ón gCeannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí. D'athbhreithnigh sé na príomhthátail ó thoradh athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí aonair faoi phlean iniúchóireachta inmheánaí 2015 agus rinne sé monatóireacht ar fheidhmiú na moltaí maidir le hiniúchadh inmheánach. D'fhaomh sé plean iniúchóireachta inmheánaí 2016 (bhí plean iniúchóireachta inmheánaí 2015 curtha i bhfeidhm faoi sheanstruchtúir rialachais GBCN).

## Iniúchadh Reachtúil

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh an iniúchadh agus tháinig sé le chéile leis an iniúchóir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais. D'athbhreithnigh an Coiste freisin freagairtí lucht na bainistíochta ar thátail agus mholtaí na n-iniúchóirí agus rinne sé monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar chur i bhfeidhm mholtaí an iniúchóra ag an lucht bainistíochta.

Le linn na bliana tháinig an Coiste le chéile go haonarach agus leis an iniúchóir reachtúil, Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí agus KPMG (an ghnólacht sheachtrach a ceapadh le hobair iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh) gan lucht na bainistíochta i láthair.

## Coiste Infheistíochta

Is coiste reachtúil é an Coiste Infheistíochta a bhfuil foráil dó san *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990* (arna leasú).

Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíochta. Tá cinntí infheistíochta suas le €150m tarmligthe don Choiste. Cuirtear infheistíochtaí molta níos mó ná €150m ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht le moladh ón gCoiste.

Éilítear ar an gCoiste beirt chomhaltaí ceaptha den Ghníomhaireacht agus líon nach mó ná cúigear nach baill den Ghníomhaireacht iad a bhfuil saineolas ábhartha suntasach faighte acu agus atá ceaptha ag an nGníomhaireacht le cead an Aire Airgeadais (comhaltaí seachtracha) a bheith ann. Tá socraithe ag an nGníomhaireacht gur chóir triúr comhaltaí seachtracha a bheith ar an gCoiste. Is iad comhaltaí an Choiste:

- Brendan McDonagh, Cathaoirleach (comhalta Gníomhaireachta).
- Susan Webb (comhalta Gníomhaireachta).
- Richard Leonard (comhalta seachtrach).
  *Stiúrthóir Bainistíochta Grant Thornton Financial Counselling Ltd agus ball den National Grant Thornton Management Team.*
- Julie Sinnamon (comhalta seachtrach).
  *POF Fiontraíocht Éireann.*

Tá folúntas amháin ar an gCoiste. D'éirigh John Herlihy (comhalta seachtrach) as an gCoiste le héifeacht ón 1 Bealtaine 2016.

Tháinig an Coiste le chéile 11 n-uair in 2015.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an choiste in 2015:

### Straitéis Infheistíochta

Ba é an chéad fhócas a bhí ag an gCoiste machnamh ar dhréacht den Straitéis Infheistíochta agus den Phlean Gnó i gcomhthéacs shainordú infheistíochta bonnlíne dhúbailte CISÉ maidir le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht chomh maith le toradh infheistíochta a ghiniúint. D'athbhreithnigh sé an dréacht den Straitéis agus an Plean Gnó agus mhol sé don Ghníomhaireacht glacadh leis an Straitéis agus an Plean Gnó.

Chomh maith leis sin d'athbhreithnigh an Coiste agus rinne sé moltaí don Ghníomhaireacht maidir leis an gCiste a aistriú ó phunann dhomhanda den chuid is mhó go punann Éireannach, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm agus mar a tharraingítear anuas deiseanna infheistíochta in Éirinn.

### Athbhreithniú ar Mholtaí Infheistíochta

D'athbhreithnigh an Coiste moltaí mionsonraithe infheistíochta ó lucht na bainistíochta agus d'fhaomh sé nó rinne sé moltaí don Ghníomhaireacht de réir mar ba chuí. Rinne sé monatóireacht ghníomhach, freisin, ar an sruth infheistíochta chun aiseolas tráthúil a chur ar fáil do lucht na bainistíochta ar dheiseanna féideartha infheistíochta.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Punainne

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ó lucht na bainistíochta ar fheidhmíocht, sannadh sócmhainní agus tionchar geilleagrach an Chiste.

## An Coiste Riosca

Cuidíonn an Coiste Riosca leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear an fonn riosca a shocrú, monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí agus a chinntiú go sainaithnítear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí. Chomh maith leis sin, déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm bainistíocht riosca. Socraíonn sé caighdeáin chun tuairisciú cruinn agus tráthúil a dhéanamh ar rioscaí géarchéimnitheacha agus athbhreithníonn sé tuairiscí ar aon sáruithe ar theorainneacha riosca agus ar leorgacht aon ghnímh mholta.

Tá triúr comhaltaí ar an gCoiste, ceaptha ag an nGníomhaireacht:

- Mary Walsh, Cathaoirleach.
- Martin Murphy (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta freisin).
- Robert Watt.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2015.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an choiste in 2015:

### Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca

D'athbhreithnigh an Coiste agus mhol sé don Ghníomhaireacht an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca a leagann amach an caighdeán le haghaidh bainistíochta riosca ar fud an fhiontair.

D'athbhreithnigh an Coiste roinnt beartas sonrach riosca dá bhforáiltear dóibh sa Bheartas agus Creat um Bainistíocht Riosca: an Beartas um Bainistíocht Riosca Margaidh, an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta, an Beartas um Bainistíochta Riosca Creidmheasa an Chontrapháirtí, an Beartas um Bainistíocht Leanúnachais agus an Rialachas agus Creat um Urrús TF.

### An Fonn Riosca

D'athbhreithnigh an Coiste agus mhol sé don Ghníomhaireacht an Creat um Fonn Riosca. Sainaithníonn sé seo an fonn riosca do gach ceann de phríomhchatagóirí riosca GBCN.

### Athbhreithniú ar Chlár Riosca

D'athbhreithnigh an Coiste cláir riosca ó aonaid ghnó GBCN, ag breithniú na bpríomhrioscaí a sainaithníodh agus na bpríomhrialuithe atá i bhfeidhm leis na rioscaí seo a mhaolú. D'athbhreithnigh sé freisin na príomhrioscaí atá roimh GBCN.

### Tuairisciú Riosca

Mhaoirsigh an Coiste forbairt deais rioscaí mar uirlis tuairiscithe agus fuair sé tuairiscí rialta ón bPríomh-Oifigeach Riosca.

D'oibrigh an Coiste go dlúth leis an gCoiste Iniúchóireachta agus fuair sé nuashonruithe rialta ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta (atá ina chomhalta freisin den Choiste Riosca) ar nithe a bhaineann le riosca a pléadh ag an gCoiste Iniúchóireachta.

Le linn na bliana bhuail an Coiste leis an bPríomh-Oifigeach Riosca gan lucht na bainistíochta i láthair.

## Coiste Luach Saothair

Cuidíonn an Coiste Luach Saothair leis an nGníomhaireacht trí athbhreithniú agus faomhadh bheartas foriomlán luach saothair GBCN, athbhreithniú agus faomhadh aon scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht arna n-oibriú ag GBCN agus faomhadh na n-íocaíochtaí bliantúla iomlána le déanamh faoi aon scéim mar seo. Déanann sé moltaí freisin don Ghníomhaireacht maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste Riosca, ceaptha ag an nGníomhaireacht:

- Brendan McDonagh, Cathaoirleach.
- Martin Murphy.
- Willie Walsh.
- Robert Watt.

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó in 2015.

Le linn 2015 d'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Coiste príomhphrionsabail luach saothair GBCN agus in 2016 d'fhaomh sé Beartas Luach Saothair foirmiúil le paraiméadair a shainmhíniú a bhféadfadh an Príomhfheidhmeannach agus lucht na bainistíochta feidhmiú le fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil agus le hardfheidhmíocht a spreagadh san fhoireann, ach a bheith ag cloí le hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (BAÉMLP), ag léiriú dea-rialachas corparáideach agus comhsheasmhacht le bainistíocht riosca fhónta agus éifeachtach, agus á chur sin chun cinn.

Le linn 2015 d'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Coiste freisin íocaíochtaí maidir le feidhmíocht i leith 2014 agus d'athbhreithnigh sé na toimhdí luach saothair i leith bhuiséad oibriúcháin GBCN 2016.

# Bainistíocht Riosca

## Maoirseacht agus Rialachas

Tá cur chuige GBCN maidir le rialachas riosca deartha le tacú le soláthar a sainorduithe trí na rioscaí a thagann chun cinn le linn do GBCN a bheith ag dul dá cuspóirí straitéiseacha a bhainistiú go réamhghníomhach. In 2015 chuir GBCN i gcrích rolladh amach iomlán an struchtúir nua um bainistíocht riosca a bunaíodh in 2014 agus atá bunaithe ar an múnla 'trí líne cosanta', agus cheap sé Príomh-Oifigeach Riosca (POR). Rinneadh measúnú ar rioscaí straitéiseacha na heagraíochta agus cuireadh i bhfeidhm roinnt príomhbheartas, lena n-áirítear an Beartas agus Creat athbhreithnithe um Bainistíocht Riosca agus an Creat maidir le Fonn Riosca.

Tá Coiste Riosca curtha ar bun ag an nGníomhaireacht le cuidiú léi maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat um bainistíocht riosca. Leagann an Coiste Riosca síos caighdeán maidir le monatóireacht chruinn thráthúil ar rioscaí criticiúla agus déanann sé athbhreithniú ar thuairiscí ar aon sáruithe ábhartha ar theorainneacha riosca agus ar leorgacht aon bhearta a bheadh molta.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta fada ochta (CBRF), ar a bhfuil baill de lucht ardbhainistíochta GBCN maoirseacht ar fheidhmiú fonn riosca iomlán GBCN agus ar bhunú córas cuí ag lucht na hardbhainistíochta lena chinntiú go ndéantar aon rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a fhaire, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach. Tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar rioscaí ábhartha ar fud GBCN a thuairisciú ar bhealach comhleanúnach agus comhtháite don Choiste Riosca.

Tuairiscíonn roinnt coistí sainriosca don CBRF, lena n-áirítear an Coiste um Riosca Oibríochtúil agus Rialachais, an Coiste Riosca Leachtachta agus Coiste Riosca Creidmheasa an Chontrapháirtí.

## Beartas agus Creat

Sainmhíníonn Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca GBCN na caighdeáin le haghaidh bainistíocht riosca ar fud an fhiontair agus leagann sé amach na socruithe trína mbaintear seo amach. Áirítear leo seo cuspóir, beartas, creat, freagrachtaí agus próisis a thacaíonn le bainistíocht éifeachtach agus chomhtháite riosca, ag teacht le fonn riosca comhaontaithe na Gníomhaireachta. Tá a fhonn riosca sainithe ag GBCN maidir le gach ceann dá chatagóirí riosca agus tomhaiseann sé neamhchosaintí riosca trí phríomhtháscairí riosca a úsáid. Athbhreithnítear an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca ar bhonn bliantúil lena chinntiú go bhfanann sé ábhartha agus chun dáta.

**Múnla na dTrí Líne Chosanta**



## Measúnú Riosca

Tá na próisis measúnaithe riosca deartha lena chinntiú go mbainistíonn GBCN a rioscaí laistigh dá fhonn riosca comhaontaithe, go sainaithnítear rioscaí ábhartha agus go ndéantar monatóireacht ar bhainistíocht riosca laistigh de róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir.

Éilítear ar gach aonad gnó faoi leith a rioscaí a fhéinmheasúnú agus a athbhreithniú agus iad a thaifeadadh i gcláir riosca. Déanann an t-athbhreithniú na nithe seo a leanas:

- Na rioscaí don ghnó a shainaithint nó a athdhearbhú.
- Tionchar agus dóchúlacht riosca inghreamaithe a mheasúnú.
- Cóirithe agus rialuithe molta a shainaithint; úinéirí a shannadh le haghaidh aon phleananna gníomhaíochta comhaontaithe.
- Tuairisciú ar fheidhmiú beart agus rialuithe le tabhairt faoi na rioscaí iarmharacha

Cuireann gach aonad gnó a gcláir riosca i láthair CBRF agus an Choiste Riosca ar a laghad uair sa bhliain. Déanann CBRF measúnú riosca straitéisigh "ón mbarr anuas" faoi dhó sa bhliain, ag a bhfuil de chuspóir na príomhrioscaí ó thaobh an GBCN iomláin a shainaithint agus a chomhaontú.

## Leanúnachas Gnó

Cuid lárnach den chreat bainistíochta riosca is ea leanúnachas gnó, ag tógáil teacht aniar eagraíochtúil agus ag ligean do GBCN leanúint ar aghaidh ag feidhmiú tar éis eachtra shuaiteach. I measc phríomhghnéithe an chláir um bainistíocht leanúnachais gnó tá pleananna leanúnachais gnó bunaithe ar anailís tionchair agus ar thástálacha leanúnacha socruithe leanúnachais.

## Próifíl Riosca

Sainaithníodh na príomhrioscaí roimh GBCN sna measúnuithe riosca straitéisigh débhliantúla a rinneadh in 2015. Féadfaidh rioscaí agus neamhchinnteachtaí eile bheith ann nach meastar a bheith ábhartha fós nó nach eol do GBCN fós iad agus féadfaidh na príomhrioscaí athrú chun forbairtí mar seo a chur san áireamh.

### Príomhrioscaí

| Riosca | Cur Síos ar Riosca |
|---|---|
| **Riosca Geilleagrach agus Margaidh** | D'fhéadfadh dálaí foircneacha geilleagracha agus luaineacht margaidh drochthionchar a imirt ar GBCN. Mar shampla, d'fhéadfadh iarmhairtí foircneacha bheith ag neamhchinnteachtaí maidir le caidreamh na Ríochta Aontaithe le AE, nó rioscaí do chobhsaíocht AE féin, do gheilleagar na hÉireann. I measc iarmhairtí féideartha tá fadhbanna le rochtain ar mhaoiniú nó deiseanna infheistíochta, meath inbhuanaitheacht fiachais, costais ardaithe as fónamh d'fhiachas agus drochthorthaí. |
| **Riosca Daoine** | Déanann GBCN réimse sainghníomhaíochtaí thar ceann an Stáit. Má tá teip ann lucht oibre sách oilte a bhfuil dóthain taithí acu a earcú agus a choinneáil féadfaidh seo drochthionchar a imirt ar a chumas a shainorduithe a chur i gcrích. |
| **Oibríochtúil agus Riosca Leanúnachais Ghnó** | Tá riosca oibríochtúil inghreamaithe i ngníomhaíochtaí GBCN go léir. Feictear do GBCN go bhfuil próiseáil idirbheart, cibear-riosca, riosca calaoise, riosca leanúnachais gnó agus riosca tionscnaimh aonaid gnó ar a príomhrioscaí oibriúcháin. |
| **Riosca Páirtithe Leasmhara** | Tá cuspóirí gnó GBCN sainordaithe go príomha ag an reachtaíocht agus ag treoirlínte aireachta. Mar gheall ar athruithe beartais féadfaidh sainorduithe nua nó athbhreithnithe bheith ann, a fhéadfaidh tionchar a imirt ar chumas GBCN a chuspóirí a bhaint amach. |
| **Riosca Infheistíochta** | Tá GBCN freagrach as infheistíochtaí seachtracha a dhéanamh mar chuid dá shainordú. Ina measc seo tá infheistíochtaí díreacha agus ceanglais do bhainisteoirí infheistíochta tríú páirtí. Mar gheall ar dhrochbhainistíocht infheistíochta d'fhéadfaí damáiste airgeadais a dhéanamh nó droch-chlú a tharraingt orthu. |
| **Riosca Tríú Páirtí** | Braitheann GBCN ar roinnt soláthróirí tríú páirtí le bheith in ann a shainorduithe a chur i gcrích. Má theipeann ar GBCN maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar thríú páirtithe, nó má theipeann ar an tríú páirtí soláthar a dhéanamh nó gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le riachtanais GBCN, féadfaidh dochar airgeadais agus/nó clú bheith ann. |

# An Fhoireann Bhainistíochta



**Conor O'Kelly** | Príomhfheidhmeannach



**Ian Black** | Príomhoifigeach Airgeadais agus Feidhmiúcháin



**Ciarán Breen** | Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát



**Sinéad Brennan** | Ceann Acmhainní Daonna



**Des Carville** | Ceann Baincéireachta *(ar iasacht leis an Roinn Airgeadais)*



**Eileen Fitzpatrick** | Stiúrthóir, RÉnua



**Deirdre Hannigan** | Príomh-Oifigeach Riosca



**Brian Murphy** | Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Eugene O'Callaghan** | Stiúrthóir, Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn



**Frank O'Connor** | Stiúrthóir, Maoiniú agus Bainistiú Fiach



**Andrew O'Flanagan** | Príomhoifigeach Dlí

# Soláthar Foirne agus Luach Saothair

Cuireann GBCN i gcrích a shainorduithe trí chúig aonad gnó: an t-aonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, aonad Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, RÉnua agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Faigheann aonaid ghnó GBCN tacaíocht óna fheidhmeanna corparáideacha a thugann seirbhísí ar fud na réimsí seo a leanas: Airgeadas, Oibríochtaí, Teicneolaíocht Faisnéise, Riosca, AD, Gnóthaí Dlí, Comhlíontacht, Cumarsáid agus Iniúchadh Inmheánach.

Tá roinnt ball foirne de chuid GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais tar éis aisghairm tharmligean fheidhmeanna córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais chuig GNBS ó mhí Lúnasa 2011.

Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta di. Déanann GNBS agus CBSÉ aisíocaíocht do GBCN as costas na seirbhísí sin (costais bhall foirne san áireamh). Is aonáin neamhspleácha iad GNBS agus CBSÉ agus tá a mboird féin acu.

Seachas baill foirne atá sannta do GNBS agus CBSÉ, bhí 431 fhostaí ag GBCN ag deireadh 2015. Bhí 341 fhostaí sannta do GNBS agus bhí 9 bhfostaí sannta go CBSÉ.

Tá múnla luach saothair GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta a idirbheartaítear ina n-aonair faoi rún, le luach saothair iomaíoch, ailínithe don mhargadh, faoi réir Achtanna BAÉMLP. Is é atá sa ghnáthphacáiste luach saothair buntuarastal seasta agus soláthar le haghaidh pá lánroghnach maidir le feidhmíocht. I líon teoranta cásanna íoctar liúntais nó sochair eile.

Is é cuspóir GBCN a chinntiú go n-éascaíonn a shocruithe luach saothair é ag mealladh, ag forbairt, agus ag coinneáil fostaithe ardfheidhmíochta agus spreagtha, le scileanna agus taithí cuí, lena chinntiú gur féidir le GBCN a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ag comhlíonadh ag an am céanna an dlí infheidhmithe, lena n-áirítear go háirithe reachtaíocht BAÉMLP. Tá sé d'aidhm aige córas luach saothair a fheidhmiú:

- a ligeann do GBCN a bheith iomaíoch go héifeachtach sa mhargadh oibre agus fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil.
- a léiríonn cuspóirí GBCN le haghaidh dea-rialachas corparáideach.
- a bhainistíonn luach saothair ar bhealach cuí agus a spreagann leibhéal ard feidhmíochta.
- atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fhónta agus éifeachtach agus a chuireann sin chun cinn.

Tá íocaíochtaí maidir le feidhmíocht ceaptha le feidhmíocht eisceachtúil a chúiteamh, le haird ar fheidhmíocht an fhostaí féin, feidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán GBCN. Déantar íocaíocht maidir le feidhmíocht de réir paraiméadar atá faofa ag Coiste Luach Saothair neamhfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta. Déantar an méid foriomlán íocaíochtaí maidir le feidhmíocht i leith aon bhliain faoi réir, chomh maith, fhaomhadh an Choiste Luach Saothair.

Rinne GBCN íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht le 60 ball foirne in 2016 i leith 2015. B'ionann na híocaíochtaí agus €492,500 san iomlán. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí maidir le feidhmíocht le haon bhall den ardbhainistíocht.

## Úsáid Fuinnimh

Oibríonn GBCN i bhFoirgneamh an Státchiste ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, áit a léasaíonn sé spás ar cúig urlár. In 2015, d'úsáid GBCN 1,701,446 kWh de leictreachas, arb ionann é agus meánúsáid 2,173 kWh in aghaidh an fhostaí. Cuirtear é sin i gcomparáid le meánúsáid 2,581 kWh in aghaidh an fhostaí in 2014 – laghdú 15.8% in aghaidh an fhostaí.

Is é an tiarna talún a chuireann an t-aerchóiriú ar fáil san fhoirgneamh agus tá sé á thiomáint ag gás nádúrtha.

In 2015 rinne an tiarna talún staidéir indéanta maidir le haonaid láimhseála aeir do na hurláir go léir i bhFoirgneamh an Státchiste a uasghrádú d'fhonn feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. I measc athruithe áirítear tras-seoltaí nua athraitheacha atá éifeachtúil ar fhuinneamh ar mhótair chuid de na haonaid láimhseála aeir.

In 2016 tá an tiarna talún ag feistiú tras-seoltaí athraitheacha ar an gcuid eile de na haonaid láimhseála aeir i bhFoirgneamh an Státchiste.

Le linn 2015 rinne GBCN íocaíochtaí maidir le feidhmíocht le 16 bhall foirne arbh ionann san iomlán iad agus €79,200 i leith 2014. Arís, ní dhearnadh aon íocaíochtaí maidir le feidhmíocht le haon bhall den ardbhainistíocht. Léirítear íocaíochtaí maidir le feidhmíocht a rinneadh le linn 2015 sa cholún Luach Saothair iomlán sa tábla thíos.

### Luach Saothair GBCN ag Deireadh 2015

| | Buntuarastal | Luach Saothair Iomlán |
|---|---|---|
| suas go €50,000 | 121 | 120 |
| €50,001 go €75,000 | 137 | 127 |
| €75,001 go €100,000 | 84 | 80 |
| €100,001 go €125,000 | 31 | 39 |
| €125,001 go €150,000 | 22 | 27 |
| €150,001 go €175,000 | 12 | 13 |
| €175,001 go €200,000 | 14 | 9 |
| €200,001 go €225,000 | 1 | 3 |
| €225,001 go €250,000 | 1 | 3 |
| €250,001 go €275,000 | 3 | 1 |
| €275,001 go €300,000 | 2 | 2 |
| €300,001 go €325,000 | 1 | 5 |
| €325,001 go €350,000 | 1 | 0 |
| €350,001 go €375,000 | 0 | 1 |
| €375,001 go €400,000 | 0 | 0 |
| €400,001 go €425,000 | 0 | 0 |
| €425,001 go €450,000 | 0 | 0 |
| €450,001 go €475,000 | 0 | 0 |
| €475,001 go €500,000 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **431** | **431** |

*Tabhair faoi deara: Leagtar amach buntuarastal ar bhonn pro-rata. Mar chuid de luach saothair iomlán tá buntuarastal agus aon sochar incháinithe eile a íoctar le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí maidir le híocaíochtaí a íocadh in 2015 i leith 2014). Níl ranníocaíochta pinsin fostóra san áireamh. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhíse poiblí i bhfeidhm d'fhostaithe GBCN.*

Leagtar amach luach saothair ball foirne atá sannta do GNBS sa tábla thíos.

### Luach Saothair GNBS ag Deireadh 2015

| | Bonn Tuarastal | Luach Saothair Iomlán |
|---|---|---|
| suas go €50,000 | 42 | 42 |
| €50,001 go €75,000 | 95 | 95 |
| €75,001 go €100,000 | 97 | 96 |
| €100,001 go €125,000 | 51 | 52 |
| €125,001 go €150,000 | 35 | 33 |
| €150,001 go €175,000 | 12 | 11 |
| €175,001 go €200,000 | 4 | 5 |
| €200,001 go €225,000 | 2 | 3 |
| €225,001 go €250,000 | 1 | 1 |
| €250,001 go €275,000 | 1 | 2 |
| €275,001 go €300,000 | 0 | 0 |
| €300,001 go €325,000 | 0 | 0 |
| €325,001 go €350,000 | 0 | 0 |
| €350,001 go €375,000 | 0 | 0 |
| €375,001 go €400,000 | 1 | 0 |
| €400,001 go €425,000 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **341** | **341** |

*Tabhair faoi deara: Leagtar amach buntuarastal ar bhonn pro-rata. Mar chuid de luach saothair iomlán tá buntuarastal agus aon sochar incháinithe eile a íoctar le fostaithe. Níl ranníocaíochta pinsin fostóra san áireamh. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhíse poiblí i bhfeidhm d'fhostaithe GBCN.*

# Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí GBCN | **56** |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | **57** |
| Fiachas Náisiúnta na hÉireann | **59** |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin | **79** |
| Ciste Bhanc Taisce an Phoist | **103** |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | **111** |
| Ciste na gCuntas Díomhaoin | **123** |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | **137** |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear leis na hAchtanna um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 go 2014 ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") ráitis airgeadais a ullmhú i leith a hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Ghníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am ar bith, mar a sheasann cúrsaí airgeadas na Gníomhaireachta, a cistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tugaimid aird ar an bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Rinneamar roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- struchtúir rialachais iomchuí a bhunú mar a mbeadh freagrachtaí bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orainn maidir le feidhmiú ár bhfreagrachtaí i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('an Ghníomhaireacht') chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar seo a leanas:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an eagraíocht a shainaithint;
- an chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta a mheas i ndáil le rioscaí a dtagann ann dóibh a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo a mheas.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann comhaltaí na Gníomhaireachta é a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus ansin é a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí;
- socrú spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte atá sainmhínithe go soiléir maidir le rialú infheistíocht chaipitil;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail;
- glacadh le beartas Frith-Chalaoise agus leis an mBeartas um Thuairisciú 'Éagóra Ábhartha' agus Nochtuithe Cosanta (ar ar tugadh an Beartas Tuairiscithe de Mheon Macánta roimhe seo).

Tá Coiste Iniúchta ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir phrionsabail an Chóid Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Déanann an Coiste Iniúchta seo maoirsiú ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta. Cuirtear obair na feidhme iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar na rioscaí a bhfuil an Ghníomhaireacht nochta dóibh, agus bunaítear pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Déantar na pleananna rioscabhunaithe iniúchta inmheánaigh a chomhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach agus le bainistíocht na Gníomhaireachta agus déanann Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta iad a fhaomhadh. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus do Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta. Tugtar breac-chuntas sna tuarascálacha sin ar aon torthaí agus ar aon mholtaí maidir le rialuithe inmheánacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na moltaí agus déantar é a thuairisciú don Choiste Iniúchta.

Tá Cód Cleachtais maidir le Rúndacht agus Iompar Gairmiúil ag an nGníomhaireacht ina leagtar amach caighdeáin chomhaontaithe na bprionsabal agus an chleachtais maidir le rúndacht, coinbhleacht leasa, déileáil chos istigh, cúbláil margaidh agus idirbhearta cuntais phearsanta.

Tá creatlach oiriúnach i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreatlach sin, chuir an Ghníomhaireacht córais agus rialuithe i bhfeidhm chun srian a chur leis an rochtain ar shonraí rúnda. Faoin gcreatlach sin, sa chás go dtagann an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi shárú nó faoi shárú líomhnaithe sonraí rúnda, déantar iniúchadh iomlán air agus déantar é a thuairisciú do na húdaráis chuí nuair is gá.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Mar threoir agus mar bhonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Ghníomhaireacht ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tá na bainisteoirí laistigh den Ghníomhaireacht freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, torthaí obair na feidhme iniúchta inmheánaigh tá tuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhnímid go ndearnamar, comhaltaí na Gníomhaireachta, agus comhairle glactha againn ó Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta

**Martin Murphy, Cathaoirleach, Coiste Iniúchta**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais de chuid

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 60 |
| Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta | 62 |
| Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta | 63 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta | 64 |
| Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta | 65 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 66 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh). Tá cuimsithe sna ráitis airgeadais fónamh ar an bhfiachas náisiúnta, an ráiteas ar fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar shreabhadh airgid an fhiachais náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht san fhiachas náisiúnta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh).

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go gcuirtear an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag deireadh na bliana agus an costas a bhaineann le fónamh ar an bhfiachas don bhliain i láthair mar is ceart iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m’iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m’iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí ó thaobh na gcúinsí de, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta de réir mar is cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Léim an t-eolas faoin bhfiachas náisiúnta i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta lena shainaithint an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ann i dtaca leis na ráitis iniúchta airgeadais agus lena shainaithint an bhfuil aon fhaisnéis ann ar cosúil í a bheith mícheart nó neamhréireach go hábhartha, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, cuirtear i láthair mar is ceart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh san fhoirm a forordaíodh faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh), an t-iarmhéid gan íoc ar an bhfiachas náisiúnta mar a bhí an 31 Nollaig 2015 agus an costas le fónamh ar an bhfiachas don bhliain 2015.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta i dtaca leis an bhfiachas náisiúnta ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta

## An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ús íoctha | 3 | 7,015,873 | 7,594,253 |
| Ús a fuarthas agus ioncam eile | 4 | (36,645) | (123,836) |
| Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta | 5 | - | 633,177 |
| Táillí agus Costais Oibriúcháin | 6 | 128,097 | 108,139 |
| **Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán** | | **7,107,325** | **8,211,733** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta

31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|---|
| **Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach** | | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann | 7 | 125,086 | 116,339 |
| Maoiniú Chlár AE/CAI | 8 | 49,747 | 58,793 |
| Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha | 9 | 1,168 | 927 |
| | | 176,001 | 176,059 |
| **Fiachas Gearrthéarmach** | | | |
| Páipéar Gearrthéarmach | 10 | 2,347 | 4,102 |
| Iasachtaí ó Chistí Aire | 11 | 1,579 | 523 |
| | | 3,926 | 4,625 |
| **Scéimeanna Coigiltis Stáit** | | | |
| Táirgí Coigiltis Stáit | 12 | 16,692 | 16,384 |
| **Ollfhiachas Náisiúnta** | | **196,619** | **197,068** |
| Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile | 13 | (13,554) | (14,759) |
| **Fiachas Náisiúnta** | **14** | **183,065** | **182,309** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|---|
| **Gluaiseacht in Iarmhéideanna Státchiste:** | | | |
| Iarmhéid Tosaigh i gCuntas an Státchiste | 13 | 4,089 | 4,432 |
| Laghdú ar Shócmhainní Airgeadais Eile | 13 | 5,080 | 8,499 |
| Glan-Aisíocaíocht Fiachais (féach thíos) | | (1,141) | (653) |
| | | 8,028 | 12,278 |
| Easnamh Státchiste | | (64) | (8,189) |
| **Iarmhéid Deiridh i gCuntas an Státchiste** | **13** | **7,964** | **4,089** |

| | | 2015 Glan[1] €m | 2014 Glan[1] €m |
|---|---|---|---|
| **Glaniasachtaíocht/(Glan-aisíocaíocht) Fiachais:** | | | |
| **Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach** | | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann | | 8,058 | 5,162 |
| Maoiniú Chlár AE/CAI | | (9,068) | (8,153) |
| Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha | 9 | 241 | 151 |
| **Fiachas Gearrthéarmach** | | | |
| Páipéar Gearrthéarmach | | (1,736) | 1,460 |
| Iasachtaí ó Chistí Aire | 11 | 1,056 | (152) |
| **Scéimeanna Coigiltis Stáit** | | | |
| Táirgí Coigiltis Stáit | 12 | 308 | 879 |
| **Glan-Aisíocaíocht Fiachais** | | **(1,141)** | **(653)** |

[1] *Léiríonn na suimeanna an ghlaniasachtaíocht nó an ghlan-aisíocaíocht fiachais sa tréimhse, lena n-áirítear tar-rolladh fiachais agus idirbhearta gaolmhara fálaithe.*

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|---|
| Fiachas Náisiúnta Tosaigh | 14 | 182,309 | 173,946 |
| Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) | | 756 | 8,363 |
| **Fiachas Náisiúnta Deiridh** | **14** | **183,065** | **182,309** |
| | | | |
| **Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:** | | | |
| Easnamh Státchiste | | 64 | 8,189 |
| Éifeacht na nGluaiseachtaí i Rátaí Malairte Eachtraí | | (7) | (3) |
| Glanphréimh ar Iasachtaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha | | 10 | 7 |
| Glanphréimh ar Eisiúintí agus Cealuithe Bannaí | | 689 | 170 |
| | | **756** | **8,363** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") feidhmeanna iasachta agus Bainistíochta an Fhiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Áirítear le ráitis airgeadais an Fhiachais Náisiúnta nóta nochta iomlán maidir leis an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ("CFSC") de réir alt 99(1) (f) den Acht Airgeadais 2014 ina sonraítear go bhfuil an CFSC le tuairisciú mar chuid den Fhiachas Náisiúnta le haghaidh 2014 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin.

Áirítear freisin le ráitis airgeadas an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochta i ndáil le Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta, Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh), Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh), Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce agus Cuntas ar Stoc ar Glacadh Leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis. Ós rud é gur cuntais oibríochtúla iad seo a cuireadh ar bun chun críocha sainiúla, ní áirítear a n-iarmhéideanna airgid le hiarmhéid Chuntas an Státchiste arna tuairisciú faoi Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile sa Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta.

## 2 Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, bunaithe ar airgead agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar an tsuim iomlán de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht nach raibh aisíoctha ag deireadh na bliana, lúide airgead agus sócmhainní airgeadais eile atá ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin ar an dáta céanna. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí sin sna ráitis airgeadais seo.

### 2.1 Nósmhaireacht Tomhais

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gníomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an milliún nó an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe.

### 2.2 Fáltais agus Íocaíochtaí

Is ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar an íocaíocht a thaifeadtar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

### 2.3 Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifeadadh sa Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta ag a bparluach infhuascailte. Nuair a eisítear nó nuair a chealaítear fiachas meántéarmach nó fadtéarmach ar biseach nó ar lascaine, cuirtear aon bhiseach nó lascaine dá leithéid san áireamh sa Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta.

### 2.4 Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d'fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

### 2.5 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra eachtrach go euro de réir an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

## 3. Ús a Íocadh

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ús a Íocadh ar Fhiachas Meántéarmach/Fadtéarmach** | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann | 4,807,531 | 4,974,316 |
| Maoiniú Chlár AE/CAI | 1,316,356 | 1,842,213 |
| Díorthaigh lena bhfálaítear Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach | 354,188 | 324,108 |
| Láithrithe Príobháideacha | 34,693 | 34,693 |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 8,059 | 3,665 |
| Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa | 674 | 277 |
| Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach Eile | (12) | 815 |
| | 6,521,489 | 7,180,087 |
| **Ús a Íocadh ar Fhiachas Gearrthéarmach** | | |
| Páipéar Tráchtála de chuid na hEorpa | 10,668 | 4,759 |
| Nótaí Státchiste | 288 | 8,959 |
| Billí Státchiste na hÉireann | 10 | 664 |
| Nótaí Seirbhísí Lárnacha | 617 | 152 |
| | 11,583 | 14,534 |
| **Ús a Íocadh ar Scéimeanna Coigiltis Stáit** | | |
| Cairteacha Coigiltis | 211,802 | 197,953 |
| Bannaí Coigiltis | 197,329 | 136,605 |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 30,259 | 16,657 |
| Duaiseanna i leith Duaisbhannaí | 28,893 | 32,873 |
| Tráthchoigiltí | 14,518 | 15,544 |
| | 482,801 | 399,632 |
| **Ús Iomlán a Íocadh** | **7,015,873** | **7,594,253** |

Áirítear sna híocaíochtaí úis ar Scéimeanna Coigiltis Stáit aistrithe chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin i leith ús carntha caipitlithe ar chuntais faoi leith ar shainigh An Post iad mar chuntais díomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Is iad seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 3,897 | 787 |
| Bannaí Coigiltis | 832 | 1,029 |
| Tráthchoigiltí | 765 | 255 |
| | **5,494** | **2,071** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4. Ús a Fuarthas agus Ioncam Eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ús ar Airgead agus ar Éarlaisí | 30,378 | 89,432 |
| Ús ar Shócmhainní Airgeadais agus ar Ioncam Eile | 6,267 | 34,404 |
| | **36,645** | **123,836** |

## 5. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Cuireadh an CFSC ar bun faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950 (arna leasú) agus d'fhoráil sé do bhlianacht a bhí le muirearú ar an bPríomh-Chiste chun an phríomhshuim agus an t-ús ar iasachtaí le haghaidh seirbhísí caipitiúla vótáilte a íoc. Shonraigh Achtanna Airgeadais ina dhiaidh sin suim na blianachta sa chás go bhfuarthas airgead ar iasacht chun seirbhísí caipitiúla a mhaoiniú an bhliain sin. Féadfar suim sheasta a úsáid le fónamh a dhéanamh (íocaíochtaí úis) ar an bhfiachas náisiúnta, agus an t-iarmhéid a úsáid d'aisíocaíochtaí bunairgid ("Ciste Fiachmhúchta").

Tar éis leasú alt 22 den Acht Airgeadais, 1950, le halt 99 den Acht Airgeadais, 2014, cuireadh an muirear bliantúil blianachta ar an bPríomh-Chiste agus an íocaíocht leis an CFSC ar ceal ó 2015 i leith.

Coimeádann an Ghníomhaireacht an t-iarmhéid sa CFSC ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. Faoi threoir an aire dar dáta an 24 Meán Fómhair, 2014, bhí an t-iarmhéid sa CFSC ag deireadh na bliana 2015 le bheith níos lú ná €1 mhilliún. D'fhonn cloí leis na treoracha sin, aistríonn an Ghníomhaireacht cistí barrachais ón CFSC chuig Cuntas an Státchiste roimh dheireadh na bliana.

### 5.1 Gluaiseacht sa Chuntas don Tréimhse

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 451 | 499 |
| **Fáltais** | | |
| Blianacht Úis | - | 1,996,275 |
| Blianacht Ciste Fiachmhúchta | - | 633,177 |
| Idirbhearta Díorthacha | 15,205,071 | 62,538,569 |
| Ús ar Airgead agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile | 46,405 | 115,356 |
| Ceangaltas agus Táillí Eile | - | 62 |
| | 15,251,476 | 65,283,439 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta, Fuascailt: | | |
| - Bannaí Rialtas na hÉireann | - | (600,000) |
| - Ionstraimí Fiachais Eile | - | (33,177) |
| Idirbhearta Díorthacha | (15,205,071) | (62,566,218) |
| Ús ar an bhFiachas Náisiúnta | (10,912) | (1,997,608) |
| Speansais ar an bhFiachas Náisiúnta | (1,455) | (1,134) |
| Aistriú chuig an gCuntas Státchiste | (34,000) | (85,350) |
| | (15,251,438) | (65,283,487) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **489** | **451** |
| Gluaiseacht sa Bhliain | 38 | (48) |

## 5. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (ar lean)

### 5.2 Idirbhearta Díorthacha

Féadfaidh an tAire Airgeadais idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad a dhéanamh de réir alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

I measc gnáthbhearta baincéireachta, tá gníomhaíochtaí amhail idirbhearta réamh-mhalairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí a bhaineann le costais fóntas fiachais. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál sin, seachas iad siúd atá in airgeadra dá bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlacadh i CFSC. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincéireachta nó i dtreo ús agus speansais an fhiachais phoiblí a ghlanadh.

Ina theannta sin, áirítear le hidirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad, idirbhearta díorthacha a rinne an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") (de réir alt 52 agus alt 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 203/2010) agus leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (faoi Leachtú Speisialta) ("CÉRB") (de réir alt 17(4) den Acht um an gCorparáid Éireannach um Réiteach Bainc 2013 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 57/2013). Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a rinneadh le GNBS agus le CÉRB a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar an gcuntas.

Tugtar breac-chuntas thíos ar fháltais agus ar íocaíochtaí i leith idirbhearta díorthacha a rinneadh i leith an Fhiachais Náisiúnta, CÉRB agus GNBS sa tréimhse sin:

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | Glan 2015 €'000 | Glan 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh a bhaineann le GNBS | 5,097,530 | (5,097,530) | - | - |
| Díorthaigh a bhaineann le CÉRB | 10,107,542 | (10,107,542) | - | - |
| Díorthaigh a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta | - | - | - | (27,649) |
| | **15,205,072** | **(15,205,072)** | **-** | **(27,649)** |

## 6. Táillí a Íocadh agus Costais Oibriúcháin

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Chlár AE/CAI | 30,761 | 20,346 |
| Bannaí Rialtais agus Speansais Eile | 16,974 | 15,730 |
| Cairteacha Coigiltis | 8,772 | 9,186 |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 4,919 | 3,909 |
| Duaisbhannaí | 10,726 | 11,546 |
| Bannaí Coigiltis | 8,782 | 8,845 |
| Tráthchoigiltí | 706 | 747 |
| Fáltais Táillí | (2) | (75) |
| | **81,638** | **70,234** |
| *Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta | 46,459 | 37,905 |
| **Táillí agus Costais Iomlána** | **128,097** | **108,139** |

***Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta**
Déantar na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a ghearradh ar an gCuntas Státchiste, agus a íoc amach as, nó gearrtar iad ar a thoradh fáis. Is féidir faisnéis bhreise a fháil i ráitis airgeadais Chuntas Riaracháin GBCN (nóta Príomh-Chiste).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7. Bannaí Rialtas na hÉireann

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Bannaí Ráta Sheasta | 101,500 | 90,600 |
| Bannaí Ráta Chomhlúthaigh (féach thíos) | 22,534 | 24,534 |
| Bannaí Amúchta | 1,052 | 1,205 |
| | **125,086** | **116,339** |

**Bannaí Ráta Chomhlúthaigh – Nótaí Gealltanais CÉRB a Ghlanadh:**

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc ("CÉRB") an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótaí gealltanais a soláthraíodh don CÉRB a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Státchiste le Ráta Comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25.03 billiún do BCÉ an 8 Feabhra 2013, agus aibíochtaí idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí.

I mí na Nollag 2015, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €2 billiún (2014 €0.5 billiún) de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh. Ceannaíodh na bannaí ó BCÉ, rud a laghdaigh iomlán ainmniúil gan íoc na mBannaí Ráta Chomhlúthaigh go dtí €22.53 billiún (2014 €24.53 billiún). Tá sé i gceist ag BCÉ íosmhéid na n-urrús sin a dhíol de réir an sceidil seo a leanas: 2016-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana) go dtí go ndíoltar gach banna.

## 8. Maoiniú Chlár AE/CAI

Rinne clár AE/CAI d'Éirinn soláthar do thacaíocht sheachtrach €67.5 billiún ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ("CAI"), ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSM"), ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSF") agus d'iasachtaí déthaobhacha eile. Ba i mí an Mhárta 2014 a rinneadh an eisíocaíocht deiridh €0.80 billiún ón EFSM faoin gclár.

Tar éis comhaontú idir ballstáit AE agus iasachtóirí déthaobhacha i mí na Nollag 2014, rinne an Ghníomhaireacht aisíocaíochtaí luatha idir Nollaig 2014 agus Márta 2015, dar suim rud beag níos mó ná €18 billiún san iomlán (lena n-áirítear níos mó ná €9 billiún d'íocaíochtaí in 2015). Rinneadh na haisíocaíochtaí sin le comhaontú CAI agus níor tabhaíodh aon phionós ná muirear. Dá thoradh seo, comhlíonadh gach dualgas sceidealaithe aisíocaíocht bunairgid CAI a bhí le bheith dlite idir Iúil 2015 agus Eanáir 2021.

Is iad seo a leanas na dliteanais gan íoc faoi Chlár AE/CAI ag deireadh 2015, lena n-áirítear tionchar na n-idirbheart fálaithe airgeadra:

| Iasachtóir | 2015 €m | Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta | 2014 €m | Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta | 4,348 | 6.0 bliain | 13,550 | 5.6 bliain |
| An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais | 17,881 | 17.1 bliain | 17,881 | 18.1 bliain |
| An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) | 22,500 | 11.1 bliain | 22,500 | 9.1 bliain |
| Státchiste na Ríochta Aontaithe | 4,018 | 4.2 bliain | 3,862 | 5.2 bliain |
| Ríocht na Danmhairge | 400 | 4.6 bliain | 400 | 5.6 bliain |
| Ríocht na Sualainne | 600 | 4.6 bliain | 600 | 5.6 bliain |
| **Iomlán** | **49,747** | | **58,793** | |

Léirítear thuas na síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSF a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013. Cé gur comhaontaíodh síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSM in 2013 freisin, socrófar na dátaí athbhreithnithe aibíochta nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Le linn 2015, bhain iasacht EFSM amháin an dáta aibíochta amach agus rinneadh an dáta aibíochta sin a shíneadh. Dá réir sin, ní léiríonn aibíocht na n-iasachtaí EFSM atá nochta ach amháin na síntí aibíochta a comhaontaíodh go dtí seo. Ní mheastar go mbeidh ar Éire ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027.

## 8. Maoiniú Chlár AE/CAI (ar lean)

Tá an ghlaniasacht €17,881 milliún ó EFSF glan ar chorrlaigh áirithe réamhíoctha a baineadh ón tarraingt anuas bhunaidh in 2011. Is é €18,411 milliún an fiachas ainmniúil iomlán atá dlite do EFSF. Déanfar €485 milliún den chorrlach réamhíoctha €530 milliún a aisíoc le hÉirinn i mí Iúil 2016, mar aon leis an toradh gaolmhar infheistíochta carntha EFSF; tá an corrlach réamhíoctha €45 milliún atá fágtha dlite do na Ballstáit is Ráthóirí agus léireofar é mar chostas fónta fiachais i dtréimhsí amach anseo.

## 9. Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Láithrithe Príobháideacha | 602 | 602 |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 520 | 300 |
| Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa | 41 | 20 |
| Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha | 5 | 5 |
| | **1,168** | **927** |

## 10. Páipéar Gearrthéarmach

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar gearrthéarmach aibíochtaí a mhaireann suas le bliain amháin chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú. Úsáidtear na fáltais chun easnamh an Státchiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionad fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistiú leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i raon airgeadraí éagsúla, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Nótaí Státchiste | 1,197 | 1,241 |
| Nótaí Seirbhísí Lárnacha | 131 | 154 |
| Cláir Pháipéar Tráchtála de chuid na hEorpa | 1,019 | 2,207 |
| Billí Státchiste na hÉireann | - | 500 |
| | **2,347** | **4,102** |

## 11. Iasachtaí ó Chistí Aire

Is Iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Státchiste a tharraingítear anuas mar mhodh "bealaí agus modhanna" chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó roinnt cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Ciste Bhanc Taisce an Phoist | 1,114 | 456 |
| Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce (nóta 19) | 465 | 67 |
| | **1,579** | **523** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 12. Scéimeanna Coigilteas Stáit

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 5,915 | 6,041 |
| Bannaí Coigiltis | 4,366 | 5,110 |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 3,445 | 2,576 |
| Duaisbhannaí | 2,481 | 2,176 |
| Tráthchoigiltí | 483 | 479 |
| Stampaí Coigiltis | 2 | 2 |
| | **16,692** | **16,384** |

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis, Bannaí Dlúthpháirtíochta, Duaisbhannaí agus Tráthchoigiltí, glan ar iarmhéideanna airgid de €0.3 milliún (2014: €1.5 milliún) atá á gcoimeád ag An Post, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Ós rud é go réitítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim de €504 milliún (2014: €599 milliún), arb ionann í agus meastachán ar shuim an úis fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2015 i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Tráthchoigiltí.

## 13. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéideanna Airgid** | | |
| Cuntas Státchiste | 7,963,751 | 4,089,063 |
| Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitil (nóta 5.1) | 489 | 451 |
| **Taiscí Airgid** | | |
| Taiscí le Bainc Thráchtála | 853,184 | 2,984,165 |
| Taiscí Comhthaobhaithe | 925,000 | 2,556,000 |
| Maoiniú Comhthaobhach (nóta 15.1) | 202,930 | 511,410 |
| **Sócmhainní Airgeadais Eile** | | |
| Billí Státchiste | 1,184,323 | 1,473,507 |
| Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 2,424,316 | 3,144,515 |
| | **13,553,993** | **14,759,111** |

Cuireann an Ghníomhaireacht taiscí gearrthéarmacha i mBillí Státchiste, i dTaiscí Comhthaobhaithe agus i mBillí Státchiste le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistiú leachtachta.

Cuirtear airgead ina chomhthaobhacht leis na contrapháirtithe, rud a eascraíonn as na riachtanais faoi na hIarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa, maidir le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo (Féach Nóta 15).

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

## 13. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile(ar lean)

### Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

Coimeádann an Ghníomhaireacht roinnt cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh d'fhonn idirbhearta sna hairgeadraí seo a bhainistiú. B'ionann an t-iarmhéid sna cuntais seo an 31 Nollaig 2015 agus nialas (2014: Nialas). Ní raibh aon iarmhéideanna airgeadra eachtraigh eile á gcoimeád ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana, diomaite de thaisce amháin de $0.2 milliún SAM (2014: $0.2 milliún SAM) atá á choimeád ag Banc Ceannais na hÉireann mar riachtanas de chuid Chlár Maoinithe AE/CAI.

Tá cuntas breise ar an ngluaiseacht sna cuntais Airgeadra Eachtraigh thíos:

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | Glan 2015 €'000 | Glan 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | | | NIALAS | NIALAS |
| **Fónamh d'Fhiachas** | | | | |
| Ús ar Iasachtaí Meántéarmacha agus Fadtéarmacha | 241,984 | (352,117) | (110,133) | (349,006) |
| Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach | - | (10,614) | (10,614) | (1,185) |
| Gluaiseachtaí Eile | 23,442,098 | (21,468,888) | 1,973,210 | (916,667) |
| Táillí agus Speansais | - | (8,283) | (8,283) | (7,601) |
| Speansais na Gníomhaireachta | 4 | (1,500) | (1,496) | (1,367) |
| **Gníomhaíocht Iasachtaíochta** | | | | |
| Clár AE/CAI | 9,641,721 | (10,325,475) | (683,754) | (653,118) |
| Iasachtaí Gearrthéarmacha nó Fadtéarmacha Eile | - | - | - | (69,049) |
| Fiachas Gearrthéarmach | 4,042,778 | (5,201,708) | (1,158,930) | 1,997,993 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | **37,368,585** | **(37,368,585)** | **NIALAS** | **NIALAS** |

## 14. Bainistíocht Riosca

### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta d'eisiúint fiachais nua agus d'aisíocaíocht fiachais atá ag dul in aibíocht araon, i dteannta bainistíocht ráta úis agus phróifíl airgeadra na punainne iomláine fiachais, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í an bhainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí Fiachais Náisiúnta na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta. Tá réimse beartas agus nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun an riosca bainteach a thomhas agus a rialú.

Rinne an Ghníomhaireacht an Chreatlach Bainistíochta Riosca de chuid GBCN a fhaomhadh lena chinntiú go ndéanann an Ghníomhaireacht a próifíl riosca a bhainistiú i gcomhréir lena fonn riosca; agus go mbíonn socruithe iomchuí éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm, mar aon le róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir. Le tacar bainteach de bheartais bainistíochta riosca, déantar srianta a bhunú agus a choimeád atá ag teacht le fonn riosca na Gníomhaireachta agus lena spriocanna straitéiseacha.

Tá Creatlach Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-chosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de. Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca GBCN, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta. Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigthe ar rioscaí a sholáthar. Soláthraíonn an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

Tacaíonn roinnt Coistí agus fochoistí Riosca de chuid GBCN leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

**Coiste Riosca na Gníomhaireachta (CRG)**

Déanann CRG athbhreithniú ar na próisis sainaitheanta agus measúnaithe riosca ina n-iomláine atá ag GBCN. Leagann sé síos caighdeán maidir le monatóireacht chruinn thráthúil ar rioscaí criticiúla agus déanann athbhreithniú ar thuairiscí ar aon sárú ábhartha ar theorainneacha riosca agus ar leorgacht aon bhearta a bheadh molta.

**Coiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta.**

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an nGníomhaireacht ina maoirsiú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúchóir reachtúil.

**An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)**

Is coiste bainistíochta é an CBRF a dhéanann maoirsiú ar fhorfheidhmiú fhonn riosca foriomlán GBCN agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córais iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach agus a lena chinntiú go ndéantar aon chomhchruinniú punainne a shainaithint agus a bhainistiú de réir mar is iomchuí.

**Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonraí maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

**Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaintí ar riosca margaidh agus leachtachta agus tugann sonraí don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartais Bainistíochta Riosca Margaidh agus Leachtachta GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

**Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)**

Déanann an CROR athbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. Ar cheann de na cúraimí is tábhachtaí atá ar an nGníomhaireacht tá a chinntiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach ag an Státchiste. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt as imeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margaí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Ghníomhaireacht riosca leachtachta a bhainistiú, go príomha, trí mhaoláin airgid thirim chuí a choinneáil agus trí shrian a chur le líon na ndliteanas atá ag aibiú ag aon am faoi leith agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil leis na riachtanais mheasta. Atreisítear é sin trí na gníomhaíochtaí a dtugann an Ghníomhaireacht fúthu chun bonn infheisteoirí idirnáisiúnta atá eolach agus éagsúlaithe a choinneáil, le nasc le gach ceann de na mórmhargaí caipitil agus tríd an raon ionstraimí fiachais is féidir a eisiúint a mhéadú.

Is ionann riosca margaidh agus riosca caillteanais nó costais mhéadaithe de thoradh athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanais lasmuigh den chlár comhardaithe) de bharr luaineachtaí i dtosca riosca amhail rátaí úis, rátaí malairte eachtraí nó praghsanna margaidh eile. Ní mór aird a bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart i bhfianaise an chúraim atá uirthi bainistiú a dhéanamh ní hamháin ar gharchostais fónta fiachais fioscaigh ach ar luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí idir bhunairgead agus ús. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir fhonn riosca na Gníomhaireachta. Tá srianta sonracha i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta le lucht ardbhainistíochta. Nuair a athraíonn coinníollacha na margaí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifíl airgeadra na punainne i gcomhréir le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar shrianta. Tá an Ghníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fálaithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach in Díorthaigh (Nóta 15).

## 14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

**Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)** (ar lean)

Is ionann riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca an chaillteanais airgeadais a eascraíonn as idirbheart margaidh airgeadais nuair nach gcomhlíonann contrapháirtí a chuid dualgas airgeadais faoin idirbheart sin agus i dtaca leis an bhFiachas Náisiúnta de, is as díorthaigh, taiscí agus idirbhearta malairte eachtraí go príomha a eascraíonn sé. Bainistítear leibhéal an riosca creidmheasa contrapháirtí i gcomhréir le fonn riosca na Gníomhaireachta trí bheith ag plé le contrapháirtithe a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu agus leo siúd amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chontrapháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht ar bhonn laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fálaithe, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Tá tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa leagtha amach in Díorthaigh (Nóta 15).

Bunaíodh rialúcháin chuimsitheacha d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí oibríochtúla ar bhealach stuama. I measc na rialuithe sin, rinneadh dualgais a dheighilt idir déileáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

### 14.2 Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Ghníomhaireacht riosca airgeadra eachtraigh an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malairte eachtraí agus as babhtálacha airgeadra. Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta agus na bhfáluithe airgeadra gaolmhara:

**Airgeadra**

| **Amhail an 31 Nollaig** | **2015 €m** | **2014 €m** |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Fiachais** | | |
| Euro | 175,446 | 167,871 |
| Dollar SAM | 2,579 | 8,312 |
| Punt Steirling | 5,420 | 6,023 |
| Dollar na hAstráile | 132 | - |
| Yen na Seapáine | 348 | 978 |
| | **183,925** | **183,184** |
| **Airgeadra Eachtrach agus Conarthaí Babhtála** | | |
| Euro | 7,627 | 14,460 |
| Dollar SAM | (2,581) | (8,324) |
| Punt Steirling | (5,424) | (6,024) |
| Dollar na hAstráile | (134) | - |
| Yen na Seapáine | (348) | (987) |
| | **(860)** | **(875)** |
| **Fiachas Náisiúnta** | **183,065** | **182,309** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. Bainistíocht Riosca(ar lean)

### 14.3 Fiachas Náisiúnta – Próifíl Aibíochta

Is mar seo a leanas a bhí próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántéarmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, agus idirbhearta bainistithe cisteáin a rinne an Ghníomhaireacht á gcur san áireamh:

| 2015 €m | Dlite laistigh de 1 bhliain | Dlite idir 1-5 bliana | Dlite idir 5-10 mbliana | Dlite thar 10 mbliana | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Bannaí Rialtas na hÉireann | 8,155 | 50,159 | 30,450 | 36,322 | 125,086 |
| Clár Maoinithe AE/CAI | (652) | 7,950 | 11,238 | 31,211 | 49,747 |
| Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile | 5 | 1 | 331 | 831 | 1,168 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3,926 | - | - | - | 3,926 |
| Coigilteas Stáit[1] | 1,669 | 6,677 | 8,346 | - | 16,692 |
| Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile | (11,286) | (2,016) | (252) | - | (13,554) |
| **Fiachas Náisiúnta** | 1,817 | 62,771 | 50,113 | 68,364 | **183,065** |

| 2014 €m | Dlite laistigh de 1 bhliain | Dlite idir 1-5 bliana | Dlite idir 5-10 mbliana | Dlite thar 10 mbliana | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Bannaí Rialtas na hÉireann | 2,261 | 38,398 | 34,653 | 41,027 | 116,339 |
| Clár Maoinithe AE/CAI | 4,882 | 10,122 | 15,578 | 28,211 | 58,793 |
| Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile | 5 | - | 224 | 698 | 927 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 4,625 | - | - | - | 4,625 |
| Coigilteas Stáit[1] | 1,638 | 6,554 | 8,192 | - | 16,384 |
| Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile | (11,987) | (2,016) | (756) | - | (14,759) |
| **Fiachas Náisiúnta** | 1,424 | 53,058 | 57,891 | 69,936 | **182,309** |

*[1] Glactar leis, i gcás Coigilteas Stáit, go dtagann 10% den iomlán amuigh ag tús na tréimhse in aibíocht gach bliain, ar feadh cúig bliana, agus go dtagann an 50% deireanach in aibíocht sa séú bliain.*

## 15. Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistíochta riosca, úsáideann an Ghníomhaireacht meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach ainmniúil agus luach reatha na n-ionstraimí a bhaineann le Fiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach reatha gach ionstraime trí ráta cuí úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascainiú chuig a luach reatha.

| | 31 Nollaig 2015 | | an 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| | Ainmniúil €m | Luach Reatha €m | Ainmniúil €m | Luach Reatha €m |
| Babhtálacha ráta úis | 18,620 | (1,067) | 19,079 | (1,321) |
| Babhtálacha Airgeadra agus Conarthaí Malairte Eachtraí | 8,631 | 812 | 15,402 | 878 |
| | **27,251** | **(255)** | **34,481** | **(443)** |

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí státchiste don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") faoi alt 52 agus 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé idirbhearta díorthacha a dhéanamh le GNBS. Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €4.7 billiún (2014: €12.8 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha ráta úis a rinneadh le GNBS ag deireadh 2015; ba é €2.0 billiún (2014: €3.0 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha airgeadra agus na gconarthaí ráta malairte a rinneadh le GNBS ag deireadh 2015.

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí státchiste chomh maith don CÉRB (faoi Leachtú Speisialta) agus féadann sí, dá réir, idirbhearta díorthacha a dhéanamh le CÉRB. Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €0.3 billiún luach ainmniúil na gconarthaí ráta malairte eachtraí a rinneadh le CÉRB ag deireadh 2015 (2014:€0.5 billiún).

## 15. Díorthaigh (ar lean)

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena contrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta ("CBDI"). Is doiciméad dlíthiúil í Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa ("ITC") a d'fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha. Sainmhínítear inti na cásanna faoinar gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a bhreacadh. Faoi na ITCanna, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgais comhthaobhacht choibhéiseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

Chuir an Ghníomhaireacht Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag an nGníomhaireacht comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Státchiste.

### 15.1 Cuntas Tacaíochta Creidmheasa

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | - | - |
| Comhthaobhacht Airgid a fuarthas ó chontrapháirtithe | 4,794 | 4,194 |
| Comhthaobhacht airgid a íocadh le contrapháirtithe | (4,485) | (3,350) |
| | 309 | 844 |
| Glanmhaoiniú Státchiste le linn na bliana | (309) | (844) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **NIALAS** | **NIALAS** |

| **Tabhair faoi deara:** | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Maoiniú Státchiste amhail an 31 Nollaig | 203 | 511 |
| Glan-Chomhthaobhacht breactha chuig Contrapháirtithe amhail an 31 Nollaig (Nóta 13) | (203) | (511) |

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul isteach i gComhaontú Breactha Comhthaobhachta le GNBS. Ag deireadh na bliana 2015, bhí comhthaobhacht €0.26 billiún (2014: €0.69 billiún) breactha ag GNBS chuig an nGníomhaireacht mar chuid den chomhaontú sin.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul isteach i gComhaontú Breactha Comhthaobhachta le CÉRB freisin. Ag deireadh na bliana 2015, bhí comhthaobhacht €0.036 billiún (2014: €0.025 billiún) breactha ag CÉRB chuig an nGníomhaireacht mar chuid den chomhaontú sin.

## 16. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Bannaí reatha Rialtas na hÉireann a chealú nó a eisiúint. Cuirtear na hidirbhearta sin i bhfeidhm trí dhíolachán nó trí cheannach a dhéanann Ciste Bhanc Taisce an Phoist ("CBTP"). Socraíonn CBTP leis an Státchiste é ansin. Áirítear sa tsuim shocraíochta do gach idirbheart banna an t-ús atá fabhraithe ag an am sin i dtréimhse an chúpóin. Is sa Chuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta a infheistítear an t-ús íoctha go dtí go mbeidh an t-ús iomlán dlite ar dháta an chúpóin. Ar dháta an chúpóin, úsáidtear an t-ús ansin chun costais ghaolmhara fónaimh an Státchiste a fhritháireamh.

Tá cúpón úis iomlán iníoctha leis an úinéir cláraithe sa chás go gcoinnítear an banna ar dháta ex-díbhinne. Is é cuspóir an chuntais seo gur féidir le CBTP an Státchiste a chúiteamh d'eilimint neamhshaothraithe an úis a eascraíonn as bannaí tráinse cum díbhinn nó ar bhannaí cealaithe ex-díbhinne.

| **Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí** | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 48,810 | 5,344 |
| Ús Fabhraithe a Fuarthas ar Iasachtaí Náisiúnta - Tráinsí agus Ceantanna | 30,369 | 46,913 |
| Ús Fabhraithe a Íocadh ar Iasachtaí Náisiúnta | (55,055) | (3,447) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | **24,124** | **48,810** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 17. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)

Nuair a bhíonn Iasacht Náisiúnta, Stoc nó Banna Rialtais le fuascailt, bíonn an tsuim iomlán gan íoc iníoctha leis an sealbhóir. Aistrítear aon suimeanna nach n-éilíonn an sealbhóir ar dháta na fuascailte chuig an gcuntas seo trí íocaíocht ón Státchiste. Dá bhrí sin, is ón gcuntas sin a fhreastalófar ar aon éilimh amach anseo a dhéanfar i dtaca leis na hiasachtaí aibithe seo. Áirítear sa chuntas seo freisin iarmhéideanna a bhí i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann agus na Roinne Airgeadais mar Ghníomhairí Íocaíochtaí i leith íocaíochtaí fuascailte nár glacadh leo, agus a aistríodh chuig an nGníomhaireacht.

| Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 3,075 | 3,089 |
| Fáltais ón Státchiste | 707 | 75 |
| Fáltais ó Chuntas an Bhainc Ceannais | 63 | 69 |
| Íocaíochtaí le Cuntas an Bhainc Ceannais | (69) | (102) |
| Íocaíochtaí le Fuascailt ar Iasachtaí Náisiúnta | (655) | (56) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | **3,121** | **3,075** |

## 18. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Nuair atá ús dlite ar dhliteanas banna, íocann an Ghníomhaireacht an tsuim iomlán leis an nGníomhaire Íocaíochta, a eisíonn í ansin don sealbhóir cláraithe. Léiríonn an t-iarmhéid i gcuntas na ndíbhinní nár éilíodh ús ar iasachtaí aibithe, a d’aischuir an Gníomhaire Íocaíochta leis an nGníomhaireacht agus nach bhfuil éilithe fós ag na sealbhóirí cláraithe. Cothaíonn an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap airgid, thar ceann na Gníomhaireachta, a úsáidtear chun éilimh a íoc le linn na bliana.

| Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 2,549 | 2,528 |
| Fáltais/(Íocaíochtaí) d’Ús nár Éilíodh | (30) | 21 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | **2,519** | **2,549** |

## 19. Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

Déanann an cuntas seo taifeadadh ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

| Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 67,225 | 204,975 |
| Airleacain Bealaí agus Modhanna a Íocadh leis an Státchiste | 6,226,322 | 4,978,316 |
| Airleacain Bealaí agus Modhanna a d’Aisíoc an Státchiste | (5,828,428) | (5,116,066) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig – Airleacain Bealaí agus Modhanna leis an Státchiste (nóta 11) | **465,119** | **67,225** |

## 20. Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis

Níor glacadh le haon stoc mar íocaíocht ar cháin oidhreachta ná ar dhleachtanna báis le linn 2015 (2014: nialas).

## 21. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 22. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D’fhormheas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 24 Bealtaine 2016.

Ráitis Airgeadais de chuid

# Chuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 80 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile | 82 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 83 |
| Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas | 84 |
| Ráiteas ar Sreafaí Airgid | 85 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 86 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Tá iniúchadh déanta agam ar chuntas riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuimsíonn an cuntas riaracháin an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ioncam cuimsitheach eile, ráiteas maidir leis an staid airgeadais, ráiteas ar athruithe ar chothromas, ráiteas ar shreabhfaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis in Éirinn.

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as an gcuntas riaracháin a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm an cuntas riaracháin a iniúchadh agus tuairisciú air de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m’iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m’iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar an gcuntas riaracháin

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na hábhair nochta sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí.
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus an cuntas á ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán an chuntais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shainaithint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar an gcuntas riaracháin

I mo thuairim, tá na nithe seo fíor faoin gcuntas riaracháin

- tugann sé léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2015, agus
- rinneadh é a ullmhú mar is ceart i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar an gcuntas riaracháin. Tá an cuntas riaracháin ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m’iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas atá le sonrú i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis an gcuntas riaracháin bainteach nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.



**Séamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Oibriúcháin | 6 | 66,357 | 55,501 |
| Ioncam an Phríomh-Chiste | 7 | 42,281 | 44,439 |
| Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha | 9 | 7,761 | 1,117 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 16 | 791 | 245 |
| | | 117,190 | 101,302 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 8 | (98,693) | (81,919) |
| Costais oibriúcháin eile | 8 | (18,022) | (19,015) |
| Glanchostas úis | 10.5 | (475) | (368) |
| | | (117,190) | (101,302) |
| **Ioncam/Caiteachas Glan** | | - | - |

| **Ioncam Cuimsitheach Eile**<br>**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig** | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach aitheanta ar oibleagáidí sochair scoir | 10.6 | 14,375 | (20,871) |
| Gluaiseacht sa mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | 9.2 | (14,375) | 20,871 |
| **Gnóthachan / (Caillteanas) Iomlán Aitheanta** | | - | - |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta.



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí | 11 | 2,370 | 3,161 |
| Infháltais | 12 | 87 | - |
| | | **2,457** | **3,161** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 10,517 | 6,727 |
| Airgead sa Bhanc | | 3,789 | 1,009 |
| | | 14,306 | 7,736 |
| **Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain** | 14 | (14,235) | (7,109) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **71** | **627** |
| **Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliana amháin** | 15 | **(830)** | **1,299** |
| **Glansócmhainní roimh shochair scoir** | | **1,698** | **2,489** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 10.4 | (18,923) | (25,537) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 10.4 | 18,923 | 25,537 |
| | | - | - |
| **Glansócmhainní tar éis sochair scoir** | | **1,698** | **2,489** |
| **Ag Ionadú:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 16 | **1,698** | **2,489** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta.



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas

amhail an 31 Nollaig

| | Nóta | Cuntas Caipitil €'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | | **3,202** |
| Íocaíocht le sócmhainní seasta a fháil | | 1,194 |
| Amúchadh caipitil i gcomhréir le dímheas breise carntha | 22 | (468) |
| Amúchadh caipitil i gcomhréir le muirear dímheasa | | (1,405) |
| Suim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (34) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | | **2,489** |
| Íocaíocht le sócmhainní seasta a fháil | | 920 |
| Amúchadh caipitil i gcomhréir le muirear dímheasa | | (1,707) |
| Suim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (4) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | | **1,698** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta.

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Sreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Ioncam/Caiteachas Glan | | - | - |
| Dímheas sócmhainní seasta | 11 | 1,707 | 1,405 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (49) | (32) |
| Méadú / (laghdú) ar infháltais | 12, 13 | (3,877) | 3,285 |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 14 | 7,126 | (4,987) |
| Laghdú ar ioncam iarchurtha | 15 | (469) | (469) |
| Maoiniú caipitil | 16 | 920 | 1,194 |
| Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil | 16 | (1,711) | (1,439) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **3,647** | **1,043** |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a fháil | 11 | (920) | (1,194) |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta | | 53 | 66 |
| **Glan-eis-sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(867)** | **(1,128)** |
| | | | |
| **Méadú / (laghdú) ar airgead sa bhanc** | | 2,780 | (2,171) |
| **Airgead sa bhanc amhail an 1 Eanáir** | | 1,009 | 3,180 |
| | | | |
| **Airgead sa bhanc amhail an 31 Nollaig** | | **3,789** | **1,009** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Is comhlacht reachtúil í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") a bunaíodh faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Soláthraíonn an Ghníomhaireacht réimse seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. Áirítear, ar na seirbhísí seo, iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GÉS), RÉnua (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh), Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) agus na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GNFA). Sannann sí chomh maith baill foirne agus soláthraíonn seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ("CBSÉ").

## 2 Bonn ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

Is é Euro an t-airgeadra tuairiscithe. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '000' nó 'k' do 'míle', agus seasann 'm' do 'milliún'.

## 3. Ráiteas comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a ullmhú le go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme agus FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA lena úsáid in Éirinn.* Is iad seo an chéad tacar de ráitis airgeadais na Gníomhaireachta arna n-ullmhú faoi FRS 102.

## 4. Aistriú go dtí Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 ("FRS 102")

Is é 1 Eanáir 2014 an dáta aistrithe chuig FRS 102 (i.e. an tréimhse is luaithe dá gcuireann an Ghníomhaireacht eolas iomlán comparáideach i láthair) agus, dá réir sin, tá na suimeanna comparáideacha a cuireadh i láthair don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2014 tar éis a n-athshonraithe le haghaidh an aistrithe go dtí FRS 102.

Tá míniú ar éifeachtaí ábhartha an aistrithe go dtí FRS 102 ar na méideanna a tuairiscíodh i ráitis airgeadais na bliana roimhe le sonrú i nóta 22.

## 5 Beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 5.1 Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a shreafaí airgid thirim mionsonraithe sna ráitis airgeadais. Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an eintiteas chun leanúint de bheith ag feidhmiú agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Mar sin, tá an Ghníomhaireacht ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### 5.2 Ioncam oibriúcháin

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig roinnt gnólachtaí faoi reachtaíocht fhorordaithe. Glacann an Ghníomhaireacht le bonn gnóthaithe costais ó na gnólachtaí seo le haghaidh soláthar foirne agus seirbhísí agus míníonn siad é seo ar bhonn fabhraithe. Déantar ioncam eile a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

### 5.3. Ioncam an Phríomh-Chiste

Léiríonn Ioncam Príomh-Chiste atá san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile an méid is gá chun na costais oibriúcháin agus riaracháin a thabhaíonn an Ghníomhaireacht a chlúdach. Sainaithnítear an méid bunaithe ar bhonn fabhraithe i gcomhréir le Deontais Rialtais Alt 25 de FRS 102.

### 5.4 Caiteachas

Sainaithnítear na costais agus na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht ar bhonn fabhraithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

## 5. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

### 5.5 Sócmhainní Neamhreatha agus dímheas

Tá na sócmhainní neamhreatha sonraithe sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a mhuirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile ar bhonn méid chothrom, agus an muirear á ríomh thar shaolré fhóinteach ionchais na sócmhainne.

### 5.6 Léasú

Muirearaítear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile ar bhonn fabhraithe.

### 5.7 Pinsin

Reáchtálann an Ghníomhaireacht scéim phinsean le sochar sainithe, agus d'fhostaithe a roghnaíonn gan páirt a ghlacadh sa scéim, déanann sí ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta ("CCSP"). Maoinítear na ranníocaíochtaí as buiséad riaracháin na Gníomhaireachta.

Tugtar cuntas ar chostais na scéime pinsin le sochar sainithe faoi alt 28 de FRS 102. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin de réir luacha chóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léirítear barrachas dliteanais scéime thar shócmhainní scéime sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais mar dhliteanas. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón bPríomh-Chiste.

Cuimsíonn an t-athrú sa phinsean le sochar sainithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse roimhe seo móide glanchostas an úis (nóta 10.5) ar shócmhainní agus dliteanais na scéime.

Sainaithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha agus as taithí san Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus sainaithnítear athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta sna Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta mar mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaí.

### 5.8 Bogearraí

Muirearaítear costais bogearraí ríomhaireachta ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile sa bhliain ina dtabhaítear iad.

### 5.9 Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh chun sócmhainní neamhreatha a cheannach. Déantar na fáltais a amúchadh ar aon dul le dímheas ar na sócmhainní neamhreatha lena mbaineann.

### 5.10 Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGníomhaireacht mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe, is dócha go mbeidh ar an nGníomhaireacht an oibleagáid a shocrú, agus go mbeifear in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Is ionann na méideanna a n-aithnítear ina soláthairtí iad agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin atá de dhíth leis an oibleagáid reatha a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

### 5.11 Cánachas

Is comhlacht Stáit í an Ghníomhaireacht chun críocha cánach. Faoi fhorálacha sainiúla san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ón gcáin chorparáideach. Ar a bharr sin, níl an Ghníomhaireacht faoi réir cáin ghnóthachan caipitiúil nó cáin chorparáideach ar bith in Éirinn ar aon ghnóthachan inmhuirir a fhabhraíonn chuici.

### 5.12 Eochair-bhreithiúnais agus meastacháin

Le léiriúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó (diomaite díobh sin a bhfuil meastachán i gceist leo) a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

### 5.12 Eochair-bhreithiúnais agus meastacháin (ar lean)

**Scéim pinsin le sochar sainithe (nóta 10)**

Tá oibleagáidí ar an nGníomhaireacht sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar seo agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luacháil sócmhainní agus rátaí lascaine. Déanann an bhainistíocht meastachán ar na tosca seo chun an ghlanoibleagáid pinsin sa chlár comhardaithe a chinneadh. Léiríonn na toimhdí taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

**Soláthairtí (nóta 15)**

Déanann an Ghníomhaireacht soláthairtí in aghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol iad a bheith gan íoc ar dháta an tuairiscithe. Éilíonn na soláthairtí na meastacháin is fearr de chuid na bainistíochta ar an gcaiteachas a mheastar a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú.

**Saolré ionchais réadmhaoine, trealaimh agus feithiclí (nóta 11)**

Déantar an muirear maidir le dímheas tréimhsiúil a dhíorthú i ndiaidh meastachán a dhéanamh ar shaolré ionchais sócmhainne agus ar an luach iarmharach ionchais ag deireadh a saoil. Is é an toradh a bheadh ar athrú ar shaolré ionchais sócmhainne nó ar a luach iarmharach ná athrú sa mhuirear dímheasa sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

Cinneann an bhainistíocht ar shaolré ionchais shócmhainní na Gníomhaireachta agus déantar athbhreithniú uirthi seo ar bhonn bliantúil, ar a laghad, chun críche oiriúnachta. Tá an tsaolré bunaithe ar thaithí stairiúil le sócmhainní comhchosúla mar aon le súil chun cinn ar theagmhais sa todhchaí, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tsaolré.

## 6. Ioncam oibriúcháin

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Gnóthú speansas ó GNBS | 53,495 | 53,838 |
| Gnóthú speansas ó CISÉ | 8,686 | 182 |
| Gnóthú speansas ó SBCI | 3,634 | 676 |
| Ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne | 289 | 390 |
| Ioncam eile | 253 | 415 |
| | **66,357** | **55,501** |

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais tacaíochta agus ghnó a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig cuid de na feidhmeanna faoi reachtaíocht fhorordaithe mar seo a leanas:

- Do GNBS faoi ailt 41 agus 42 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Ba é costas na seirbhísí sin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ná €53.5m (2014: €53.8m).
- Do CBSÉ faoi alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Ba é costas na seirbhísí sin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ná €3.6m (2014: €0.7m).

Ina theannta sin, faoi alt 48 den an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, glanfar speanais na Gníomhaireachta maidir le CISÉ ó CISÉ.

Eisítear Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001, arna leasú ag an Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú), 2007. Sa chás go mainníonn banc atá cláraithe mar fhoras creidmheasa morgáiste sainithe nó mar fhoras creidmheasa poiblí sainithe faoin Acht (arna leasú), foráiltear leis an Acht (arna leasú) nach mór don Ghníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh san ord seo a leanas, (i) iarracht a dhéanamh soláthraí seirbhísí eile a fháil chun na cistí cuí sócmhainní a bhainistiú, (ii) comhlacht corpraithe eile a fhostú chun a bheith ina mháthairaonán i leith na gcistí cuí, nó, (iii) na cistí a bhainistiú léi féin. Faigheann an Ghníomhaireacht ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne i gcomaoin, atá bunaithe ar shuim ainmniúil gach banna in eisiúint faoi chumhdach sócmhainne.

Cuimsíonn ioncam eile, go príomha, gnóthú táillí áirithe foirne ar iasacht, táillí áirithe riaracháin agus táillí gairmiúla áirithe. Gearradh táille seirbhíse ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe in 2014 i gcomhair iasachtaí a fháil thar a ceann faoi Chlár Páipéar Tráchtála.

## 7. An Príomh-Chiste

Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ach rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn fabhraithe. Tá na nithe réitigh leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir | 13 | (1,092) | 5,442 |
| Glansuimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste | | 46,459 | 37,905 |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig | 14, 13 | (3,086) | 1,092 |
| Príomh-Chiste Infhaighte don bhliain | | **42,281** | **44,439** |

Is í an tsuim iomlán a n-aithnítear í a bheith (iníoctha leis an) / inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste:

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| (Iníoctha leis an) / Inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste | 14, 13 | (3,086) | 1,092 |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 10.4 | 18,923 | 25,537 |
| | | **15,837** | **26,629** |

## 8. Costais na Gníomhaireachta

### 8.1. Costais na Gníomhaireachta

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costais Foirne** | | | |
| Costais fostaíochta | | 82,920 | 72,564 |
| Athrú ar sheirbhís reatha scéime pinsin le sochar sainithe | 10.5 | 15,737 | 9,309 |
| Costas pinsin CCSP | 8.4 | 36 | 46 |
| | | 98,693 | 81,919 |
| **Costais oibriúcháin eile** | | | |
| Costais oibriúcháin eile | | 12,349 | 13,781 |
| Táillí gairmiúla | | 3,966 | 3,829 |
| Dímheas | 11 | 1,707 | 1,405 |
| | | 18,022 | 19,015 |
| Glanchostas úis | 10.5 | 475 | 368 |
| **Costais Iomlána na Gníomhaireachta** | | **117,190** | **101,302** |

Áirítear le costais fostaíochta luach saothair agus costais eile a bhaineann leis an bhfoireann. Ar na costais oibriúcháin eile, tá costais teicneolaíochta, costais áitíochta, costais seirbhísí gnó agus speansais taistil na foirne.

Faoin ordú a eisíodh don Ghníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig an nGníomhaireacht. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus ó shin i leith, tá baill foirne na Gníomhaireachta, a bhfuil baint acu le feidhmeanna córais bhaincéireachta a sholáthar, ar iasacht ag an Roinn Airgeadais. Ar ordú an Aire, leanann an Ghníomhaireacht de bheith ag freastal ar na costais foirne bhainteacha agus ar na costais a bhain le comhairleoir gairmiúil a thabhaítear. Tabhaíodh costais comhairleoirí gairmiúla de €78k ina leith sin in 2015 (2014: nialas).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 8.2 Speansais na Gníomhaireachta d'fheidhmeanna sonraithe

| | Nóta | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | 15,674 |
| Maoiniú agus Bainistiú Fiach | | 10,132 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | | 9,149 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 6 | 8,686 |
| RÉnua | | 6,233 |
| | | **49,874** |
| | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 6 | 53,495 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 6 | 3,634 |
| Aonad Baincéireachta | | 2,426 |
| Coigeartú pinsin* | | 7,761 |
| | | 67,316 |
| **Speansais Iomlána** | | **117,190** |

** Is ionann an coigeartú pinsin agus an difear idir an soláthar le haghaidh costais phinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na ranníocaíochtaí pinsin iarbhír a rinneadh.*

### 8.3 Luach saothair agus costais

**Táillí agus speansais chomhaltaí na Gníomhaireachta**

Ceapadh comhaltaí na Gníomhaireachta an 22 Nollaig 2014. Is é an tAire Airgeadais a chinneann luach saothair chomhaltaí na Gníomhaireachta agus tá sé leagtha amach thíos:

| **Táillí chomhaltaí na Gníomhaireachta** | **2015 €** | **2014 €** |
|---|---|---|
| Maeve Carton | 30,000 | 815 |
| Brendan McDonagh | 30,000 | 815 |
| Martin Murphy | 30,000 | 815 |
| Mary Walsh | 30,000 | 815 |
| Susan Webb | 30,000 | 815 |
| Táillí na Gníomhaireachta | **150,000** | **4,075** |

Fuair gach comhalta ceaptha luach saothair breise de €54 chomh maith in 2015 i leith suimeanna a gearríocadh in 2014.

Baineann luach saothair de €45,000 in aghaidh na bliana le post an Chathaoirligh agus luach saothair de €30,000 do Chomhaltaí Ceaptha eile. Tharscaoil Cathaoirleach na Gníomhaireachta (Willie Walsh) an luach saothair a bhí dlite dó le haghaidh 2015 agus 2014.

Oibríonn Derek Moran agus Robert Watt ar an nGníomhaireacht de bhrí oifige ina gcáil mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Airgeadais agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi seach. Oibríonn Conor O'Kelly (a ceapadh an 5 Eanáir 2015) agus d'oibrigh John Corrigan (a d'éirigh as an 4 Eanáir 2015) de bhrí oifige mar Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht. Ní bhfuair siad aon luach saothair i leith a gcomhaltais.

## 8. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 8.3 Luach saothair agus costais (ar lean)

**Speansais chomhaltaí na Gníomhaireachta**

Tá speansais a tabhaíodh i leith chomhaltaí an Gníomhaireachta leagtha amach thíos:

| Comhalta na Gníomhaireachta | Taisteal € | Cóiríocht agus lena mbaineann speansais € | Iomlán 2015 € | Iomlán 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Maeve Carton | - | - | - | - |
| Brendan McDonagh[1] | 20,822 | 2,287 | 23,109 | - |
| Martin Murphy | - | - | - | - |
| Mary Walsh | - | - | - | - |
| Susan Webb | - | - | - | - |
| Costais na gníomhaireachta | **20,822** | **2,287** | **23,109** | **-** |

[1] *Tá cónaí ar Brendan McDonagh i mBeirmiúda.*

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le comhaltaí na Gníomhaireachta ar bhonn deimhnithe. Baineann speansais le costais taistil agus chóiríochta chun freastal ar chruinnithe de chuid na Gníomhaireachta in oifigí na Gníomhaireachta i mBaile Átha Cliath. Is ionann an cháin iníoctha ag an nGníomhaireacht in 2015 leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na speansais aisíoctha do Chomhaltaí na Gníomhaireachta agus €20,791 (2014: nialas).

**Táillí agus speansais chomhaltaí an Choiste Infheistíochta**

Ceapadh comhaltaí an Choiste Infheistíochta an 27 Feabhra 2015. Is é an tAire Airgeadais a chinneann luach saothair chomhaltaí an Choiste Infheistíochta agus tá sé leagtha amach thíos:

| Táillí chomhaltaí an Choiste Infheistíochta | 2015 € |
|---|---|
| Richard Leonard | 16,750 |
| John Herlihy | 16,750 |
| Julie Sinnamon[2] | - |
| Táillí an Choiste Infheistíochta | **33,500** |

Is ionann luach saothair na gcomhaltaí seachtracha agus €20,000 sa bhliain.

[2] *Ní bhfuair Julie Sinnamon, a ceapadh ina cáil mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí, aon luach saothair i leith a ballraíochta.*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 8.3 Luach saothair agus costais (ar lean)

**Speansais chomhaltaí an Choiste Infheistíochta**

Tá speansais a tabhaíodh i leith chomhaltaí an Choiste Infheistíochta leagtha amach thíos:

| Comhalta an Choiste Infheistíochta | Taisteal € | Cóiríocht agus lena mbaineann speansais € | Iomlán 2015 € |
|---|---|---|---|
| Richard Leonard | 1,447 | 1,017 | 2,464 |
| John Herlihy | - | - | - |
| Julie Sinnamon | - | - | - |
| Speansais an Choiste Infheistíochta | **1,447** | **1,017** | **2,464** |

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le comhaltaí an Choiste Infheistíochta ar bhonn deimhnithe. Baineann speansais le costais taistil agus chóiríochta chun freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste Infheistíochta in oifigí na Gníomhaireachta i mBaile Átha Cliath. Is ionann an cháin halíoctha ag an nGníomhaireacht in 2015 leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na speansais aisíoctha do Chomhaltaí an Choiste Infheistíochta agus €1,821 (2014: nialas).

**Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh**

| Conor O'Kelly (a ceapadh an 5 Eanáir 2015) | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 476,364 | - |
| Sochair incháinithe | 2,183 | - |

| John Corrigan (a d'éirigh as an 4 Eanáir 2015) | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 18,705 | 416,500 |
| Sochair incháinithe | 248 | 29,075 |

Cuimsíodh i luach saothair Conor O'Kelly tuarastal bunúsach agus sochair inchánacha (árachas sláinte). Déanann an Ghníomhaireacht ranníocaíocht de 18% den tuarastal i dtreo socrú pinsin i leith Conor O'Kelly. Ní bhfuair Conor O'Kelly íocaíocht lánroghnach fheidhmíocht-bhainteach i leith 2015.

Tá teidlíochtaí pinsin John Corrigan ag teacht leis na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim pinsin le sochar sainithe de réir mhúnla na hearnála poiblí.

Chuimsigh luach saothair John Corrigan tuarastal bunúsach, sochair inchánacha (carr agus árachas sláinte) agus íocaíocht fheidhmíocht-bhainteach arbh fhiú suas le 80 faoin gcéad den tuarastal bliantúil í. Tharscaoil John Corrigan aon chomaoin maidir le pá feidhmíocht-bhainteach le haghaidh 2014 agus 2015.

**Scéim iomarcaíochta deonaí**

Ar dháta na tuarascála, bhí 79 bhfostaí (lena n-áirítear 50 ball foirne a bhí sannta chuig GNBS) rannpháirteach i Scéim Iomarcaíochta Deonaí ('SID'). Sainaithníodh costais de €5.0m a bheith ag baint leis an SID in 2015, agus baint ag €3.6m díobh seo le GNBS. Maidir le SID GNBS, bhain €1.3m le híocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta agus le híocaíochtaí iomarcaíochta eile, bhain €1.0 leis an "scéim choinneála"[3], agus bhain €1.3m le saoire gharraíodóireachta. Cuireadh síos an €1.4m don chuid eile dá raibh fágtha d'fhoireann GBCN d'íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta agus d'íocaíochtaí iomarcaíochta eile. Ní raibh aon SID ann in 2014.

**Saoire Gharraíodóireachta**

Cuireadh 50 ball foirne de chuid na Gníomhaireachta (baill foirne a sannadh do GNBS) ar shaoire gharraíodóireachta le linn 2015, mar chuid den SID. Ní léiríonn sé seo costas incriminteach don Ghníomhaireacht; is cuid é de chostas tuarastail iomlán na Gníomhaireachta a thabhófaí beag beann ar an gcinneadh an fhoireann ábhartha a chur ar shaoire gharraíodóireachta. B'ionann meántréimhse na saoire garraíodóireachta don 50 ball foirne, faoin SID, agus trí mhí.

## 8. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 8.3 Luach saothair agus costais (ar lean)

**Saoire Gharraíodóireachta** (ar lean)

De bhreis orthu sin ar glacadh leo le haghaidh na SID, cuireadh 18 mball foirne (2014: 18) de chuid na Gníomhaireachta ar shaoire gharraíodóireachta le linn 2015, lenar bhain costas inchurtha i leith 2015 de thart ar €0.4m (2014: €0.4m). As na 18 mball foirne a cuireadh ar shaoire, ba bhaill foirne a bhí sannta chuig GNBS iad 15 acu (2014: 17). B'ionann meántréimhse na saoire garraíodóireachta don 18 mball foirne agus 2 mhí (2014: 2 mhí). Rinneadh an cinneadh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart na 18 mball foirne seo a chur ar shaoire gharraíodóireachta cás ar chás agus cuireadh san áireamh breithniú, i measc nithe eile, ar ról an bhaill foirne laistigh den Ghníomhaireacht agus ar fhostóir nua an bhaill foirne.

**Costais Foirne Eile**

In 2015, rinne GBCN íocaíochtaí coinneála dar suim iomlán de €120,000 le ceathrar ball foirne (2014: €60,000 le 1 bhall foirne amháin). Rinneadh na híocaíochtaí seo ar bhonn teoranta agus eisceachtúil chun saineolas agus taithí eochairbhaill foirne i réimsí gnó criticiúla a choinneáil. Táthar tar éis stad a chur leis an gcleachtas mar a ndéantar conarthaí fostaíochta ina bhfuil foráil le haghaidh íocaíochtaí coinneála. Níl aon socrú coinneála déanta ó bhí lár 2014 ann agus ní mhairfidh aon socrú dá leithéid níos faide ná 2017.[3]

[3] *Níor baineadh feidhm as an scéim choinneála ach amháin i gcásanna inar cuireadh na baill foirne ar iomarcaíocht, inar chomhlíon siad gach caighdeán feidhmíochta agus inar fhan siad le GNBS ar feadh na tréimhse is gá le sainordú GNBS a chomhlíonadh.*

### 8.4 Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta bunaithe ar chomhairle achtúire neamhspleách I ndiaidh athbhreithniú achtúireach ag deireadh 2013, socraíodh ranníocaíocht na Gníomhaireachta ag leibhéal 14.2% faoin gcéad den tuarastal i ndáil le daoine a raibh ballraíocht acu sa Scéim. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta leis an scéim sochair shainithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus €8.5m (2014: €8.6m).

Foráiltear do dhliteanais a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socruithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith na Gníomhaireachta a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil phoiblí. Shainigh an tAire Airgeadais an Ghníomhaireacht mar an t-eagras ceadaithe chun críocha Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse) an 7 Aibreán 1997. Forálann an t-ainmniúchán seo do ranníocaíochtaí a íoc as an Státchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite i gcomhair íocaíochta mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht. Ní dhearnadh aon fhoráil d'íocaíocht na dteidlíochtaí sin a mhaoiniú.

Rinne an Ghníomhaireacht ranníocaíocht freisin de €36k (2014: €46k) le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta do roinnt fostaithe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2015.

## 9. Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha

### 9.1 Glanmhaoiniú cúlchiste sochair scoir iarchurtha i leith na bliana

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe | 10.5 | 15,737 | 9,309 |
| Glanchostas úis | 10.5 | 475 | 368 |
| Ioncam a caitheadh chun ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gciste pinsin | 8.4 | (8,451) | (8,560) |
| Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha | | 7,761 | 1,117 |

### 9.2 Gluaiseacht sa Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Gluaiseacht i suimeanna inghnóthaithe maidir le gnóthachan / (caillteanas) achtúireach na bliana reatha | 10.6 | (14,375) | 20,871 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 10. Sochair scoir

### 10.1 Scéim pinsin le sochar sainithe

Tá luacháil na scéime sochair shainithe a úsáideadh chun críocha ábhair nochta FRS 102 bunaithe ar shonraí a chuir Riarthóir na Scéime, Mercer (Ireland) Limited, ar fáil. Cinneann achtúire neamhspleách an luacháil le riachtanais FRS 102 a chur san áireamh chun na dliteanais ar dháta an chláir chomhordaithe a mheas. Luaitear sócmhainní scéime ag a luach cóir ar dháta an chláir chomhordaithe.

### 10.2 Athrú ar oibleagáid sochair shainithe

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe ag tús na bliana | 123,342 | 79,490 |
| Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe | 15,737 | 9,309 |
| Costas úis | 2,837 | 3,610 |
| Íocaíochtaí Sochair | 49 | 458 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe | 1,484 | 1,342 |
| Préimheanna árachais | (241) | (130) |
| Éifeacht na n-athruithe ar thoimhdí | (16,723) | 31,054 |
| Éifeacht na gcoigeartuithe taithí | 4,893 | (1,791) |
| Oibleagáid sochair shainithe ag deireadh na bliana | 131,378 | 123,342 |

### 10.3 Athrú ar luach cóir shócmhainní an phlean

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana roimhe | 97,805 | 75,941 |
| Ioncam úis | 2,362 | 3,242 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí | 8,451 | 8,560 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe | 1,484 | 1,342 |
| Íocaíochtaí Sochair ó Shócmhainní an Phlean | 49 | 458 |
| Préimheanna árachais le haghaidh sochair riosca | (241) | (130) |
| Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh) | 2,545 | 8,392 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana | **112,455** | **97,805** |

| **Sócmhainní an Phlean** | **%** | **%** |
|---|---|---|
| Ba iad na leithdháiltí sócmhainne ag deireadh na bliana: | | |
| Gnáthscaireanna | 53.80 | 51.01 |
| Urrúis fiachais | 31.78 | 34.33 |
| Réadmhaoin | 4.39 | 4.30 |
| Malairtí | 9.95 | 9.87 |
| Airgead Tirim | 0.08 | 0.49 |
| | **100.00** | **100.00** |
| | | |
| Toradh iarbhír faoi shócmhainní scéimeanna | **4,907** | **11,634** |

## 10. Sochair scoir (ar lean)

### 10.4 Easnamh scéime

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | | (131,378) | (123,342) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | | 112,455 | 97,805 |
| Glandliteanas sochair shainithe | | **(18,923)** | **(25,537)** |
| **Suimeanna sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais** | | | |
| Oibleagáid sochair scoir | | (18,923) | (25,537) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 7 | 18,923 | 25,537 |

### 10.5 Costas a bhaineann le pleananna sochair shainithe

Is í an tsuim a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe | 8.1 | 15,737 | 9,309 |
| Speansas úis ar oibleagáid sochair shainithe | | 2,837 | 3,610 |
| Ús (ioncam) ar shócmhainní an phlean | | (2,362) | (3,242) |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas an speansais úis | | **475** | **368** |

### 10.6 Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach

Seo a leanas na hatomhais atá sainaitheanta in Ioncam Cuimsitheach Eile:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Éifeacht na n-athruithe ar thoimhdí | 16,723 | (31,054) |
| Éifeacht na gcoigeartuithe taithí | (4,893) | 1,791 |
| Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh) | 2,545 | 8,392 |
| Atomhais atá san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile | **14,375** | **(20,871)** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 10. Sochair scoir (ar lean)

### 10.7 Príomhthoimhdí achtúireacha

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh: | 2015 % | 2014 % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.8 | 2.3 |
| Ráta méadaithe tuarastail | 2.5 | 2.5 |
| Ráta boilscithe praghsanna | 1.5 | 1.5 |
| Ráta méadaithe pinsin | 1.5/2.5 | 1.5/2.5 |

| Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun costas pinsin a chinneadh: | % | % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.3 | 4.0 |
| Aisíoc ionchais fhadtéarmaigh ar shócmhainní scéime | 2.3 | 4.0 |
| Ráta méadaithe tuarastail | 2.5 | 3.0 |
| Ráta boilscithe praghsanna | 1.5 | 2.0 |
| Ráta méadaithe pinsin | 1.5/2.5 | 2.0/3.0 |

| Meánionchas saoil ualaithe ag aois 60 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh: | Blianta | Blianta |
|---|---|---|
| **Pinsinéirí Amach Anseo** | | |
| Fear (45 bliana d'aois faoi láthair) | 30.4 | 30.5 |
| Bean (45 bliana d'aois faoi láthair) | 32.6 | 31.6 |
| **Pinsinéirí Reatha** | | |
| Fear (60 bliain d'aois faoi láthair) | 28.6 | 28.6 |
| Bean (60 bliain d'aois faoi láthair) | 30.7 | 30.0 |

| Meánionchas saoil ualaithe ag aois 65 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh: | Blianta | Blianta |
|---|---|---|
| **Pinsinéirí Amach Anseo** | | |
| Fear (45 bliana d'aois faoi láthair) | 26.0 | 26.0 |
| Bean (45 bliana d'aois faoi láthair) | 28.1 | 27.0 |
| **Pinsinéirí Reatha** | | |
| Fear (65 bliana d'aois faoi láthair) | 23.7 | 23.5 |
| Bean (65 bliana d'aois faoi láthair) | 25.8 | 24.9 |

## 11. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí

| | Léasacht feabhsúcháin €'000 | Troscán, trealamh agus mótarfheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas:** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | 3,951 | 7,282 | 11,233 |
| Suimiúcháin ar chostas | 127 | 793 | 920 |
| Diúscairtí | - | (1,202) | (1,202) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | **4,078** | **6,873** | **10,951** |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | 2,402 | 5,670 | 8,072 |
| Dímheas don bhliain | 685 | 1,022 | 1,707 |
| Diúscairtí | - | (1,198) | (1,198) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | **3,087** | **5,494** | **8,581** |
| **Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2015** | 991 | 1,379 | 2,370 |
| Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2014 | 1,549 | 1,612 | 3,161 |

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolré fhónta mheasta réadmhaoine, trealaimh agus feithiclí mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Feabhsúcháin léasachta | 10 mbliana |
| Trealamh agus mótarfheithiclí | 3 go 5 bliana |
| Troscán | 7 mbliana |

Baineann na costais léasachta chaipitlithe le costais feistithe an spáis oifige atá áitithe ag an nGníomhaireacht. Glactar an réadmhaoin ar léas faoi léasanna fadtéarmacha, mar atá luaite i nóta 17.

## 12. Infháltais (Neamhreatha)

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 87 | - |
| | **87** | **-** |

## 13. Infháltais (Reatha)

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna infhaighte ó GNBS | 5,723 | 1,344 |
| Suimeanna infhaighte ó CISÉ | 1,910 | 182 |
| Suimeanna infhaighte ó SBCI | 350 | 676 |
| an bPríomh-Chiste | - | 1,092 |
| Féichiúnaithe eile | 522 | 2,106 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,012 | 1,327 |
| | **10,517** | **6,727** |

Cuimsítear go príomha le féichiúnaithe eile aisíocaíochtaí dlite ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ioncam ó Urrús faoi Chumhdach Sócmhainní agus ioncam dlite ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain amháin

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe | | 2,813 | 2,840 |
| an bPríomh-Chiste | | 3,086 | - |
| Fabhruithe | | 7,869 | 3,802 |
| Ioncam Iarchurtha | 15 | 467 | 467 |
| | | **14,235** | **7,109** |

Cuimsíonn fabhruithe teidlíochtaí saoire bliantúla de €1.2m (2014: €1.2m) a saothraíodh ach nach raibh tógtha ar dháta an tuairiscithe.

## 15. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliain amháin

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Iarchurtha | 158 | 627 |
| Soláthairtí eile | 672 | 672 |
| | **830** | **1,299** |

Baineann ioncam iarchurtha le préimh aisiompaithe ar íocaíochtaí cíosa ar áitreabh léasach (nóta 17). Tá luach na préimhe aisiompaithe spréite thar shaolré an léasa. Is é ba thoradh leis an mbeart seo ioncam de €2.0m a chuirfear do shochar an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas ar bhonn bliantúil sa tréimhse Eanáir 2013 go hAibreán 2017.

Áirítear ar na soláthairtí eile costais áitribh (nóta 22). Seo a leanas sonraí maidir le gluaiseacht soláthairtí sa tréimhse:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Ean | 672 | 672 |
| Suimeanna Breise | - | - |
| Táillí | - | - |
| Aisiompuithe | - | - |
| Amhail an 31 Noll | **672** | **672** |

## 16. Cuntas caipitil

| | | | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh (nóta 22) | | | 2,489 | 2,734 |
| Aistriú chuig Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | | | | |
| Maoiniú sócmhainne | | | | |
| - Sócmhainní Seasta | | 920 | | |
| Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil | | | | |
| - Amúchadh de réir dímheasa | (1,707) | | | |
| - Glansuim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainne | (4) | (1,711) | (791) | (245) |
| Iarmhéid deiridh | | | **1,698** | **2,489** |

## 17. Gealltanais

Sna blianta 1991, 2007 agus 2012, rinne an Ghníomhaireacht comhaontuithe léasa ar feadh tréimhsí éagsúla go 2017, go 2026 agus go 2027 i ndáil le cóiríocht oifige ag Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02XN96.

Is ionann an t-ollchostas bliantúil cíosa faoi na léasanna oibriúcháin sin agus €2.8m, gan préimh aisiompaithe ar fiú €0.5m in aghaidh na bliana í san áireamh agus a bhaineann leis an ioncam iarchurtha a áirítear i nóta 14 agus i nóta 15.

Seo a leanas na híoschíosanna ainmniúla todhchaí is iníoctha faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe:

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 2,793 | 2,828 |
| Faoi cheann dhá bhliain go cúig bliana | 7,245 | 8,457 |
| Thar 5 bliana | 9,143 | 12,104 |
| | **19,181** | **23,389** |

## 18. Dliteanais theagmhasacha

I Márta 2015, cuireadh tús le himeachtaí dlí in aghaidh na Gníomhaireachta agus an Aire Oideachais agus Scileanna i ndáil leis an gcomórtas soláthair phoiblí le haghaidh thionscadal CPP Institiúid Theicneolaíochta Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin. Tá an Ghníomhaireacht agus an tAire Oideachais agus Scileanna ag cosaint na n-imeachtaí seo. Éisteadh an cás sa Chúirt Tráchtála i mí Feabhra 2016 agus tá breith ar an gcás ar feitheamh. Amhail an dáta tuairiscithe, níl aon oibleagáid ar an nGníomhaireacht i leith an cháis seo is féidir a mheas go hiontaofa agus, dá réir, níl aon soláthar sainaitheanta. De bhreis air seo, ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh eis-sreabhadh acmhainní ann agus níl sé praiticiúil meastachán a dhéanamh ar an éifeacht airgeadais, más ann di ar chor ar bith, a thiocfaidh de thoradh an cháis agus, dá réir, níl aon nochtadh á dhéanamh i leith an cháis seo.

## 19. Páirtithe gaolmhara

**An tAire Airgeadais**

Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí de chuid na Gníomhaireachta de réir alt 3A den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

**Príomhphearsanra bainistíochta**

Is iad comhaltaí na Gníomhaireachta a rialaíonn an Ghníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach a bhainistíonn agus a stiúrann riarachán agus gnó na Gníomhaireachta. Tá údarás agus freagracht ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag Comhaltaí na Gníomhaireachta as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus, dá bhrí sin, is príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta iad. Nochtar i Nóta 8 táillí a íocadh le comhaltaí na Gníomhaireachta mar aon le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

**An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní**

De réir ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS, mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó GNBS i nóta 6.

**Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann**

De réir alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do CBSÉ mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna CBSÉ. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó CBSÉ i nóta 6.

**Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean**

De réir alt 21 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, is í an Ghníomhaireacht bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Níor thabhaigh an Ghníomhaireacht aon chostais ná níor ghnóthaigh sí aon speansais sa tréimhse maidir leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 20. An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Le héifeacht ón 27 Eanáir 2015, chomhlíon GBCN, ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú) 2014, feidhmeanna maoinithe agus comhairlithe maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Ba í GBCN a chlúdaigh costais na seirbhísí seo, arna cúiteamh ag an Údarás Stáit iomchuí lena mbaineann na tionscadail.

Sular díscaoileadh í an 27 Eanáir 2015, ba chomhlacht reachtach ar leithligh í an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus thuairiscigh sí aon chaiteachas dá leithéid ar leithligh i dtuarascáil bhliantúil GAFN. Tá gach nochtadh atá léirithe ag teacht leis na dátaí reachtúla tuairiscithe.

Le linn na tréimhse, thabhaigh GBCN, ag feidhmiú mar GAFN, na costais seo a leanas:

| | 27 Ean 15 go 31 Noll 15 €'000 | 01 Ean 14 go 26 Ean 15 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí comhairliúcháin | 1,909 | 4,160 |
| Táillí dlí | 950 | 787 |
| Costais tionscadail eile | 9 | 6 |
| | **2,868** | **4,953** |

Seo a leanas na suimeanna atá infhaighte ó Údaráis Stáit amhail ar dháta an tuairiscithe:

| | 31 Noll 15 €'000 | 26 Ean 15 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Dlí agus Cirt | 183 | 80 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 84 | 113 |
| An Roinn Oideachais | 59 | 477 |
| Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 33 | 200 |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta | - | 98 |
| | **359** | **968** |

Déantar suimeanna aisíoctha a chur ar ais chuig Ciste Bhanc Taisce an Phoist i gcomhréir le halt 30 d'Acht GBCN 2014. Amhail an 31 Nollaig 2015, tá €470k dlite do Chiste Bhanc Taisce an Phoist.

Bhí méid iomlán de €114k (26 Eanáir 2015: €761k) sa bhanc ag GAFN amhail an 31 Nollaig 2015. Níl sé seo san áireamh san iarmhéid airgead sa bhanc mar atá léirithe sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Níl an caiteachas agus an aisíocaíocht thuas san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ná sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar leathanaigh 82 agus 83.

I Meán Fómhair 2015, fógraíodh i bPlean Caipitil 2016-2021 go ndéanfar an comhlacht nuabhunaithe, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), a neartú trí fheidhmeanna soláthair agus bainistithe tionscadail CPP GAFN a aistriú chuige. Tá GBCN ag plé faoi láthair leis na Ranna Rialtais iomchuí agus le BIÉ d'fhonn an t-aistriú a chur chun cinn.

## 21. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 22. Aistriú go dtí FRS 102

Tá an Ghníomhaireacht tar éis aistriú chuig FRS 102 agus suimeanna comparáideacha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 a athshonrú. Seo a leanas an tionchar a d'imir sé sin:

**Clár comhardaithe amhail an 1 Eanáir agus an 31 Nollag 2014**

| | Coigeartú | 1 Eanáir 2014 €'000 | Éifeacht an Aistrithe €'000 | Arna tuairisciú faoi FRS 102 €'000 | 31 Noll 2014 €'000 | Éifeacht an Aistrithe €'000 | Arna tuairisciú faoi FRS 102 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | |
| Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí | 2 | 3,202 | 204 | 3,406 | 2,978 | 183 | 3,161 |
| Infháltais | | 9,130 | 882 | 10,012 | 5,636 | 1,091 | 6,727 |
| Airgead sa Bhanc | | 3,180 | - | 3,180 | 1,009 | - | 1,009 |
| **Sócmhainní reatha** | | 12,310 | 882 | 13,192 | 6,645 | 1,091 | 7,736 |
| Creidiúnaithe | 1,2 | (12,310) | (1,554) | (13,864) | (6,645) | (1,763) | (8,408) |
| **Glansócmhainní reatha** | | - | (672) | (672) | - | (672) | (672) |
| **Glansócmhainní roimh shochair scoir** | | **3,202** | **(468)** | **2,734** | **2,978** | **(489)** | **2,489** |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | | 3,549 | - | 3,549 | 25,537 | - | 25,537 |
| Oibleagáid sochair scoir | | (3,549) | - | (3,549) | (25,537) | - | (25,537) |
| **Glan-Sócmhainní** | | **3,202** | **(468)** | **2,734** | **2,978** | **(489)** | **2,489** |
| Ag Ionadú: | | | | | | | |
| Cuntas Caipitil | | **3,202** | **(468)** | **2,734** | **2,978** | **(489)** | **2,489** |

**Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2014**

| | Coigeartú | 2014 €'000 | Éifeacht an Aistrithe €'000 | Arna tuairisciú faoi FRS 102 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Ioncam Oibriúcháin | | 55,501 | - | 55,501 |
| Ioncam an Phríomh-Chiste | 1 | 43,262 | 1,177 | 44,439 |
| Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha | 3 | 720 | 397 | 1,117 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 2 | 224 | 21 | 245 |
| | | 99,707 | 1,595 | 101,302 |
| **Caiteachas** | | | | |
| Costais na Gníomhaireachta | 1,2,3 | (99,707) | (1,595) | (101,302) |
| **Glan-Ioncam / (Glan-Chaiteachas)** | | - | - | - |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. Aistriú go dtí FRS 102(ar lean)

**Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána le haghaidh 2014**

| | Coigeartú | 2014 €'000 | Éifeacht an Aistrithe €'000 | Arna tuairisciú faoi FRS 102 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Caillteanas Achtúireach aitheanta ar oibleagáidí sochair scoir | 3 | (21,268) | 397 | (20,871) |
| Gluaiseacht sa Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha (nóta 9.2) | 3 | 21,268 | (397) | 20,871 |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan Aitheanta Iomlán** | | - | - | - |

### Coigeartú

**1. Fabhrú maidir le saoire bhliantúil**

Ní dhearna an Ghníomhaireacht fabhrú roimhe seo i gcás pá saoire bliantúla a bhí saothraithe ag fostaithe ach nach raibh tógtha acu faoi dháta an tuairiscithe. Faoi FRS 102, tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht fabhrú a dhéanamh ar theidlíochtaí saoire bliantúla atá saothraithe ach nach bhfuil tógtha faoi dháta an tuairiscithe. Is é an tionchar atá leis an athrú seo go bhfuil pá saoire bliantúla fabhraithe de €0.9m agus €1.2m don Ghníomhaireacht an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach san áireamh i gcostais Chreidiúnaithe agus Gníomhaireachta.

Tá luach saothair fostaithe inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste. Tá an fabhrú maidir le saoire bhliantúil de €0.9m agus €1.2m don Ghníomhaireacht an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach san áireamh in ioncam Creidiúnaithe agus Príomhchiste mar shuimeanna infhála.

**2. Forálacha**

Ní raibh aon fhoráil déanta ag an nGníomhaireacht roimhe seo le haghaidh costas a bhaineann le háitreabh. Faoi FRS 102, tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht foráil a dhéanamh le haghaidh gach costais dhóchúil is féidir a mheas go hiontaofa. Is é an tionchar atá leis an athrú seo go bhfuil costais de €0.7m an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach san áireamh faoi Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí. Is é €21k an méid in-dímheasa atá sainaitheanta agus tá sé san áireamh laistigh den aistriú ón gCuntas Caipitil an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014. Is ionann an méid dímheasa carntha atá san áireamh laistigh de Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí agus €0.5m agus €0.5m an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach.

Tá an soláthar san áireamh laistigh de Chreidiúnaithe de €0.7m an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach.

Tá caiteachas caipitil inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste agus tá sé amúchta thar shaolré fhóinteach na sócmhainne. Tá dímheas breise de €21k don Ghníomhaireacht an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach san áireamh laistigh de chostais na Gníomhaireachta. Tá dímheas breise de €21k don Ghníomhaireacht an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 faoi seach amúchta agus é san aistriú ón gcuntas caipitil.

**3. Luacháil achtúireach**

Rinne an Ghníomhaireacht an scéim pinsin le sochar sainithe a áireamh roimhe seo faoi FRS 17. De thoradh an aistrithe go dtí FRS 102, d'fhág an t-athrú ar an toradh tuartha ar shócmhainní go dtí costas glanúis go raibh laghdú de €0.4m ann (ó €3.6m go dtí €3.2m) an 31 Nollaig 2014. Tá an ghluaiseacht de €0.4m de chaillteanas achtúireach san áireamh laistigh de chostais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2014. Tá an ghluaiseacht sa mhaoiniú iarchurtha de €0.4m san áireamh laistigh de Mhaoiniú glan sochair scoir iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2014. Táthar tar éis na hatomhais iomlána atá san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile a laghdú le €0.4m (ó €21.3 go €20.9) amhail an 31 Nollaig 2014.

## 23. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 24 Bealtaine 2016.

## Ráitis Airgeadais de chuid

# Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **104** |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe | **106** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | **107** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **108** |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus tuilleamh bainteach, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú).

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar:

- cibé acu is cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shainaithint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sa chuntas riaracháin, a ullmhaíodh mar is ceart de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (arna leasú), maidir le staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2015 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2015.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta maidir leis an gCiste le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i leith an Chiste i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Séamus McCarthy

**Séamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Bainteach

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Infheistíochta | 3 | 9,241 | 129,625 |
| Ús a Íocadh agus Ús Iníoctha | 4 | (8,118) | (8,121) |
| Costais Oibriúcháin | 5 | (26,821) | (27,312) |
| **(Easnamh) / Barrachas don Bhliain** | | **(25,698)** | **94,192** |
| Iarmhéid ag Tús na Bliana | | 190,410 | 96,218 |
| **Iarmhéid ag Deireadh na Bliana** | | **164,712** | **190,410** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | | 872,256 | 521,965 |
| Iasachtaí Lárnacha Cisteáin | | 26,288 | 31,918 |
| Iasachtaí agus Infháltais | 6 | 1,117,640 | 459,727 |
| Sócmhainní eile | 7 | 29,130 | 57,812 |
| Phríobháidigh | 8 | 885,746 | 1,791,925 |
| | | **2,931,060** | **2,863,347** |
| **Dliteanais** | | | |
| Taiscí Bhanc Taisce an Phoist | 9 | 2,763,939 | 2,670,290 |
| Dliteanais eile | 10 | 2,409 | 2,647 |
| Cúlchistí Coinnithe | | 164,712 | 190,410 |
| | | **2,931,060** | **2,863,347** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais aisíocaíocht agus seirbhísiú airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post na glanfháltais chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht"). Ní cuid den Státchiste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist ("Ciste").

Féadfaidh an tAire Airgeadais aon bharrachas carnach sa Chiste a leithreasú don Státchiste i ndiaidh soláthar oiriúnach a dhéanamh do dhímheas ar luach shócmhainní an Chiste chun na dliteanais do na taisceoirí a íoc (an tAcht Airgeadais, 1930, Alt 19(1)).

Le linn 2015, bhí na príomhchuspóirí seo a leanas ag an gCiste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinse, cealaithe, díolacháin agus aischeannaigh (comhaontú athcheannaigh) agus trádáil margaidh thánaistigh a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi Sheirbhísí Lárnacha Cisteáin do Chomhlachtaí ainmnithe Stáit.

Ón 1 Eanáir 2016, níl an Ciste á úsáid níos mó mar idirghabhálaí chun críche eisiúna príomhúla lena n-áirítear tráinsiú, cealú agus díol na n-urrús a eisíonn an Ghníomhaireacht. Leasaíodh an tAcht Airgeadais, 1970 le hAlt 87 d'Acht Airgeadais 2015 leis an athrú seo a éascú i dtaca le cealú urrús agus is ceadmhach don Aire urrúis a cheannach arna gcruthú nó arna n-eisiúint aige nó faoi aon fhoráil eile d'Acht Oireachtais cibé uair agus a mhinice is a mheasann seisean is iomchuí agus ar chaoi ar bith, cibé acu sa mhargadh oscailte nó eile, agus cuirfear aon urrúis den sórt sin ceannaithe amhlaidh ar ceal.

## 2 Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, agus rinneadh iad a ullmhú ar bonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

### 2.1 Nósmhaireacht Tomhais

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gníomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí (a chuirtear in iúl le €'000) ach amháin má tá a mhalairt sonraithe.

### 2.2 Infheistíochtaí

Cuirtear na hinfheistíochtaí in iúl de réir costais.

## 3. Ioncam Infheistíochta

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Glan a Fuarthas agus is Infhaighte | 39,295 | 66,255 |
| (Caillteanas)/Brabús ar Infheistíochtaí | (30,054) | 63,370 |
| | **9,241** | **129,625** |

Idirbheartaítear comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh idir an Ciste agus príomhdhéileálaithe sa mhargadh bannaí. Is in Ús Glan a Fuarthas agus is Infhaighte a léirítear an t-ioncam nó an costas úis a eascraíonn as na hidirbhearta sin.

Léiríonn an laghdú ar ioncam infheistíochta in 2015 an laghdú ar ghabháltais bannaí le linn na bliana mar aon leis an laghdú ar thorthaí bannaí go dtí torthaí ísle stairiúla le linn 2015. Áiríonn an Ciste a chuid gabháltas bannaí ar bhonn costais stairiúil agus ní aithníonn sé aon ghnóthachan neamhréadaithe. Áiríodh leis an mbrabús comparáideach de €63.4m ar infheistíochtaí in 2014 gnóthachain aonuaire de €52.2m a d'eascair as an nGníomhaireacht a gabháltas de bhannaí amúchta níos fadreathaí a fuarthas le linn na géarchéime eacnamaíche a dhíol le torthaí a bhí i bhfad níos airde a fháil.

## 4. Ús a Íocadh agus Ús Iníoctha

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Iníoctha le Taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist | **8,118** | **8,121** |

## 5. Costais Oibriúcháin

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Seirbhíse | **26,821** | **27,312** |

## 6. Iasachtaí agus Infháltais

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Airleacain don Státchiste | 1,114,370 | 455,927 |
| Airleacain don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 2,800 | 3,800 |
| Airleacain don Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 470 | - |
| | **1,117,640** | **459,727** |

Léiríonn airleacain chuig an Státchiste cistí Bealaí agus Modhanna, a tugadh ar iasacht don Státchiste. Níor ghearr an Ciste aon chostais mhaoinithe ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ná ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

## 7. Sócmhainní eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ús infhaighte | 17,071 | 44,181 |
| Iarmhéideanna Airgid atá ag an bPost | 1,651 | 1,499 |
| Socraíochtaí Trádála Bannaí Gan Íoc | 10,408 | 12,132 |
| | **29,130** | **57,812** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Infheistíochtaí

| Bannaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ag costas | 885,746 | 1,791,925 |
| Luacháil amhail an 31 Nollaig | **893,196** | **1,825,383** |

**Sceideal Sealúchas Infheistíochta:**

| Ainmniúil €'000 | Stoc | 2015 Costas €'000 |
|---|---|---|
| 212,682 | Banna Státchiste 4.6% 2016 | 221,894 |
| 26,107 | Banna Státchiste 5.5% 2017 | 29,548 |
| 27,124 | Banna Státchiste 4.5% 2018 | 31,183 |
| 45,652 | Banna Státchiste 5.9% 2019 | 53,102 |
| 109,225 | Banna Státchiste 4.4% 2019 | 134,185 |
| 62,194 | Banna Státchiste 5.0% 2020 | 73,903 |
| 77,904 | Banna Státchiste 4.5% 2020 | 96,105 |
| 43,950 | Banna Státchiste 0.8% 2022 | 44,924 |
| 22,714 | Banna Státchiste 3.9% 2023 | 27,801 |
| 30,172 | Banna Státchiste 3.4% 2024 | 35,873 |
| 45,972 | Banna Státchiste 5.4% 2025 | 63,415 |
| 36,525 | Banna Státchiste 2.4% 2030 | 40,163 |
| 35,210 | Banna Státchiste 2.0% 2045 | 33,650 |
| **775,431** | | **885,746** |

## 9. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Taiscí Bhanc Taisce an Phoist | **2,763,939** | **2,670,290** |

I mí Aibreáin 2015, aistríodh €3,570,517 (2014: €2,226,367) ón gCiste chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí dliteanas de €42,612,249 (2014: €38,933,835) ann go fóill de bhun athmhúscailtí cuntais de €468,202 (2014: €730,147) agus de bhun caipitliú úis (gan DIRT a áireamh) de €42,859 (2014: €59,350). Má athéilíonn taisceoirí BTP í, beidh an tsuim sin iníoctha ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ní áirítear an dliteanas sin i dtaiscí €2,763,939,004 (2014: €2,670,289,962) in BTP.

## 10. Dliteanais eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Glanchistí iníoctha faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh | 1,572 | 1,824 |
| DIRT dlite leis an bPost | 837 | 823 |
| | **2,409** | **2,647** |

## 11. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 12. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 24 Bealtaine 2016.

## Ráitis Airgeadais de chuid

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **112** |
| Ráiteas Ioncaim | **114** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | **115** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **116** |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (an Ghníomhaireacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú).

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí.
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Léim an t-eolas faoin nGníomhaireacht i dtuarascáil bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta lena shainaithint an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ann i dtaca leis na ráitis iniúchta airgeadais agus lena shainaithint an bhfuil aon fhaisnéis ann ar cosúil í a bheith mícheart nó neamhréireach go hábhartha, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar is ceart de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (arna leasú), maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus maidir lena hidirbhearta don bhliain 2015.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin nGníomhaireacht a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Ráiteas Ioncaim

## An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam infhaighte | 3 | 219,324 | 141,400 |
| Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe | 4 | 7,024 | 2,789 |
| | | **226,348** | **144,189** |
| Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh is iníoctha | 5 | 164,614 | 86,852 |
| Speansais eile | 6 | 54,710 | 54,548 |
| Aisíoc costas a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe | 4 | 7,024 | 2,789 |
| | | **226,348** | **144,189** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig

| | Nóta | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Airgead sa Bhanc | | 3,023 | 1,444 |
| Infháltais | 9 | 9,428 | 11,834 |
| Infheistíochtaí | 8 | 5,469 | 5,522 |
| | | **17,920** | **18,800** |
| **Dliteanais** | | | |
| Dliteanais Scéime | 8 | 5,469 | 5,522 |
| Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist | 10 | 2,800 | 3,800 |
| Dliteanais eile | 11 | 9,651 | 9,478 |
| | | **17,920** | **18,800** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, ba chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN") a tarmligeadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le díobháil phearsanta agus le damáiste réadmhaoine in aghaidh Údaráis Stáit áirithe ("Údaráis Stáit Tharmligthe") agus as bainistiú a dhéanamh ar na bunrioscaí a ghabhann leo. Ina theannta sin, bhí foráil san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, le haghaidh tarmligean bhainistíocht na n-éileamh ar chostais chuig GBCN. Nuair a bhíonn an Ghníomhaireacht i mbun na bhfeidhmeanna sin, glaoitear an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ("GÉS") uirthi. Tabhaíonn GÉS caiteachas ar dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara. Gnóthaíonn GÉS an caiteachas sin ó na hÚdaráis Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh.

Tá trí chuspóir ag GÉS, is iad sin:

- dualgas feidhmiú ar son leas is fearr na gcáiníocóirí i nithe a bhaineann le dlíthíocht díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine, le feidhmiú go cothrom agus go heiticiúil ina ngnóthaí le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó dochar agus a ghlacann caingean dlí in aghaidh an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus teaghlaigh na ndaoine seo;
- seirbhísí comhairleoireachta riosca a chur ar fáil d'Údaráis Stáit Tharmligthe agus é d'aidhm acu minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú thar thréimhse ama;
- bheith ag plé le héilimh áirithe ar chostais dlí.

I mí Feabhra 2003, rinneadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le faillí chliniciúil agus rioscaí lena ngabhann faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla ("SSC") a tharmligean chuig GÉS. Bunaíodh SSC chun socruithe slánaíochta leighis a chuíchóiriú don tseirbhís sláinte. Faoi SSC, glacann an Stát le freagracht iomlán as slánú agus as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le faillí chliniciúil.

Sa bhliain 2008, ba faoi I.R. Uimh. 628/2007, an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean) (Leasú) 2007, a tharmlig an Rialtas chuig GBCN an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh stairiúla in aghaidh cnáimhseoirí comhairleacha. Ba é an Cumann Cosanta Leighis ("CCL") a bhainistíodh éilimh den sórt sin roimhe sin. Aistríodh ciste reatha chuig GÉS agus bainistiú na n-éileamh á tharmligean. Tar éis iarmhéid an chiste a tharraingt anuas sa bhliain 2013, is faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a bhíonn GÉS ag freastal ar aon socraíochtaí éileamh agus ar aon speansais atá fágtha. Aisíocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ("FSS") na costais sin le GÉS.

Rinneadh sainchúram GÉS a leathnú arís eile i mí Feabhra 2011 nuair a tarmligeadh freagracht chuici as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le díobháil phearsanta agus maidir le damáiste réadmhaoine in aghaidh 13 údarás nua agus ar roinnt aicmí breise éileamh (lena n-áirítear éilimh maidir le díobháil phearsanta a bhaineann le bulaíocht / ciapadh, baill d'Óglaigh na hÉireann agus den Gharda Síochána agus iad ar seirbhís thar lear agus éilimh i dtaca le sláintíocht in-chillín ó phríosúnaigh).

Rinneadh éilimh ina maítear díobháil phearsanta a bhaineann leis na táirgí míochaine Tailídimíd agus Niméasuilíd a tharmligean chuig GÉS i mí Aibreáin 2012. I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuir an Rialtas freagracht ar GÉS as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta a bhaineann le dhá tháirge íocshláinte, Celvepan agus Pandemrix, a ionghabháil.

Tar éis cinnidh ón Rialtas in 2012, cuireadh Aonad um Chostais Dlí an Stáit ar bun laistigh de GÉS i mí Feabhra 2013, agus é de dhualgas air déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Cuireadh síneadh suntasach le feidhmeanna Aonad na gCostas Dlí faoi Chuid 5 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 agus leis an tarmligean a cuireadh i bhfeidhm faoin Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean na nÉileamh le haghaidh Feidhmeanna Bainistithe Costas) 2015.

I mí Aibreáin 2014, ba chuig GÉS a tarmligeadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh de chuid 61 comhlacht poiblí eile (lena n-áirítear Toscairí Ghrúpa na nOspidéal Deonach), rud a mhéadaigh líon iomlán na gcomhlachtaí poiblí atá faoi shainchúram GÉS ó 56 comhlacht go 117 comhlacht. Mhéadaigh tarmligean eile ón Rialtas i Meitheamh 2015 an líon comhlachtaí poiblí go dtí 129.

Faoi alt 53 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, arna thionscnamh le hIonstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 586 de 2014, rinneadh an Coiste Beartais um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh an 22 Nollaig 2014.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 2.1 Bonn na cuntasaíochta

Baineann ráitis airgeadais GÉS le bainistiú a dhéanamh ar éilimh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh agus óna bhfaigheann GÉS suimeanna aon dámhachtainí agus aon chostas gaolmhar. Tuairiscítear sna ráitis airgeadais na gníomhaíochtaí éileamh agus na hidirbhearta a phróiseáiltear tríd an GÉS sa bhliain agus, dá bhrí sin, ní thugtar aon suim i gcomhair luach na n-éileamh gan íoc.

Úsáidtear bonn airgid na cuntasaíochta lena aithint go bhfuiltear tar éis idirbhearta a choigeartú le haghaidh fabhruithe maidir le costais soláthraithe seirbhíse conraithe tríú páirtí agus an gnóthú costas bainteach ón Údarás Stáit Tarmligthe.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### 2.2 Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe an chaiteachais sin.

### 2.3 Ioncam Infhaighte

Déanann GÉS suimeanna aon dámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a ghnóthú ó Údaráis Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh. Déantar suimeanna a áireamh ar bhonn fabhruithe. Caitear le suimeanna mar shuimeanna faighte agus infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe i ndáil le haitheantas an chaiteachais bhaintigh.

## 3 Ioncam infhaighte

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---:|---:|
| Suimeanna infhaighte amhail an 1 Eanáir ó Údaráis Stáit Tharmligthe (Nóta 9) | (11,812) | (15,082) |
| Suim a fuarthas ó Údaráis Stáit Tharmligthe | 223,927 | 144,559 |
| Suim a fuarthas ó chistí Scéime (Nóta 8) | 53 | 111 |
| Suimeanna infhaighte amhail an 31 Nollaig (Nóta 9) | 7,156 | 11,812 |
| | **219,324** | **141,400** |

Is éard atá i suimeanna infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe aisíocaíochtaí aon dámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a thabhaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tarmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith na mbunéileamh.

## 4. Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---:|---:|
| Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe | **7,024** | **2,789** |

I gcásanna áirithe, cibé acu trí bhreithiúnas na cúirte nó trí chomhaontú leis an tríú páirtí / leis an gcomhchosantóir, féadfaidh tríú páirtí / comhchosantóir ranníocaíocht chéatadánach shonraithe a íoc le GÉS i dtaca le héileamh áirithe. Is ionann na suimeanna sin agus costais a ghnóthaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tarmligthe, a ndéantar iad a aisíoc ina dhiaidh sin leis na hÚdaráis iomchuí.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh is iníoctha

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh is iníoctha | **164,614** | **86,852** |

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe an chaiteachais sin.

Is é is cúis, go príomha, leis an méadú ná meánchostas níos airde d'éilimh ghinearálta de thoradh líon níos airde d'éilimh níos tromchúisí a bheith á socrú; agus socrú, ar bhonn cnapshuime, roinnt cásanna Ordú Íocaíochta Tréimhsiúla (OIT) iarchurtha a raibh gortuithe tubaisteacha ag baint leo, agus reachtaíocht OIT fós in easnamh.

## 6. Speansais eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| *Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát* | | |
| Táillí dlí | 18,516 | 20,520 |
| Táillí Leighis | 3,798 | 3,360 |
| Táillí innealtóirí | 345 | 350 |
| Táillí Eile (lena n-áirítear táillí iniúchta agus achtúirí) | 1,328 | 1,312 |
| | **23,987** | **25,542** |
| *Costais ghearánaí* | | |
| Táillí dlí | 30,094 | 28,913 |
| Táillí Saineolaithe Eile | 604 | 76 |
| Costais Taistil | 18 | 10 |
| | **30,716** | **28,999** |
| *Speansais finnéithe* | 7 | 7 |
| | **54,710** | **54,548** |

## 7. Luach Saothair agus Speansais (san áireamh i speansais riaracháin GBCN)

B'ionann na costais riaracháin a thabhaigh GBCN agus feidhmeanna GÉS á gcomhlíonadh aici agus €15.7m (2014: €13.5m). Tá na costais sin san áireamh i speansais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisíocaíocht na gcostas sin ó Údaráis Stáit Tharmligthe.

### An Coiste Beartais um Éilimh ar an Stát

Faoin alt 53 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, arna thionscnamh le I.R. Uimh. 586 de 2014, rinneadh an Coiste Beartais um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh an 22 Nollaig 2014. Ar an dáta sin, athbhunaíodh GBCN mar chomhlacht le Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile a thugann tuairisc don Aire Airgeadais agus a bhfuil freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann de na feidhmeanna atá ag GBCN (lena n-áirítear na feidhmeanna atá ag GÉS).

Sular díscaoileadh é, ba í GBCN a leag síos luach saothair do chomhaltaí Choiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le cead ón Aire Airgeadais.

## 7. Luach Saothair agus Speansais (san áireamh i speansais riaracháin GBCN) (ar lean)

Tá an luach saothair a fuair iarchomhaltaí de chuid an Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát i ndáil le 2014 leagtha amach thíos:

| | 2014 € |
|---|---|
| Noel Whelan (Cathaoirleach an Choiste) | 13,317 |
| Anthony Delaney | 8,877 |
| Christopher Moore | 8,877 |
| Niamh Moran | 8,877 |
| Fachtna Murphy | 8,877 |
| Wendy Thompson | - |
| Mary Jackson | - |
| | **48,825** |

Tharscaoil Wendy Thompson a cuid táillí i dtaca lena ballraíocht ar an gCoiste do 2014. Ní bhfuair Mary Jackson, a ceapadh ina ról mar státseirbhíseach, aon luach saothair i dtaca lena comhaltas den Choiste.

Níor íocadh speansais ar bith a bhain le comhaltaí Coiste in 2014.

## 8. Infheistíochtaí / dliteanais scéime

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais ("SSSC") in 2008. Faoin SSSC, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours agus Ospidéal Shliabh Chairmeil[1] a shlánú i leith éilimh chnáimhseachais shonracha. Ba faoi I.R. Uimh. 628/2007, an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean) (Leasú) 2007, a tharmlig an Rialtas chuig GBCN an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh faoi SSSC. Rinne na hospidéil ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí le ciste atá faoi bhainistíocht GBCN thar ceann an Aire Sláinte faoi alt 29(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Thug an tAire Sláinte údarás do GÉS suimeanna a tharraingt anuas ón gciste chun aon suimeanna atá íoctha ag GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach a aisíoc le GÉS faoi alt 16(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

### Cistí SSSC

Déantar cistí Scéime a infheistiú i Nótaí Státchiste thar ceann na Roinne Sláinte. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an gciste, agus ní aithnítear é mar ioncam de chuid GÉS.

Tá an ghluaiseacht sna cistí Scéime leagtha amach thíos:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 5,522 | 5,623 |
| Socraíochtaí agus speansais éileamh | (53) | (111) |
| Ioncam a saothraíodh | - | 10 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig a bhí ar fáil le haghaidh socrú éileamh | **5,469** | **5,522** |

[1] *Chuaigh Ospidéal Shliabh Chairmeil faoi leachtú i mí Eanáir 2014. Cheannaigh FSS é ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2014, agus é le húsáid mar shaoráid céim síos.*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. Infháltais

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe | 7,156 | 11,812 |
| Infhaighte ó Thríú Páirtithe i leith costais ghnóthaithe | 2,250 | - |
| Eile | 22 | 22 |
| | **9,428** | **11,834** |

## 10. Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist | **2,800** | **3,800** |

Faoi alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist ("Ciste BTP") a thabhairt ar airleacan do GÉS chun íoc as suim aon chostas, aon mhuirear agus aon speansas a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus le seirbhísí saineolaithe eile, chun íoc as suim aon dámhachtana nó aon socraíochta atá le híoc le héilitheoir i leith éileamh tarmligthe, agus chun íoc as aon suim úis, más ann di, atá iníoctha air. Tarraingítear airgead ó Chiste BTP de réir mar is gá le linn na bliana chun freastal ar na costais thuasluaite a thabhaíonn GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tarmligthe. Faigheann GÉS aisíocaíochtaí ó na hÚdaráis Stáit Tharmligthe ina dhiaidh sin agus aisíocann sí suimeanna le Ciste BTP ar bhonn rialta le linn na bliana. Ní ghearrann BTP aon chostais mhaoinithe ar GÉS i leith na socruithe seo.

## 11. Dliteanais eile

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha i leith costas | 4,831 | 5,943 |
| Iníoctha i leith dámhachtainí | 2,004 | 2,561 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite | 454 | 225 |
| Suimeanna dlite le hÚdaráis Stáit Tharmligthe | 2,362 | 749 |
| | **9,651** | **9,478** |

## 12. Dliteanais Mheasta na nÚdarás Stáit Tarmligthe

Le linn 2015, fuarthas 2,943 éileamh nua (2014: 3,003) agus réitíodh 1,863 ceann díobh (2014: 1,939). Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí GÉS ag láimhseáil 8,275 éileamh san iomlán (2014: 7,221).

Amhail an 31 Nollaig 2015, ba é €1.79bn (2014: €1.47bn) dliteanas measta na nÚdarás Stáit Tarmligthe i leith éileamh a bhí á láimhseáil ag GÉS. Bhí €1.35bn (2014: €1.16bn) de sin inchurtha i leith Éilimh Chliniciúla agus bhí €436m (2014: €309m) de inchurtha i leith Éileamh maidir le Damáiste Ginearálta. Déantar an dliteanas measta a ríomh trí thagairt don chostas iomlán a bheadh le gach éileamh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, amhail suimeanna socraíochta, costais dlí gearánaí agus costais chosanta.

Tá ríomh an dliteanais mheasta bunaithe ar thoimhdí achtúireacha, fíor-ráta toraidh 3% ina measc. Tugadh rialú san Ard-Chúirt an 18 Nollaig 2014 gur chóir fíor-ráta toraidh 1% a chur i bhfeidhm i leith Dámhachtainí Cúirte áirithe. Tá achomharc in aghaidh an chinnidh sin déanta ag GÉS chuig an gCúirt Achomhairc. Ar an 5 Samhain 2015, thuig an Chúirt Achomhairc breith a sheas, go bunúsach, le breith na hArdchúirte nó rialaigh siad gur cheart, i gcásanna ina bhfuil gortuithe tubaisteacha i gceist, éilimh ar chostas an chúraim sa todhchaí a ríomh de réir fíor-ráta toraidh de 1% agus éilimh ar chaillteanas airgid sa todhchaí a ríomh de réir fíor-ráta toraidh de 1.5%. Tá an GÉS i ndiaidh achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe seo leis an gCúirt Uachtarach agus, dá réir, níor choigeartaigh sí an modh a úsáideann sí chun an dliteanas measta a ríomh, ar feitheamh thoradh an achomhairc. Má sheasann an Chúirt Uachtarach le cinneadh na Cúirte Achomhairc, b'ionann an méadú ar dhliteanas measta na nÚdarás Stáit Tarmligthe i leith éileamh faoi bhainistíocht GÉS, an 31 Nollaig 2015, agus thart ar €300m.

## 13. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 14. Páirtithe Gaolmhara

Ceapann an tAire Airgeadais comhaltaí na Gníomhaireachta de réir alt 3A den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

## 15. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 24 Bealtaine 2016.

## Ráitis Airgeadais de chuid

# Ciste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta | **124** |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **125** |
| Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta | **127** |
| Cuntas Cúlchiste | **128** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | **129** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **130** |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta

Ceanglaítear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2012) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") ráitis airgeadais a ullmhú i leith oibríochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin i ngach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Ghníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuntas go léir is cuí ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta iomchuí a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 46 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu is cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí,
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shainaithint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar is ceart de réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, maidir le staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2015 agus maidir lena idirbhearta don bhliain 2015.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta maidir leis an gCiste le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i leith an Chiste i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead a aistríodh chuig an gCiste i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh | 3 | 53,900 | 49,344 |
| Suimeanna a aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste | 4 | (21,199) | (23,553) |
| Eisíocaíochtaí | 5 | (8,939) | (1,989) |
| Ioncam úis | 6 | 334 | 835 |
| Gluaiseacht don bhliain | | 24,096 | 24,637 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 147,737 | 123,100 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **171,833** | **147,737** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Cuntas Cúlchiste

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste | 3 | (17,375) | (18,791) |
| Ús ar aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste | 3 | (183) | (166) |
| Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta | 4 | 21,199 | 23,553 |
| Ioncam úis | 6 | 134 | 451 |
| Costais Oibriúcháin | 7 | (750) | (400) |
| Gluaiseacht don bhliain | | 3,025 | 4,647 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 67,055 | 62,408 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **70,080** | **67,055** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Airgead agus iarmhéideanna le bainc | 8 | 242,357 | 152,386 |
| Infheistíochtaí | 9 | - | 60,151 |
| Infháltais | 10 | 117 | 2,484 |
| **Dliteanais** | | | |
| Dliteanais eile | | (561) | (229) |
| **Glan-Sócmhainní** | | **241,913** | **214,792** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| An Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta | | 171,833 | 147,737 |
| Cuntas Cúlchiste | | 70,080 | 67,055 |
| | | **241,913** | **214,792** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú), do scéim chun cistí díomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníoctha faoi pholasaithe árachais neamhéilithe, a aistriú faoi chúram an Stáit, agus ceart athéilimh na gcistí sin a ráthú san am céanna. Foráiltear leis freisin go dtabharfar isteach scéim, chun críocha carthanachta nó chun tairbhe don tsochaí nó don phobal, trína n-íocfar amach cistí nach dóigh go n-athéileofar iad.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íoctar athéilimh agus speansais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach, faoi alt 17 agus faoi alt 18 d'Acht 2001, as Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá na cumhachtaí riachtanacha ar fad aici chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích (lena n-áirítear an chumhacht chun táillí a ghearradh, atá iníoctha ón gCiste, i ndáil leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú). Áirítear leis na feidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Cúlchiste
- táillí, costais agus speansais shonraithe a thabhaítear a ghlanadh
- luach saothair, táillí agus speansais na gcigirí údaraithe a ghlanadh
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste
- plean bliantúil infheistíochta a ullmhú, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a íoc
- taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna n-iniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

De réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2012, is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as riar a dhéanamh ar an bpróiseas trína gceadaíonn an Rialtas na tionscadail agus na cláir lenar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a íoc amach. De réir an Achta sin, cheadaigh an Rialtas Scéim Eisíocaíochta nua i mí na Nollag 2013 agus foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine do 2014. Leagtar amach sa phlean sin na tionscadail agus na cláir ar ar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a leithdháileadh.

## 2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015. Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá sé de cheangal ar GBCN faoi alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, gach taifead cuntasaíochta iomchuí de shuimeanna a fuair nó a chaith an Ghníomhaireacht maidir leis an gCiste a choinneáil. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001 agus iad i bhfoirm atá sonraithe ag an Aire Airgeadais.

### Nósmhaireacht tomhais

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gníomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí (a chuirtear in iúl le €'000) ach amháin má tá a mhalairt sonraithe.

## 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh

### Institiúidí Airgeadais – Cuntais Dhíomhaoine

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh € 01/01/2015 | Aistrithe | Gnóthaithe | Iarmhéid Tosaigh € 31/12/2015 | Ús íoctha |
|---|---|---|---|---|---|
| ACC Loan Management (ACC Bank roimhe seo) | 6,404,666 | - | (175,904) | 6,228,762 | 424 |
| Bainc Aontas Éireann plc | 72,486,245 | 6,444,624 | (1,405,961) | 77,524,908 | 10,609 |
| Barclays Bank Ireland plc | 344,025 | - | - | 344,025 | - |
| BNP Paribas SA | 83,575 | - | | 83,575 | - |
| Bank of America National Association | 154,778 | - | - | 154,778 | - |
| Banc na hÉireann | 73,648,770 | 7,892,000 | (2,581,029) | 78,959,741 | 11,906 |
| Bank of Scotland plc | 567,088 | - | - | 567,088 | - |
| Citibank Europe plc | 28,700 | - | - | 28,700 | - |
| EBS Ltd | 18,111,235 | 4,140,866 | (1,222,114) | 21,029,987 | 95,905 |
| EAA Covered Bond Bank | 122,119 | - | - | 122,119 | - |
| KBC Bank Ireland plc | 786,096 | - | - | 786,096 | - |
| An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo. (faoi leachtú speisialta) | 629,363 | - | - | 629,363 | - |
| Investec Bank plc | 1,618,938 | 71,290 | (682) | 1,689,546 | 10 |
| JP Morgan Bank (Ireland) plc | 48,897 | - | - | 48,897 | - |
| Danske Bank Plc | 6,021,995 | 594,801 | (94,631) | 6,522,165 | 213 |
| Permanent TSB plc | 40,917,350 | 4,585,197 | (1,242,520) | 44,260,027 | 9,216 |
| Pfizer International Bank | 32,619 | - | (2,105) | 30,514 | - |
| An Post - Táirgí Coigiltis Stáit | 83,508,223 | 10,273,365 | (5,704,775) | 88,076,813 | 15,624 |
| An Post - Banc Taisce an Phoist | 37,569,979 | 3,570,517 | (429,880) | 40,710,616 | 32,721 |
| RBS NV (ABN AMRO roimhe seo) | 35,455 | - | - | 35,455 | - |
| The Royal Bank of Scotland plc | 386,735 | 220 | - | 386,955 | - |
| Scotiabank (Ireland) Ltd | 92,953 | - | - | 92,953 | - |
| Ulster Bank Ireland Ltd | 26,139,485 | 3,985,457 | (454,413) | 29,670,529 | 243 |
| **IOMLÁN NA gCUNTAS NÁR ÉILÍODH** | **369,739,289** | **41,558,337** | **(13,314,014)** | **397,983,612** | **176,871** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

### Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh € 01/01/2015 | Aistrithe | Gnóthaithe | Iarmhéid Tosaigh € 31/12/2015 | Ús íoctha |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuntais Téarma Shonraigh:** | | | | | |
| Ark Life Assurance Co. Ltd[1] | 602,660 | 307,299 | (75,198) | 834,761 | - |
| Aviva Life International Ltd | 3,442,708 | 420,759 | (263,637) | 3,599,830 | - |
| Equitable Life | 7,388 | - | - | 7,388 | - |
| Friends First Life Assurance Co. Ltd | 2,300,441 | 167,547 | (63,685) | 2,404,303 | - |
| Irish Life Assurance plc (lena n-áirítear Canada Life Ireland mar a bhíodh) | 7,046,826 | 1,871,021 | (283,163) | 8,634,684 | - |
| New Ireland Assurance Co. plc | 880,852 | - | - | 880,852 | - |
| Phoenix Life Ltd | 4,634,780 | 898,280 | (178,103) | 5,354,957 | - |
| The Royal London Mutual Insurance Society Ltd (lena n-áirítear Caledonian Life mar a bhíodh)[1] | 7,679,203 | 1,079,302 | (63,118) | 8,695,387 | - |
| St. James Place International plc | 10,649 | - | - | 10,649 | - |
| Scottish Legal Life | 602,366 | - | - | 602,366 | - |
| Standard Life International Ltd | 1,300,808 | 217,698 | - | 1,518,506 | - |
| Sun Life | 186,926 | 150,025 | - | 336,951 | - |
| Zurich Life Assurance plc | 1,257,415 | 537,121 | (80,522) | 1,714,014 | - |
| **Cuntais gan Téarma Sonrach:** | | | | | |
| Acorn Life Ltd | 32,804 | 69,391 | (17,958) | 84,237 | - |
| Ark Life Assurance Co. Ltd[1] | 608,991 | 579,029 | (87,420) | 1,100,600 | - |
| Aviva Life International Ltd | 2,010,317 | 1,361,314 | (143,436) | 3,228,195 | - |
| Equitable Life | - | 21,485 | - | 21,485 | |
| Friends First Life Assurance Co. Ltd | 1,225,562 | 63,624 | (3,917) | 1,285,269 | - |
| Irish Life Assurance plc (lena n-áirítear Canada Life Ireland mar a bhíodh) | 8,821,577 | 1,015,304 | (1,212,447) | 8,624,434 | - |
| New Ireland Assurance Co.plc | 11,416,740 | 1,172,627 | - | 12,589,367 | - |
| Phoenix Life Ltd | 490,241 | 68,664 | - | 558,905 | - |
| The Royal London Mutual Insurance Society Ltd (lena n-áirítear Caledonian Life mar a bhíodh)[1] | 10,431,337 | 1,236,352 | (540,183) | 11,127,506 | - |
| Scottish Legal Life | 538,684 | - | - | 538,684 | - |
| Standard Life International Ltd | 1,480,717 | 299,477 | (256,109) | 1,524,085 | - |
| Sun Life | 47,473 | 12,124 | - | 59,597 | - |
| Zurich Life Assurance plc | 2,409,992 | 565,111 | (237,604) | 2,737,499 | - |
| **IOMLÁN NA bPOLASAITHE NÁR ÉILÍODH** | **69,467,457** | **12,113,554** | **(3,506,500)** | **78,074,511** | **-** |
| The Escheated Estate Fund | 4,400,000 | - | - | 4,400,000 | - |
| Suimeanna Fabhraithe a Athéilíodh | (228,581) | 228,581 | (554,333) | (554,333) | 6,173 |
| **AN tIOMLÁN** | **443,378,165** | **53,900,472** | **(17,374,847)** | **479,903,790** | **183,044** |

[1] *Rinneadh an t-iarmhéid tosaigh a choigeartú le cumasc / atheagrú eintiteas a léiriú nó chun treoir a fuarthas chun an t-iarmhéid a leithdháileadh idir cuntais téarma shainithe agus cuntais téarma neamhshainithe a léiriú.*

## 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais sin de réir rátaí malairte ag deireadh na bliana, mhéadófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós de €1,305,252, agus í ag méadú ó €479,903,790 go €481,209,042.

## 4. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham - suim a shocraíonn an Ghníomhaireacht í - le ceadú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le toiliú ón Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus speansais éagsúla a ghlanadh. Déanann an Ghníomhaireacht aistriú go tréimhsiúil chun iarmhéid sa Chuntas Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad, mar atá ceadaithe faoi láthair, de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

## 5. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar Threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:** | | |
| An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 2,596 | 1,942 |
| An Roinn Turasóireachta agus Iompair | 1,942 | - |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 1,915 | - |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 906 | - |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 759 | - |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 733 | 50 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann (arna riar ag Pobal[2]) | 189 | - |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna (aisíocaíocht) | (12) | (3) |
| Pobal (aisíocaíocht) | (89) | - |
| | **8,939** | **1,989** |

[2] *Le haghaidh sonraí breise maidir le soláthraí seirbhíse Pobal, féach Nóta 7.*

## 6. Ioncam úis

| | Cuntas Infheistíochta Cúlchiste €'000 | Cuntas Cúlchiste €'000 | Iomlán 2015 €'000 | Iomlán 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Gabháltas Bannaí | 29 | - | **29** | 312 |
| Taiscí Tráchtála | 380 | 170 | **550** | 948 |
| Taiscí sa Bhanc Ceannais[3] | (75) | (36) | **(111)** | 26 |
| | **334** | **134** | **468** | **1,286** |

[3] *Léiríonn an toradh diúltach ar thaiscí sa Bhanc Ceannais le haghaidh 2015 na rátaí diúltacha úis atá i réim a ghearrtar ar iarmhéideanna airgid atá á gcoimeád i dtaisce.*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7. Costais Oibriúcháin

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí soláthraí seirbhíse (Pobal) | **750** | **400** |

Faigheann Pobal táille bhliantúil seirbhíse as riar a dhéanamh ar thionscadail áirithe atá ag fáil eisíocaíochtaí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a íocann an táille agus aisíoctar í ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

### Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faisnéis shonraithe áirithe a thuairisciú, lena n-áirítear cuntas ar leith ar na speansais agus ar na táillí riaracháin a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus an Ciste á fheidhmiú aici. Sonraítear iad sin thíos:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Riarachán Ginearálta[4] | **150** | **150** |

[4] *Is meastachán é seo, a chuirtear san áireamh sna Nótaí leis na cuntais amháin, mar nár ghearr an Ghníomhaireacht na speansais sin ar Chiste na gCuntas Díomhaoin.*

## 8. Airgead agus iarmhéideanna le bainc

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead ag an mBanc Ceannais | 52,357 | 22,386 |
| Taiscí Téarma Tráchtála | 190,000 | 130,000 |
| | **242,357** | **152,386** |

## 9. Infheistíochtaí

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Banna 4.0% 2015 ó Bhanc na hÉireann | **-** | **60,151** |

## 10. Infháltais

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ús is Infhaighte ar Bhannaí | - | 2,219 |
| Ús is Infhaighte ar Airgead i dTaisce | 117 | 265 |
| | **117** | **2,484** |

## 11. Dliteanas Teagmhasach an Státchiste

**11.1** Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha a rinneadh go dtí seo, tá glansócmhainní an Chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht sin dliteanas teagmhasach an Státchiste a mbeadh ar an bPríomh-Chiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin a athéileamh.

Amhail an 31 Nollaig 2015, meastar gurb é €238m (2014: €229m) dliteanas teagmhasach an státchiste don Státchiste. Déantar dliteanas teagmhasach an státchiste a mheas bunaithe ar an airgead glan a aistríodh isteach sa chiste nach bhfuil athéilithe fós. Níl aon soláthar ná aon mheastachán déanta i dtaca le hús a bhféadfadh sé é a bheith iníoctha ar athéilimh sa todhchaí don tréimhse ó dháta an aistrithe go dtí dáta an athéilimh. Tá anailís bhreise ar dhliteanas teagmhasach an státchiste leagtha amach in Nóta 11.2 thíos.

Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú) aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Dá dtarlódh sé seo, d'aisíocfaí an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luaithe ab fhéidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh soláthar a dhéanamh d'aon dliteanais nó d'aon dliteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

### 11.2 Anailís ar Dhliteanas Teagmhasach an Státchiste:

| | 1 Eanáir 2015 €'000 | Gluaiseacht le linn na bliana €'000 | 31 Nollaig 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Glansócmhainní an Chiste | 214,792 | 27,121 | 241,913 |
| Cistí Díomhaoine a Aistríodh agus nár Athéilíodh | (443,378) | (36,525) | (479,903) |
| Dliteanas teagmhasach | **(228,586)** | **(9,404)** | **(237,990)** |

### 11.3 Léirítear an ghluaiseacht i nDliteanas Teagmhasach an Státchiste iontu seo a leanas:

| | €'000 |
|---|---|
| Ioncam Úis (Nóta 6) | 468 |
| Ús ar aisíocaíochtaí airgid a aistríodh chuig an gCiste (Nóta 3) | (183) |
| Eisíocaíochtaí (Nóta 5) | (8,939) |
| Costais oibriúcháin (Nóta 7) | (750) |
| Gluaiseacht don bhliain (Nóta 11.2 thuas) | **(9,404)** |

## 12. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain ná 0.19% faoin gcéad (2014: 0.61%).

## 13. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 14. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais a fhormheas an 24 Bealtaine 2016.

## Ráitis Airgeadais de chuid

# Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015


| | |
|---|---|
| Ciste agus Faisnéis eile | **138** |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **139** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | **141** |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | **142** |
| Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní | **143** |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | **144** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **145** |

# Ciste agus Faisnéis eile

### Rialtóir agus Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Foirgneamh an Státchiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
D02 XN96

### Caomhnóir Domhanda

The Bank of New York Mellon ("BNYM")
One Canada Square
Londain
E14 5AL
An Ríocht Aontaithe

### Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2
D02 P656

Bainc Aontas Éireann cpt
1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

### Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 WP44

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar athruithe ar ghlansócmhainní, an ráiteas ar shreabhfaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu is cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shainaithint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tá na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus maidir lena n-iarmhéid ar an dáta sin.
- rinneadh iad a ullmhú mar is ceart i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta maidir leis an gCiste le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire
# Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i leith an Chiste i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a thuairiscítear trí eisceacht.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig

| | Nóta | Punann lánroghnach 2015 €m | Punann lánroghnach 2014 €m | Punann faoi threoir 2015 €m | Punann faoi threoir 2014 €m | Iomlán 2015 €m | Iomlán 2014 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | | |
| Infheistíochtaí | 7,8 | 5,356 | 5,106 | 13,761 | 13,123 | 19,117 | 18,229 |
| Iasachtaí agus infháltais | 7 | 395 | 384 | - | - | 395 | 384 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 9 | 396 | 18 | - | - | 396 | 18 |
| Iarmhéid dlite ó bhróicéirí | | - | 35 | - | - | - | 35 |
| Comhaontuithe athcheannaigh is infhaighte | 8 | - | - | - | 765 | - | 765 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 12 | 1,731 | 1,689 | 240 | 1,109 | 1,971 | 2,798 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **7,878** | **7,232** | **14,001** | **14,997** | **21,879** | **22,229** |
| **Dliteanais** | | | | | | | |
| Dliteanais airgeadais | 7 | (1) | (53) | - | - | (1) | (53) |
| Iarmhéid dlite le bróicéirí | | (15) | - | - | - | (15) | - |
| Dliteanais eile | 10 | (5) | (7) | (0) | (0) | (5) | (7) |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **(21)** | **(60)** | **(0)** | **(0)** | **(21)** | **(60)** |
| **Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana** | | **7,857** | **7,172** | **14,001** | **14,997** | **21,858** | **22,169** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | | Punann lánroghnach | | Punann faoi threoir | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m |
| **Ioncam** | | | | | | | |
| Ioncam úis | 4 | 49 | 1 | 0 | 0 | 49 | 1 |
| Ioncam díbhinne | 4 | 38 | 2 | 446 | - | 484 | 2 |
| Gnáthscair phríobháideach, réadmhaoin agus ioncam eile | 4 | 34 | 0 | - | - | 34 | 0 |
| Glanghnóthachan / (glanchaillteanais) ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas | 8 | (31) | 10 | 2,338 | 4 | 2,307 | 14 |
| **Glanioncam infheistíochta** | | **90** | **13** | **2,784** | **4** | **2,874** | **17** |
| **Speansais** | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | 5 | (15) | (1) | (0) | (0) | (15) | (1) |
| **Brabús don tréimhse airgeadais roimh cháin** | | **75** | **12** | **2,784** | **4** | **2,859** | **16** |
| Cánachas | 6 | (6) | 0 | - | - | (6) | 0 |
| **Brabús don tréimhse airgeadais** | | **69** | **12** | **2,784** | **4** | **2,853** | **16** |

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní

| | | Punann lánroghnach | | Punann faoi threoir | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m |
| Brabús don tréimhse airgeadais | | 69 | 12 | 2,784 | 4 | 2,853 | 16 |
| Aistrithe (chuig) ón Státchiste | 11 | 335 | - | (3,500) | - | (3,165) | - |
| Sócmhainní aistrithe ón CNP | 11 | 1 | 7,160 | 0 | 14,993 | 1 | 22,153 |
| Sócmhainní aistrithe idir punanna | 8 | 280 | - | (280) | - | - | - |
| **Méadú / (laghdú) ar ghlansócmhainní** | | 685 | 7,172 | (996) | 14,997 | (311) | 22,169 |
| Glansócmhainní ag tús na tréimhse | | 7,172 | - | 14,997 | - | 22,169 | - |
| **Glansócmhainní ag deireadh na tréimhse** | | **7,857** | **7,172** | **14,001** | **14,997** | **21,858** | **22,169** |

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Willie Walsh, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

# Ráiteas ar Sreafaí Airgid

| | Punann lánroghnach | | Punann faoi threoir | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m | 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Noll 2015 €m | 22 Noll 2014 go dtí 31 Noll 2014 €m |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | | | | |
| Ús a fuarthas | 46 | - | - | - | 46 | - |
| Athéilimh Chánach a fuarthas | 1 | - | - | - | 1 | - |
| Díbhinní a fuarthas | 34 | - | 446 | - | 480 | - |
| Ioncam eile a fuarthas | 26 | - | - | - | 26 | - |
| Fáltais ó dhíol infheistíochtaí | 7,207 | 275 | 2,465 | 1,109 | 9,672 | 1,384 |
| Ceannach infheistíochtaí | (7,845) | (93) | - | - | (7,845) | (93) |
| Comhthaobhacht glanairgid a fuarthas | 15 | - | - | - | 15 | - |
| Glanfháltais ó ghníomhaíochtaí díorthacha | 0 | - | - | - | 0 | - |
| Costais oibriúcháin íoctha | (15) | - | - | - | (15) | - |
| **Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **(531)** | **182** | **2,911** | **1,109** | **2,380** | **1,291** |
| | | | | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | | | | |
| Aistriú idir punanna | 280 | - | (280) | - | - | - |
| Aistrithe (chuig) / ón Státchiste | 335 | - | (3,500) | - | (3,165) | - |
| Aistriú ón CNP | 0 | 1,505 | - | - | 0 | 1,505 |
| **Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **615** | **1,505** | **3,780** | **-** | **(3,165)** | **1,505** |
| | | | | | | |
| (Glanlaghdú)/glanmhéadú in airgead agus coibhéisí airgid | 84 | 1,687 | (869) | 1,109 | (785) | 2,796 |
| Airgead Tosaigh agus coibhéisí airgid | 1,689 | - | 1,109 | - | 2,798 | - |
| Tionchar luaineachtaí ráta malairte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (42) | 2 | - | - | (42) | 2 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid deiridh** | **1,731** | **1,689** | **240** | **1,109** | **1,971** | **2,798** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("an Ciste") ar bun an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme Chuid 6 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2014 ("Acht GBCN 2014"). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht" nó an "Bainisteoir") rialtóir agus bainisteoir an Chiste. Cuireann Alt 39(1) d'Acht GBCN 2014 d'iallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste (seachas infheistíochtaí faoi threoir) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach ar aidhm dó tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta agus fostaíochta sa Stát. Ina theannta sin, féadfaidh an tAire treoir a thabhairt maidir le hinfheistíochtaí áirithe de réir ailt 42, 43 agus 47(4) d'Acht GBCN 2014. Sna ráitis airgeadais seo, is mar "Infheistíochtaí faoi Threoir" a thagraítear d'infheistíochtaí a choinnítear de thoradh treoracha ón Aire.

Is é seoladh an Chiste, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02 XN96

Ní thrádáiltear scaireanna an Chiste i margadh poiblí agus ní chomhdaítear a ráitis airgeadais le coimisiún urrús ná le heagras rialála ar bith eile d'fhonn aon chineál ionstraime a eisiúint i margadh poiblí.

## 2. Bonn ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015. Is ón 22 Nollaig 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014 atá an tréimhse chomparáideach. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an milliún nó an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '€'000' nó 'k' do 'míle', seasann 'm' do 'milliún' agus seasann 'bn' do 'billiún'.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú), agus iad i bhformáid atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais.

Ar thosach feidhme Chuid 6 d'Acht GBCN 2014, d'éirigh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP") ina sócmhainní agus ina ndliteanais de chuid an Chiste (faoi réir fhorálacha Sceideal 4 d'Acht GBCM 2014 i gcás sócmhainní agus dliteanais eachtracha áirithe). Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn amhail an 31 Nollaig 2015. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní sin (atá i seilbh Choimisiún CNP tríd an nGníomhaireacht) a dhí-aithint roimhe seo, i ndiaidh an dáta aistrithe, agus aithnítear agus cuirtear i láthair iad laistigh de ráitis airgeadais an Chiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ar aon dul le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais ("CTA").

Beag beann ar an sealúchas suntasach atá ag an gCiste i ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann ("BAE") mar chuid dá hInfheistíochtaí faoi Threoir, níl an Ghníomhaireacht (mar Bhainisteoir agus mar Rialtóir ar an gCiste) in ann rialú, tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a fheidhmiú ar BAE óir tá an rialú vótála i leith na scaireanna forchoimeádta ag an Aire ionas gurb é/í féin amháin a thabharfaidh treoir. Mar sin, ní dhéanann an Ghníomhaireacht torthaí agus staid airgeadais BAE a chomhdhlúthú i ráitis airgeadais an Chiste.

Tá an Ciste ag glacadh go luath le leasuithe Mhárta 2016 a rinneadh ar pharagraif 34.22 agus 34.42 de FRS 102 ag athbhreithniú na riachtanas nochta go dtí an grádú cóirluacha a nochtar i nóta 15 de na ráitis airgeadais.

### Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ("CTA 102"); is é sin an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann faoi mar eisíodh i Meán Fómhair 2015.

### Aistriú go dtí Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 ("CTA 102")

Ní raibh aon tionchar ábhartha ag an aistriú go CTA 102 ar na suimeanna a tuairiscíodh i leith na bliana airgeadais reatha ná an bhliain roimhe. Maidir leis an aistriú, níl aon choigeartú ábhartha tomhais déanta ag an gCiste.

Is é 22 Nollaig 2014 an dáta aistrithe CTA 102 (i.e. an tréimhse is luaithe dá gcuireann an Ciste eolas iomlán comparáideach i láthair) agus, dá réir sin, tá na suimeanna comparáideacha a chuirtear i láthair don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2014 bunaithe ar ráitis airgeadais an Chiste don tréimhse sin.

Ní dhearnadh aon athrú ar pholasaithe cuntasaíochta an Chiste mar gheall ar CTA 102. I ndáiríre, tá na polasaithe cuntasaíochta a feidhmíodh leis na ráitis airgeadais seo a ullmhú faoi CTA 102 ar aon dul leis na polasaithe cuntasaíochta a feidhmíodh in ullmhú na ráiteas airgeadais sa bhliain roimhe faoin gcreat cuntasaíochta a bhí ann roimhe.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. Bonn ullmhúcháin (ar lean)

### Aistriú go Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 ("CTA 102") (ar lean)

De thoradh an aistrithe go CTA 102, tá roinnt athruithe láithreoireachta déanta ag an gCiste ar an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ("RMSA") agus an Ráiteas d'Ioncam Cuimsitheach ("RIC") ón mbliain roimhe. Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an RMSA; cuirtear sócmhainní neamhreatha i láthair ina n-infheistíochtaí, cuirtear caillteanais neamhréadaithe ar thodhchaíochtaí agus ar chonarthaí malairtí eachtracha i láthair anois laistigh de dhliteanais agus iasachtaí airgeadais agus tá infháltais agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar taispeáint ar leithligh. Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an RIC; tá an t-ioncam infheistíochta scoilte idir ioncam díbhinne, ioncam úis agus réadmhaoin, gnáthscaireanna príobháideacha agus ioncam eile.

Ar fheidhmiú tosaigh CTA 102, sa chuntasaíocht i leith a ionstraimí airgeadais tá d'iallach ar eintiteas tuairiscithe;

- riachtanais iomlána Rannán 11 agus 12 de CTA 102, faoi mar a bhaineann siad le Bunionstraimí Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais eile a fheidhmiú nó;
- forálacha tomhais Ionstraimí Airgeadais IAS 39 a aithint: Aithint agus Tomhas, gan aon rud i gceist ach riachtanais nochta CTA 102, faoi mar a bhaineann siad le Bunionstraimí Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais eile nó;
- forálacha aitheanta agus tomhais Ionstraimí Airgeadais CTA 9, gan aon rud i gceist ach riachtanais nochta CTA 102, faoi mar a bhaineann siad le Bunionstraimí Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais eile.

Tá roghnaithe ag an gCiste na forálacha aitheanta agus tomhais de Rannán 11 agus 12 de CTA 102 a fheidhmiú.

## 3 Beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 3.1 Gnás tomhais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn costas stairiúil ach amháin go luaitear na sócmhainní agus dliteanais seo a leanas ag a luach cóir; sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus ionstraimí airgeadais díorthacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil an Chiste é fosta.

### 3.2 Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais an Chiste, a shreafaí airgid thirim agus a staid leachtachta mionsonraithe san ráitis airgeadais. Lena chois sin, leagtar amach i nótaí na ráiteas airgeadais cuspóirí bhainistíocht riosca airgeadais an Chiste, mionsonraí a shócmhainní agus a dhliteanais airgeadais agus a neamhchosaint ar riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta.

Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an gCiste chun leanúint de bheith ag feidhmiú go ceann tamall de bhlianta. Mar sin, tá an Ciste ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### 3.3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Is gá, nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTA 102, feidhm a bhaint as meastacháin agus breithiúnais áirithe chuntasaíochta a dhéanann lucht bainistíocha nuair a bhíonn polasaithe cuntasaíochta an Chiste á gcur i bhfeidhm agus a mbíonn tionchar suntasach acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Tá na meastacháin agus na breithiúnais bhainteacha sin bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Is iad na torthaí a eascraíonn astu an bonn chun na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dliteanas a iompar nach bhfuil iomlán soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhír agus na meastacháin seo.

Maidir leis na meastacháin agus toimhdí a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfaí coigeartú ábhartha dá mbarr ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas, baineann siad go príomha le tomhas cóirluacha sócmhainní airgeadais a bhfuil ionchuir shuntasacha dobhreathnaithe acu.

## 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 3.4 Aistriú airgeadra eachtraigh

#### (a) Airgeadra feidhmeach agus láithreachais

Is leis an Aire Airgeadais an Ciste agus is in Éirinn atá a shainchónaí. Is infheistíochtaí i gcomhlachtaí Éireannacha na hInfheistíochtaí faoi Threoir. Is é príomhghníomhaíocht na punainne Lánroghnaí infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheaptar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Is in Éirinn atá príomhúsáideoirí na ráiteas airgeadais lonnaithe, agus, mar sin, is in Euro a thomhaistear agus a thuairiscítear feidhmíocht an Chiste.

#### (b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart.

Cuimsítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a thagann de bharr aistriú agus / nó a bhaineann le hairgead tirim agus le coibhéisí airgid thirim sa ghnóthachan nó caillteanais sa ráiteas ioncaim chuimsithigh.

Cuirtear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadra a iompraítear ag cóirluach i láthair sa ráiteas ioncaim chuimsithigh laistigh de 'ghlanghnóthachain/ (glanchaillteanais) sa ráiteas ioncaim chuimsithigh.

### 3.5 Airgead agus coibhéisí airgid

Maidir le ráiteas sreabhadh airgid an Chiste, is ionann airgead tirim coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach. Tomhaistear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de réir costais agus tomhaistear billí státchiste ag luach cóir.

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhthaobhacht a thugtar maidir le díorthaigh a thrádáiltear ar an malartán.

### 3.6 Ús

Aithnítear ioncam agus speansais úis trí úsáid mhodh an ghlanráta úis. Is é an glanráta úis an ráta a lascainíonn go díreach íocaíochtaí measta airgid nó fáltais mheasta airgid amach anseo, gan caillteanais creidmheasa amach anseo a chur san áireamh, thar shaolré ionchasach na hionstraime airgeadais nó chomh fada leis an gcéad dáta athphraghsála margadhbhunaithe eile go dtí glanshuim ghlanluacha na hionstraime airgeadais ar a chéad aithint.

### 3.7 Ioncam díbhinne

Aithnítear ioncam díbhinne ar an dáta a socraítear an ceart chun íocaíocht a fháil. Maidir le hurrúis cothromais luaite, is iondúil gurb é seo an dáta iardhíbhinne. Maidir le hinfheistíochtaí neamhluaite, aithnítear ioncam nuair a dheimhnítear é.

### 3.8 Glanghnóthachan / (glanchaillteanais) ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas (FVTPL)

Áirítear le (glanchaillteanas) ó ionstraimí airgeadais ag FVTPL athruithe luach cóir réadaithe agus neamhréadaithe agus difríochtaí malairte eachtraí.

### 3.9 Táillí agus muirir, agus speansais eile

Is iondúil gurb ar bhonn fabhruithe a aithnítear táillí agus muirir, agus speansais eile.

### 3.10 Tomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais

#### Tomhas luacha chóir

Is é is 'luach cóir' ann an méid ar a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú, dliteanas a shocrú nó ionstraim cothromais cheadaithe a mhalartú idir páirtithe toilteanacha feasacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar dtús nuair a dhéantar páirtí de chuid fhorálacha conartha na n-ionstraimí den Chiste. Tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar aithint tosaigh dóibh ag luach cóir. Is iondúil gurb é seo an praghas idirbhirt, gan costais idirbhirt san áireamh má thomhaistear ina dhiaidh sin é ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 3.10 Tomhas sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais (ar lean)

**Tomhas luacha chóir** (ar lean)

Áirítear le teicnící luachála glanluach reatha agus samhlacha sreabhadh airgid thirim, comparáid le hionstraimí cosúla dá bhfuil praghsanna inbhreathnaithe margaidh agus samhlacha luachála ann dóibh. Áirítear le toimhdí agus ionchuir a úsáidtear i dteicnící luachála rátaí úis saor ó riosca agus tagarmharcála, raoin difríochta chreidmheasa agus préimheanna eile a úsáidtear le meastacháin a dhéanamh ar rátaí lascaine, praghsanna bannaí agus gnáthscaireanna, rátaí malairte airgeadra eachtraigh, innéacsanna gnáthscaireanna, tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh ("TRÚCDA"), iolraigh agus iolraigh ioncaim agus luaineachtaí agus comhghaolta praghsanna a raibh súil leo.

**Tomhas costas amúchta**

Is é costas amúchta sócmhainn airgeadais an méid ag a dtomhaistear an tsócmhainn airgeadais nuair a aithnítear ar dtús í, lúide aisíocaíochtaí bunairgid, móide nó lúide an t-amúchadh carnach trí úsáid mhodh an ghlanráta úis idir an chéad mhéid a aithníodh agus an méid aibíochta, lúide aon laghdú ar chlúdach nó ar dhobhailitheacht.

**Clúdach**

Déantar sócmhainn airgeadais nach rangaítear ag FVTPL a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe lena shocrú cé acu atá nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Tá sócmhainn airgeadais nó grúpa shócmhainní airgeadais 'bearnaithe' má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú mar gheall ar imeacht amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aithint tosaigh na sócmhainne agus go raibh tionchar ag an imeacht caillteanais ar shreafaí measta airgid na sócmhainne amach anseo ar féidir iad a mheas go hiontaofa.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair atá deacracht shuntasach airgeadais ag an eisitheoir nó ag an bhféichiúnaí, sárú conartha, loiceadh nó faillí in íocaíochtaí úis nó bunairgid, athstruchtúrú an mhéid atá dlite ar théarmaí nach dtoileodh an Ciste de ghnáth, comharthaí go rachaidh iasachtaí i bhféimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile, nó athruithe diúltacha i stádas íocaíochta na n-iasachtaithe de dheasca dálaí diúltacha eacnamaíochta náisiúnta nó áitiúla nó athrú diúltach i ndálaí tionscail.

Ríomhtar caillteanas bearnaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid, lascainithe ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Is i mbrabús nó i gcaillteanas a aithnítear caillteanais agus léirítear iad i gcuntas liúntais in aghaidh infháltais. Leantar d'aithint úis ar an tsócmhainn bhearnaithe. Má tá imeacht a tharlaíonn i ndiaidh aithint an bhearnaithe mar chúis le laghdú mhéid an chaillteanais bhearnaithe, freaschuirtear an laghdú caillteanas bearnaithe trí bhrabús nó caillteanas.

### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

Sealbhaíonn an Ciste dhá chineál infheistíochtaí:

**(a) Infheistíochtaí Lánroghnacha**

Infheistíochtaí arna ndéanamh de réir Alt 39 d'Acht GBCN 2014, trína mbeidh sé d'iallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát.

**(b) Infheistíochtaí faoi Threoir**

Sealbhaíonn an Ghníomhaireacht na hInfheistíochtaí faoi Threoir faoi réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais de bhun alt 43 d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótála agus na gceart eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.

Déanann an Ghníomhaireacht aon ús nó aon ioncam eile a fhaightear i leith taiscí agus / nó urrús sa phunann faoi Threoir a shealbhú nó a infheistiú de réir Treorach ón Aire.

**i) Infheistíochtaí lánroghnacha a luacháil**

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an nGníomhaireacht chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar luacháil infheistíochtaí. Bunaithe ar a breithiúnas féin agus ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil di, féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh in imthosca áirithe gur chuí luacháil an bhainisteora sheachtraigh a choigeartú agus an luach cóir atá ar infheistíocht á thuairisciú aici.

## 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

**i) Infheistíochtaí lánroghnacha a luacháil** (ar lean)

Cuireadh Coiste Luachála ar bun (Nóta 15.7(ii)), ar a bhfuil an Príomhoifigeach Airgeadais agus Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Riosca, Stiúrthóir CISÉ agus pearsanra eile de chuid na bainistíochta sinsearaí, le cuidiú leis an nGníomhaireacht luacháil infheistíochtaí an Chiste a chinneadh trí:

- luachálacha tréimhsiúla infheistíochta agus bonn luachála shócmhainní an chiste a athbhreithniú de réir an chreata cuntasaíochta ar ghlac an Ciste leis;
- na luachálacha sócmhainní a fhaomhadh lena gcuimsiú i ráitis airgeadais an Chiste;
- tacú le Coiste Iniúchóireachta GBCN chun ráitis airgeadais an Chiste a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus le gníomhaíochtaí eile a d'éireodh aníos.

**Rangú, aithint agus tomhas**

**Sócmhainní agus dliteanais airgeadais bhunúsacha**

**Gnáthscaireanna luaite, ionstraimí fiachais agus cistí infheistíochta**

Is é luach cóir an luach margaidh deiridh ar an bpríomh-mhalartán nó ar an bpríomh-mhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

**Gnáthscair phríobháideach díreach agus gnáthscair neamhluaite**

Tomhaistear infheistíochtaí i scaireanna roghnacha agus i ngnáthscaireanna ar dtús ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear infheistíochtaí is féidir a thomhas go hiontaofa, ag luach cóir agus aithnítear athruithe ina luach cóir i mbrabús agus caillteanas. Nuair a mheastar nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa, tomhaisfear infheistíochtaí den sórt ag costas lúide bearnú

**Ionstraimí Fiachais**

Tá ionstraimí sainiúla fiachais ag an gCiste a chomhlíonann sainmhíniú bunionstraimí sainiúla airgeadais mar shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ar chéadaithint dóibh óir is cuid de ghrúpa sócmhainní airgeadais iad a bhainistítear agus a bhfeidhmíocht luacháilte ar bhonn luacha chóir. Tomhaistear ionstraimí fiachais eile nach mbainistítear nó nach luacháiltear ar bhonn luacha chóir ag costas amúchta.

**Ionstraimí fiachais neamhluaite**

Déantar bannaí neamhluaite a luacháil ag luach cóir arna mheas ag an mBainisteoir trí leas a bhaint as samhlacha luachála bannaí atá bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite.

**Infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine, gnáthscair phríobháideach, foraoiseachta agus bonneagair**

I gcás infheistíochtaí neamhluaite i gcistí réadmhaoine, cothromais phríobháidigh, foraoiseachta agus bonneagair nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ann dóibh, tá an luach cóir measta bunaithe ar an luacháil is déanaí arna cur ag an mbainisteoir seachtrach lena mbaineann ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht sna ráitis iniúchta airgeadais. Sa chás nach bhfuil luacháil iniúchta ar fáil, mar shampla, i gcásanna nach bhfuil deireadh bliana an chiste nó na comhpháirtíochta ag teacht le deireadh bliana an Chiste iontu, baintear úsáid as an luacháil neamhiniúchta is déanaí atá ar fáil.

Déanann bainisteoirí seachtracha luacháil na n-infheistíochtaí sin a chinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna luachála tionscail a bhfuil glacadh leo agus as treoirlínte arna bhfoilsiú ag comhlachtaí tionscail iomchuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag bainisteoirí seachtracha, tá: iolraí tuillimh de chuid cuideachtaí inchomparáide a thrádáiltear go poiblí, sreafaí airgid lascainithe, idirbhearta tríú páirtí, nó eachtraí a thugann bearnú nó feabhas ábhartha ar luach cóir na hinfheistíochta le fios. I gcéad bhliain na húinéireachta, meastar de ghnáth gurb ionann costas agus meastachán cuí ar luach cóir na n-infheistíochtaí seo, ach amháin sa chás go dtugtar bearnú buan ar luach na n-infheistíochtaí le fios.

Is féidir le raon luachanna féideartha bheith ann do na hinfheistíochtaí sin agus is féidir le luachanna córa measta bheith éagsúil leis na luachanna a bheadh in úsáid dá mbeadh luach margaidh ghníomhaigh ann d'infheistíochtaí den sórt sin.

Úsáideann an Ghníomhaireacht luachálacha bainisteoirí seachtracha le luach cóir infheistíochta a shocrú ar aon dul lena próiseas luachála arna mhaoirsiú ag an gCoiste Bainistíochta Luachála.

**Cistí Infheistíochta Neamhluaite**

Déantar cistí infheistíochta neamhluaite a luacháil de réir an Ghlanluacha Sócmhainní is déanaí arna fhoilsiú ag riarthóirí na gcistí.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

**i) Infheistíochtaí lánroghnacha a luacháil** (ar lean)

**Ní bhreithnítear ar ionstraimí airgeadais mar bhunionstraimí airgeadais (ionstraimí airgeadais eile)**
Aithnítear ag luach cóir ar dtús ionstraimí airgeadais eile nach gcomhlíonann sainmhíniú bunionstraimí airgeadais. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear ionstraimí airgeadais eile ag luach cóir agus aithnítear athruithe i mbrabús agus caillteanas, ach amháin infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach dtrádáiltear go poiblí agus nuair nach féidir, seachas sin, luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhaisfear ag costas lúide bearnú.

**Ionstraimí airgeadais díorthacha**
Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Aithnítear láithreach sa bhrabús nó caillteanas an gnóthachan nó caillteanas ar tomhas de réir luacha chóir.

**Infháltais fhadtéarmacha**
Léirítear infháltais fhadtéarmacha de réir a luacha chóir. Déantar luach cóir na n-infháltas sin a mheas trí shreafaí airgid na dtodhchaíochtaí a lascainiú de réir an ráta margaidh atá ar fáil ag an am don Chiste le haghaidh ionstraimí airgeadais den chineál céanna.

**Iasachtaí agus Infháltais**
I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis. Tomhaisfear bunionstraimí fiachais (nach ngabhann árachas leo) atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain ag an méid lascainithe den airgead tirim nó de chomaoin eile a mbítear ag dúil lena íoc nó lena fháil (.i. glan ar bhearnú) ach amháin gur idirbheart maoinithe é an socrú, i ndáiríre. Más idirbheart maoinithe é an socrú, tomhaisfidh an Ciste an ionstraim fiachais ag luach reatha na n-íocaíochtaí a dhéanfar amach anseo lascainithe ag ráta úis margaidh i leith ionstraim fiachais den sórt céanna.

**Infháltais agus iníocthaí eile, airgead tirim, méideanna dlite do/(ó) bhróicéir**
Aithnítear infháltais eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear iníocthaí eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis, lúide bearnú i gcás infháltais trádála.

**Infháltais agus iníocthaí faoi chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus urrúis a fuarthas ar iasacht**
Nuair a cheannaíonn an Ciste sócmhainn airgeadais agus déanann comhaontú go comhuaineach an tsócmhainn chéanna nó sócmhainn an-chosúil a dhíol ar phraghas seasta ar dháta sa todhchaí (comhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh), déantar an socrú a chuntas mar bhunionstraim fiachais ag costas amúchta, má tá sé incháilithe mar cheann bunúsach agus aitheanta sa ráiteas ar staid airgeadais mar infháltas ó chomhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh, agus ní aithnítear an bhunsócmhainn i ráiteas airgeadais an Chiste.

Tomhaistear infháltais ó chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus iníocthaí ó chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

**ii) Infheistíochtaí faoi threoir a luacháil**

**Gnáthscaireanna**
Déantar na gnáthscaireanna a shealbhaítear mar chuid den phunann Infheistíochta faoi Threoir a luacháil de réir a luacha chóir. Is é luach cóir an luach margaidh deiridh ar an bpríomh-mhalartán nó ar an bpríomh-mhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

Sa chás nach meastar gur meastachán iontaofa ar luach cóir atá sna praghsanna margaidh deiridh, déantar gnáthscaireanna a luacháil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí luachála cuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a mbaintear úsáid astu tá anailís ar shreabhadh airgid lascainithe, anailís ar chothromas iomlán, anailís ar chuideachtaí inchomparáide nó anailís ar idirbhearta ar fasaigh iad.

### 3.12 Dí-aithint

Dí-aithníonn an Ciste sócmhainn airgeadais nuair:

- a bhíonn cearta conartha na sreafaí airgid ón tsócmhainn socraithe nó in éag;
- a théann sí in éag, nó aistrítear chuig páirtí eile gach riosca agus leas úinéireachta de chuid na sócmhainne airgeadais; nó
- tá riosca agus leas suntasach áirithe úinéireachta coinnithe ag an gCiste, tá stiúir na sócmhainne aistrithe chuig páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach agus féadann siad an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus ní gá dóibh srianta breise a chur ar an aistriú. Sa chás seo, dí-aithníonn an Ciste an tsócmhainn agus aithníonn sé ar leith cearta nó oibleagáidí ar bith a choinnítear nó a chruthaítear san aistriú.

## 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 3.12 Dí-aithint (ar lean)

Ar dhí-aithint sócmhainn airgeadais, leithdháilfear suim ghlanluacha na sócmhainne aistrithe idir na cearta nó na hoibleagáidí a choinnítear agus iad siúd a aistrítear ar bhonn a luachanna córa coibhéiseacha ar dháta an aistrithe. Tomhaisfear cearta agus oibleagáidí nuachruthaithe ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithneofar i mbrabús nó i gcaillteanas i mbliain an aistrithe aon difríocht idir an chomaoin a fhaightear agus na méideanna a aithnítear agus a dhí-aithnítear.

Murab é dí-aithint an toradh a bheidh ar aistriú ar an ábhar gur choinnigh an Ciste rioscaí suntasacha agus leas suntasach úinéireachta i leith na sócmhainne aistrithe, leanfaidh an Ciste d'aithint na sócmhainne aistrithe ina hiomláine agus aithneofar dliteanas airgeadais i leith na comaoine a fuarthas. Ní dhéanfar an tsócmhainn agus an dliteanas a fhritháireamh. Le linn tréimhsí ina dhiaidh sin, aithneoidh an Ciste aon ioncam ar an tsócmhainn aistrithe agus aon speansais a tabhaíodh ar an dliteanas airgeadais.

Dí-aithníonn an Ciste dliteanas airgeadais nuair a urscaoiltear, a chealaítear nó nuair a éagann a oibleagáidí conartha.

Aithneoidh an Ciste i mbrabús nó i gcaillteanas aon difríocht idir suim ghlanluacha an dliteanais airgeadais (nó cuid de dhliteanas airgeadais) a chuirfear ar ceal nó a aistreofar chuig páirtí eile agus an chomaoin a íocadh, lena n-áirítear sócmhainní neamhairgid ar bith a aistreofar nó dliteanais a ghlacfar.

### 3.13 Fritháireamh

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh sa ráiteas ar staid airgeadais nuair, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart fritháirimh atá infheidhmithe le dlí ann ag an gCiste na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé beartaithe aige glanadh ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime i leith gnóthachan agus caillteanas ó ionstraimí ag FVTPL agus gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí.

## 4. Ioncam

### 4.1 Punann Lánroghnach

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Ioncam úis | 49 | 1 |
| Ioncam díbhinne | 38 | 2 |
| Ioncam réadmhaoine | 24 | 0 |
| Ioncam eile | 9 | 0 |
| Ioncam ó ghnáthscair phríobháideach | 1 | 0 |
| | **121** | **3** |

Áirítear le hIoncam Eile aisíocaíochtaí dar suim €7m, iasachtú urrús dar suim €1m agus ioncam ilchineálach dar suim €1m.

### 4.2 Punann faoi threoir

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Ioncam díbhinne | 446 | - |
| Ioncam úis | 0 | 0 |
| | **446** | **0** |

Is ionann an t-ús €18k a fuarthas agus an t-ús a fuarthas ó nótaí Státchiste na hÉireann a bhí á sealbhú in 2015 (2014: €16k).

Bhí scaireanna tosaíochta in AIB i seilbh an Chiste i rith na bliana. Mar gheall ar shealbhú na scaireanna tosaíochta seo, bhí an Ciste i dteideal díbhinn bhliantúil. Ar an 13 Bealtaine 2015, fuair an Ciste díbhinn dar suim €280m d'airgead tirim. Ar an 18 Nollaig 2015, i ndiaidh fhuascailt agus choinbhéartú na scaireanna tosaíochta, fuair an Ciste €166m eile d'ioncam díbhinne (Nóta 8.3).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. Costais oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá an tsuim a theastaíonn chun freastal ar chostais bhainistíochta infheistíochta agus riaracháin an Chiste:

### 5.1 Punann Lánroghnach - táillí agus speansais

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Bainisteoirí Infheistíochta | 3,224 | - |
| Táillí Caomhnóirí Domhanda | 634 | - |
| Córais agus Seirbhísí | 888 | - |
| Táillí Dlí | 650 | 33 |
| Táillí cánach | 251 | - |
| Táillí Gairmiúla | 475 | - |
| Clódóireacht agus Eile | 94 | - |
| Athmhuirear GBCN | 8,686 | 182 |
| | **14,902** | **215** |

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is gá na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus a cuid feidhmeanna i leith an Chiste á gcomhlíonadh aici a ghlanadh ón gCiste. B'ionann iad sin agus €8.7m in 2015 (2014 €182k).

### 5.2 Punann faoi Threoir - táillí agus speansais

| | | |
|---|---|---|
| Táillí Comhairliúcháin | 93 | 78 |

## 6. Cánachas ar an bPunann Lánroghnach

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmhaithe ó Cháin Chorparáide na hÉireann de réir alt 230(1) agus 230 (1A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú. Mar sin féin, féadfaidh an Ciste bheith faoi dhliteanas i leith cánacha i ndlínsí thar lear nach bhfuil lándíolúintí ó cháin ar fáil iontu.

Féadfaidh díbhinní agus ús bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha do-aisghabhála eachtracha arna bhforchur ag an tír óna bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. Leithdháiltí ioncaim agus gnóthachain a fhaigheann an Ciste óna chuid infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine agus gnáthscair phríobháidigh, féadfaidh siad bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ciste bheith faoi réir cánacha eachtracha breise a bhíonn iníoctha gach bliain ar infheistíochtaí áirithe réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh, agus iad bunaithe ar a luachanna sócmhainní ag an dáta tuairiscithe.

Tá na cánacha eachtracha a ndearnadh soláthar dóibh leagtha amach thíos:

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Athéileamh cánach siarchoinneálaí | 2 | - |
| Cánacha eachtracha ar ioncam | (8) | 0 |
| **Glanchostas Cánach** | **(6)** | **0** |

Sa bhliain 2015, fuair an Ciste €1m (2014 €Náid) ó Athéilimh Chánach Siarchoinneálaí i dtaca le hathéilimh chánach a cuireadh isteach don tréimhse ón 22 Nollaig 2014 go dtí an 31 Nollaig 2015, lena n-áirítear athéilimh chánach a fuarthas ó CNP.

In 2014, rinneadh foráil i leith €266k de chánacha eachtracha ar ioncam.

## 7. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha

| Infheistíochtaí ag FVTPL | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna Luaite | 1,091 | 1,272 |
| Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach | 17 | 0 |
| Gnáthscaireanna Neamhluaite | 0 | 0 |
| Ionstraimí Fiachais Luaite | 581 | 534 |
| Ionstraimí Fiachais Neamhluaite | 160 | 247 |
| Infheistíochtaí Réadmhaoine | 236 | 246 |
| Infheistíochtaí Gnáthscair Phríobháidigh | 367 | 240 |
| Infheistíochtaí Foraoiseachta | 30 | 27 |
| Bonneagar | 125 | 76 |
| Cistí Infheistíochta Luaite | 2,306 | 1,722 |
| Cistí Infheistíochta Neamhluaite | 387 | 338 |
| Bannaí Eile | 25 | 17 |
| Infháltais Fhadtéarmacha | 18 | 356 |
| Roghanna Cothromais | 11 | 31 |
| Gnóthachan Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach | 2 | - |
| **Iomlán Infheistíochtaí ag FVTPL** | **5,356** | **5,106** |
| | | |
| **Iasachtaí agus infháltais** | | |
| Fiachas Eile | 300 | 321 |
| Bannaí Eile | 95 | 63 |
| **Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas** | **395** | **384** |
| | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Caillteanas Neamhréadaithe ar Thodhchaíochtaí | (1) | (6) |
| Caillteanas Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach | - | (47) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | **(1)** | **(53)** |
| | | |
| **Airgead agus infheistíochtaí eile** | | |
| Billí Státchiste | 450 | 1,450 |
| Airgead Tirim | 1,281 | 239 |
| **Iomlán an airgid agus na gcoibhéisí airgid** | **1,731** | **1,689** |
| | | |
| **Iomlán sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha** | **7,481** | **7,126** |
| | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 396 | 18 |
| Iarmhéid dlite ó bhróicéirí | - | 35 |
| Iarmhéid dlite le bróicéirí | (15) | 0 |
| Dliteanais eile | (5) | (7) |
| | | |
| **Iomlán glansócmhainní lánroghnacha** | **7,857** | **7,172** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Infheistíochtaí faoi Threoir

Sealbhaíonn an Ghníomhaireacht Infheistíochtaí faoi Threoir faoi réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais de bhun alt 43 d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótála agus na gceart eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir aon treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais. De bhun Acht GBCN 2014, rinneadh gach sócmhainn de chuid CNP arna rialú le dlí na hÉireann, na hInfheistíochtaí faoi Threoir ina measc, a aistriú go huathoibríoch ó Choimisiún CNP chuig GBCN an 22 Nollaig 2014 (agus rinneadh sócmhainní de chuid CISÉ díobh).

### 8.1 Luacháil na nInfheistíochtaí faoi Threoir

| | 2015 Aonaid Milliúin | 2014 Aonaid Milliúin | Luacháil (€) 2015 In Aghaidh an Aonaid | Luacháil (€) 2014 In Aghaidh an Aonaid | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Banc na hÉireann (BoI)** | | | | | | |
| Gnáthscaireanna[1] | 4,512 | 4,512 | 0.338 | 0.313 | **1,525** | **1,412** |
| **Bainc-Aontas Éireann (AIB)** | | | | | | |
| Gnáthscaireanna[2] | 2,711 | 522,556 | 4.5138 | 0.013699 | 12,236 | 7,159 |
| Scaireanna Tosaíochta[3] | - | 3,500 | - | 1.300667 | - | 4,552 |
| | | | | | **12,236** | **11,711** |
| **Iomlán shócmhainní na n-infheistíochtaí faoi threoir** | | | | | **13,761** | **13,123** |
| Infheistíochtaí faoi Threoir - Airgead (Nóta 12) | | | | | 240 | 1,109 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh[4] | | | | | - | 765 |
| **Iomlán na n-infheistíochtaí faoi threoir** | | | | | **14,001** | **14,997** |

[1] *Tá luacháil na scaireanna in BoI bunaithe ar phraghsanna luaite.*

[2] *Mar gheall ar an méid gnáthscaireanna atá ag an gCiste in AIB (99.9%), cheap an Ghníomhaireacht EY chun luach cóir neamhspleách a chur ar na hinfheistíochtaí.*

[3] *Ar an 18 Nollaig 2015, de bhun treorach ón Aire, fuasclaíodh 1.36bn de scaireanna tosaíochta AIB agus coinbhéartaíodh an 2.14bn scair eile ina ngnáthscaireanna AIB. Ina dhiaidh sin, rinne AIB comhdhlúthú ar bhonn 1-ar-250 leis an líon gnáthscaireanna atá á n-eisiúint a laghdú. De thoradh choinbhéartú an 2.14bn de scaireanna tosaíochta ina ngnáthscaireanna agus an comhdhlúthú dá éis, laghdaíodh an sealbhú infheistíochta faoi threoir i ngnáthscaireanna AIB ó 522.6bn in 2014 go 2.7bn in 2015 (Féach Nóta 8.3 le haghaidh níos mó mionsonraí).*

[4] *Is ionann an comhaontú athcheannaigh freaschurtha agus comhaontú chun bannaí na hÉireann a cheannach agus iad a dhíol ar ais leis an díoltóir bunaidh ar phraghas níos airde ag dáta socraithe amach anseo.*

### 8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir

| **Banc na hÉireann** | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Luacháil tosaigh | 1,412 | - |
| Aistrithe ó CNP | - | 1,421 |
| Gnóthachan/(caillteanas) infheistíochta le linn na tréimhse | 113 | 9 |
| **Luacháil Deiridh** | **1,525** | **1,412** |

# 8. Infheistíochtaí faoi threoir (ar lean)

## 8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir (ar lean)

| Bainc-Aontas Éireann | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Luacháil tosaigh | 11,711 | - |
| Aistrithe ó CNP | - | 11,698 |
| Fuascailt scaireanna tosaíochta | (1,700) | - |
| Gnóthachan infheistíochta le linn na tréimhse | 2,225 | 13 |
| **Luacháil Deiridh** | 12,236 | 11,711 |

Agus luacháil an Chiste ar AIB á cinneadh aige, rinne EY breithniú ar roinnt modheolaíochtaí luachála, lenar áiríodh luacháil a bhí bunaithe ar thorthaí cuideachtaí inchomparáide, anailís ar chuideachtaí inchomparáide agus anailís ar idirbhearta ar fasaigh iad.

Bhíothas den tuairim go raibh anailís ar chuideachtaí inchomparáide ar an modheolaíocht ba chuí maidir leis na Gnáthscaireanna in AIB a luacháil. Mar chuid den anailís sin, baineadh úsáid as iolraí margaidh a bhí inchomparáide agus ar fáil go poiblí - mar shampla, an leabharluach inláimhsithe i gcoibhneas leis an toradh ar chothromas - ar mhaithe le luach a chur ar na gnáthscaireanna. Rinne EY breithniú ar iolraí eile freisin amhail an praghas i gcoibhneas an tuillimh agus an praghas i gcoibhneas an leabharluacha.

Tá an méadú i luach na n-infheistíochtaí idir an 31 Nollaig 2014 agus an 31 Nollaig 2015 bunaithe go príomha ar thrí thoisc, is iad sin;

i) Méadú sa ghlanluach de réir na leabhar ar AIB thar an tréimhse;
ii) méadú in iolra margaidh roghnaithe, bunaithe ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht trádála na cuideachta agus ar an ionchas ar fud na hearnála;
iii) fuascailt agus coinbhéartú na scaireanna tosaíochta i mí na Nollag 2015.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb ann do roinnt íogaireachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don luacháil ar AIB, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Athruithe i meon agus i ndearcadh infheisteoirí i leith na mbanc agus san ionchas atá ann don tionscal baincéireachta agus don mhórgheilleagar intíre agus do mhórgheilleagar na hEorpa;
- Tá AIB neamhchosanta go mór ar gheilleagar intíre na hÉireann. D'fhéadfadh athrú i dtosca geilleagracha difear a dhéanamh do na luachálacha atá tugtha.

Dá bhfanfadh na tosca eile uile mar atá, m.sh. gluaiseacht 1% i luacháil an phiarghrúpa inchomparáide, bheadh athrú de thart ar €122.4m i luacháil na nGnáthscaireanna in AIB amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: 72m).

## 8.3 Achoimre ar an infheistíocht faoi threoir

Amhail an 31 Nollaig 2015, ba iad 99.9% agus 13.95% an úinéireacht chéatadánach a bhí ag an gCiste in AIB agus in BoI faoi seach. (2014 AIB: 99.8%, BoI:13.98%).

Roimh atheagrú caipitil AIB a rinneadh an 18 Nollaig 2015, íocadh, san am atá caite, díbhinn bhliantúil neamhcharnach sheasta 8% i leith na scaireanna tosaíochta in AIB. Murar íocadh an díbhinn i bhfoirm airgid, is i bhfoirm gnáthscaireanna a gheobhaidh an ciste an díbhinn. D'fhéadfadh AIB na scaireanna tosaíochta a athcheannach ar ráta €1 in aghaidh na scaire laistigh den chéad cúig bliana agus ar ráta €1.25 in aghaidh na scaire ina dhiaidh sin. Tá éifeacht leis an gcéim in airde go €1.25 in aghaidh na scaire ó mhí na Bealtaine 2014. Ní dhearna an méid sin aon difear don ioncam díbhinne.

D'íoc AIB an díbhinn scaire tosaíochta €280m i bhfoirm airgid leis an gCiste an 13 Bealtaine 2015 agus aistríodh é sin chuig an bpunann Lánroghnach.

De bhun treorach dar dáta 12 Márta 2015, threoraigh an tAire Airgeadais don Ghníomhaireacht €1.6bn a aistriú ó phunann Faoi Threoir an Chiste go dtí an Státchiste. Feidhmíodh é seo an 19 Márta 2015.

De bhun treorach dar dáta 20 Samhain 2015, threoraigh an tAire Airgeadais don GBCN (mar rialaitheoir agus bainisteoir Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn) comhaontuithe áirithe a dhéanamh agus bearta áirithe a dhéanamh, chun coinbhéartú agus fuascailt a scaireanna in AIB a éascú. De bhun na treorach seo, threoraigh an tAire Airgeadais don GBCN fosta bearta áirithe a dhéanamh maidir le fáltais an choinbhéartaithe agus na fuascailte sin (lena n-áirítear Nóta Gealltanais EBS a chealú). Fuair Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn fáltais dar suim €1.7bn, díbhinní dar suim €166m agus 155bn de ghnáthscaireanna mar chuid den fhuascailt agus coinbhéartú seo. (Nóta 11.3).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Infheistíochtaí faoi threoir (ar lean)

### 8.4 Forbairtí ó dheireadh na bliana

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 9. Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Gnáthscair phríobháideach infhaighte | 382 | 3 |
| Ús fabhraithe ar Urrúis Ioncaim Sheasta | 10 | 11 |
| Díbhinní infhaighte | 2 | 2 |
| Athéilimh chánach in-aisghabhála | 2 | 2 |
| Infháltais eile | 0 | 0 |
| | **396** | **18** |

## 10. Dliteanais eile

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| CBL iníoctha agus speansais fhabhraithe eile | 5 | 4 |
| Suimeanna iníoctha i leith urrús a ceannaíodh | - | 3 |
| | **5** | **7** |

## 11. Aistrithe

### 11.1 Sócmhainní a aistríodh chuig an gCiste ó CNP.

De bhun Acht GBCN 2014, rinneadh gach sócmhainn de chuid CNP arna rialú le dlí na hÉireann a aistriú go huathoibríoch ó Choimisiún CNP chuig an nGníomhaireacht an 22 Nollaig 2014 (agus iad ag éirí ina sócmhainní de chuid an Chiste). Ba é €22,153m luach na sócmhainní a aistríodh chuig an gCiste.

### 11.2 Sócmhainní a dhí-aithin CNP

Ón 22 Nollaig 2014, is é atá i gCoimisiún CNP coimisinéir aonair (Príomhfheidhmeannach, GBCN) a gceanglaítear air le hAcht GBCN 2014 gach rud is indéanta go praiticiúil a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá fágtha arna rialú le dlí eachtrach. Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn faoi 31 Nollaig 2015. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí ag CNP a dhí-aithint cheana, agus ar aon dul le caighdeáin tuairiscithe chuntasaíochta, aithnítear agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an Chiste.

## 11. Aistrithe (ar lean)

### 11.2 Sócmhainní a dhí-aithin CNP (ar lean)

Liostaítear miondealú thíos ar na sócmhainní a bhí fágtha faoi úinéireacht dhlíthiúil CNP amhail an 31 Nollaig, faoi mar a léirítear i Ráitis Airgeadais an Chiste.

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| **Punann lánroghnach** | | |
| Gnáthscaireanna | - | 1,084 |
| Airgeadra agus cistí infheistíochta eile | - | 273 |
| Infheistíochtaí réadmhaoine | - | 242 |
| Infheistíochtaí Gnáthscair Phríobháidigh | - | 169 |
| Taiscí, Airgead agus Infheistíochtaí Eile | - | 2 |
| | - | 1,770 |
| Sócmhainní Reatha | 1 | 37 |
| Dliteanais Reatha | - | (7) |
| **Iomlán Na Sócmhainní a shealbhaítear go dlíthiúil in CNP** | **1** | **1,800** |

Tá an tsuim thuasluaite ar áireamh sna sócmhainní dar luach €22,153m a aistríodh ó CNP chuig an gCiste in 2014.

Amhail an 30 Aibreán 2016, ba é €1m luach margaidh na sócmhainní a bhí fós le haistriú chuig an gCiste.

### 11.3. Aistrithe chuig an Státchiste

De réir treorach ón Aire Airgeadais, aistríodh €1.6bn chuig an Státchiste ón bPunann faoi Threoir an 19 Márta 2015.

De réir treorach ón Aire Airgeadais, aistríodh €1.9bn chuig an Státchiste ón bPunann faoi Threoir an 18 Nollaig 2015. Baineann an tsuim seo leis na fáltais ó fhuascailt scaireanna tosaíochta AIB agus le díbhinní bainteacha. Faoi threoir an Aire Airgeadais úsáideadh €0.2bn den airgead tirim seo chun Nótaí Gealltanais EBS an Aire a fhuascailt agus cuireadh an chuid eile ar ais sa Státchiste.

| | 2015 €m |
|---|---|
| Aistriú chuig an Státchiste an 19 Márta 2015 | 1,634 |
| Aistriú chuig an Státchiste an 18 Nollaig 2015 | 1,866 |
| **Aistrithe chuig an Státchiste** | **3,500** |

### 11.4 Aistrithe ón Státchiste

Ar an 6 Samhain 2015, aistríodh €335m ón Státchiste chuig an gCiste (Nóta 14.1).

An Státchiste a thug an €335m i gcomhair Ciste nua Ceangailteachta laistigh den Phunann Lánroghnach. Tá an Ciste Nua Ceangailteachta curtha in áirithe i gcomhair Infheistíochta i dtionscadail a fheabhsaíonn ceangailteacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann.

| | 2015 €m |
|---|---|
| **Aistrithe ón Státchiste** | **335** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| **Punann lánroghnach** | | |
| Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann | 1,169 | 176 |
| Airgead Tirim ag Caomhnóir | 112 | 63 |
| Billí Státchiste | 450 | 1,450 |
| | **1,731** | **1,689** |
| **Punann faoi threoir** | | |
| Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann | **240** | **1,109** |

## 13. Gealltanais

### 13.1 Airgeadra eachtrach agus gealltanais todhchaíochtaí

Ba iad seo a leanas an phríomhshuim bharúlach agus an gnóthachan / (caillteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí díorthacha airgeadra a rinne an Bainisteoir agus na bainisteoirí infheistíochta thar ceann an Chiste:

| GBCN | 2015 Méid Príomhshuim €m | 2015 Neamhréadaithe gnóthachan/ (caillteanas) €m | 2014 Méid Príomhshuim €m | 2014 Neamhréadaithe (caillteanas) €m |
|---|---|---|---|---|
| Conarthaí i Malairt Eachtrach | 1,614 | 2 | 1,546 | (47) |
| **Bainisteoirí Infheistíochta** | | | | |
| Conarthaí i Malairt Eachtrach | 18 | (0) | - | - |
| Todhchaíochtaí Airgeadais | 471 | (1) | 525 | (6) |
| | | **1** | | **(53)** |

**Conarthaí i Malairt Eachtrach**

Is é beartas an Chiste a riosca airgeadra eachtraigh a fhálú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra.

Ní éilítear ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste neamhchosaint ar airgeadra a fhálú. Tá cead acu spotchonarthaí agus conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh ar mhaithe le hidirbhearta urrús a ghlanadh agus a gcuid punanna a bhainistiú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste.

Is ionann an luach barúlach agus iomlán na gconarthaí i malairt eachtrach a bhí amuigh ag deireadh na tréimhse.

**Todhchaíochtaí Airgeadais**

Tá cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste todhchaíochtaí a fhorghníomhú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste.

Mar chuid de Straitéis um Chaomhnú Caipitil an Chiste, chuathas i mbun todhchaíochtaí gnáthscaireanna gearra chun an neamhchosaint fhoriomlán gnáthscaireanna a laghdú.

### 13.2 Gealltanais infheistíochta neamhghlaoite

Rinne an Ciste ceangaltais i leith maoiniú infheistíochtaí. Is iondúil go mbíonn na gealltanais seo iníoctha ar éileamh bunaithe ar riachtanais ábhar na hinfheistíochta faoi réir théarmaí agus choinníollacha gach comhaontú. Amhail an 31 Nollaig, 2015 ba é €1.2bn (2014: €820m) suim iomlán na ngealltanas gan íoc.

## 13. Gealltanais (ar lean)

### 13.2 Gealltanais infheistíochta neamhghlaoite (ar lean)

Rinne an Ciste gealltanais i leith cineálacha infheistíochtaí áirithe mar atá leagtha amach thíos.

| | Achar ama an ghealltanais Blianta | 2015 ainmniúil €m | 2014 ainmniúil €m |
|---|---|---|---|
| Iomlán na n-infheistíochtaí neamhluaite | 0-9 | 965 | 750 |
| Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas | 0-2 | 248 | 70 |
| **Iomlán na ngealltanas neamhghlaoite** | | **1,213** | **820** |

**Maoiniú Gealltanais**

Féachann an Ghníomhaireacht leis an gCiste a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh a dhóthain leachtachta aige, gan deiseanna tarraingteacha infheistíochta a fhágáil ar lár, chun a ngealltanais a mhaoiniú de réir mar a ghlaoitear iad.

Tá an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta GBCN infheidhme maidir leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na híoschaighdeáin inghlactha a chaithfidh siad siúd atá freagrach as idirbheartaíochtaí cisteáin arb iad is cúis le riosca leachtachta laistigh den GBCN a chomhlíonadh.

Níl an Ciste faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach agus amhail an 31 Nollaig 2015 is i sócmhainní sodhíolta inréadaithe a bhí bunús infheistíocht an Chiste.

## 14. Páirtithe Gaolmhara

### 14.1 An tAire Airgeadais

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais de bhun alt 38(3) d'Acht GBCN 2014.

Faoi alt 46(1) agus 46(2) d'Acht GBCN 2014, féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíochtaí a dhéanamh isteach sa Chiste ón bPríomh-Chiste. Sa chás go mbeartaíonn an tAire íocaíocht a dhéanamh isteach sa Chiste, ní mór do Thithe an Oireachtais rún a rith ina bhfaomhtar an íocaíocht sular féidir leis an Aire an íocaíocht a phróiseáil (Nóta 11.4).

### 14.2 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Is í an Ghníomhaireacht a dhéanann rialú agus bainistiú ar an gCiste de bhun alt 41(1) d'Acht GBCN 2014.

Is coiste reachtúil é Coiste Infheistíochta GBCN a bhfuil foráil dó san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht an Chiste trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíochta. Tá cinntí infheistíochta suas le €150m tarmligthe ag an nGníomhaireacht don Choiste. Atreoraítear infheistíochtaí atá os cionn €150m chuig an nGníomhaireacht agus moladh ón gCoiste ag gabháil leo.

Iarrtar go mbeadh beirt chomhaltaí ceaptha de chuid na Gníomhaireachta ar an gCoiste Infheistíochta agus nach mó ná cúigear nach comhaltaí den Ghníomhaireacht iad ach a bhfuil saineolas ábhartha substaintiúil agus taithí acu agus a gceapann an Ghníomhaireacht iad le toiliú an Aire Airgeadais.

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is ón gCiste a ghlantar speansais na Gníomhaireachta. Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 €8.7m a bhí sna speansais seo (22 - 31 Nollaig 2014: €182k).

**Príomhphearsanra bainistíochta**

Is iad Comhaltaí na Gníomhaireachta a rialaíonn an Ghníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach a bhainistíonn agus a stiúrann gnó na Gníomhaireachta. Tá údarás agus freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Chomhaltaí na Gníomhaireachta as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus, dá bhrí sin, is príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta iad. Déan tagairt do ráitis airgeadais Chuntas Riaracháin GBCN maidir le cúiteamh an phríomhphearsanra bainistíochta.

### 14.3 Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Tá an Ciste agus Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann araon faoi smacht an Aire Airgeadais.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistíocht riosca na Punainne Lánroghnaí. Maidir leis an bpunann faoi Threoir, tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht treoracha an Aire Airgeadais a fheidhmiú agus urrúis ábhartha a luacháil i gcomhair ráitis airgeadais an Chiste.

Is é euro bunairgeadra an Chiste. Is in euro a thugtar na torthaí tomhaiste agus na rioscaí punainne monatóirithe.

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistiú gníomhach ar raon éagsúil rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca infheistíochta, riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

Sainmhíníonn Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca na Gníomhaireachta caighdeáin agus sainmhínithe íosta, éigeantacha, ardleibhéil bainistíocht riosca a bhaineann le gach cuid den Ghníomhaireacht agus ar fud gach catagóir riosca. Ansin, cuirtear na caighdeáin seo i bhfeidhm trí na mionpholasaithe agus mionghnáthaimh a rialaíonn bainistíocht catagóirí aonair agus/nó próisis bainistíochta riosca.

Tá Creatlach Bainistithe Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-cosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de.

Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca na Gníomhaireachta, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta.

Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigthe ar rioscaí a sholáthar.

Soláthraíonn an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Comhtháthaíonn na trí Líne Chosanta uile ag leibhéal na Gníomhaireachta. Tacaíonn roinnt Coistí agus fochoistí Riosca de chuid GBCN leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

**Coiste Bainistíocht Punainne (CBP)**

Áirítear an CBP leis an gcéad líne chosanta ar a bhfuil comhaltaí sinsearacha den fhoireann infheistíochta Ciste. Is iad príomhfheidhmeanna an CBP moltaí infheistíochta a mheas agus a dhéanamh le Coiste Infheistíochta na Gníomhaireachta agus maoirseacht bhainistíochta a dhéanamh ar infheistíochtaí an Chiste. Trí phróiseas infheistíocht inmheánach an Chiste, féachtar lena chinntiú go luacháiltear go hiomlán gach deis infheistíochta i dtéarmaí tráchtálachta, acmhainn tionchar eacnamaíochta agus cuibhiúlacht i gcomhthéacs foriomlán an Chiste.

**Coiste Infheistíochta GBCN**

Ar an gCoiste Infheistíochta tá comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus is iad atá freagrach as straitéis infheistíochta an Chiste a mhaoirsiú. Tá cur síos ar ról an Choiste i Nóta 14.2

**Coiste Riosca na Gníomhaireachta (CRG)**

Déanann CRG athbhreithniú ar na próisis sainaitheanta agus measúnaithe riosca ina n-iomláine atá ag an nGníomhaireacht. Leagann sé síos caighdeán maidir le monatóireacht chruinn thráthúil ar rioscaí criticiúla agus déanann athbhreithniú ar thuairiscí ar aon sárú ábhartha ar theorainneacha riosca agus ar leorgacht aon bhearta a bheadh molta.

**Coiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta.**

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an nGníomhaireacht ina maoirsiú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúchóir reachtúil.

**An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)**

Is coiste bainistíochta é an CBRF a dhéanann maoirsiú ar fhorfheidhmiú fhonn riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córas iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

**Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonraí maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir le sárú ar bith.

**Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaintí ar riosca margaidh agus leachtachta agus tugann sonraí don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartais Bainistíochta Riosca Margaidh agus Leachtachta GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

**Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)**

Is coiste bainistíochta é an CROR a dhéanann athbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus ar na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

### 15.1 Riosca margaidh

Riosca infheistíochta is ea an riosca go n-imíonn feidhmíocht infheistíochta ó na straitéisí ábhartha. Tá acmhainn oscailte ag an nGníomhaireacht i leith riosca infheistíochta mar a bhfuil sí toilteanach gach rogha fhéideartha seachadta a bhreithniú agus an rogha is dóichí go n-éireoidh léi a phiocadh agus, lena chois sin, leibhéal inghlactha luacha atá coigeartaithe de réir riosca a chur ar fáil.

D'fhéadfadh brabús níos lú ná mar is féidir nó caillteanais iarbhír chaipitil ar bhunchaiteachas a bheith mar thoradh ar aon diall ó mhandáidí ábhartha infheistíochta. Is den ríthábhacht, mar sin de, go gcomhtháthaítear go hiomlán bainistíocht leanúnach riosca infheistíochta i ngníomhaíochtaí agus i gcuspóirí an Chiste. Cé go bhféadann riosca infheistíochta teacht aníos mar gheall ar phróisis measúnú inmheánach nó monatóireachta nach bhfuil stóinsithe go leor, féadann réimse foinsí seachtracha bheith taobh thiar de fosta amhail forbairtí diúltacha maicreacnamaíocha nó margaidh, athruithe gan choinne sa reachtaíocht, tearcfheidhmiú infheistíochtaí aonair nó calaois.

Áirítear le Riosca Infheistíochta na fo-chatagóirí seo a leanas:

- Riosca próiseas infheistíochta: Riosca brabús níos lú ná mar is féidir a thabhú nó caillteanais chaipitil mar gheall ar phróisis measúnaithe nó faofa moltaí infheistíochta nó monatóireachta ina dhiaidh sin nach bhfuil stóinsithe go leor;
- Riosca tionchair eacnamaíochta: Riosca nach mbainfear amach cuspóir tionchar eacnamaíochta na straitéise infheistíochta;
- Riosca caillteanas buan caipitil: Riosca cailleadh rialaithe infheistíochta;
- Riosca comhchruinniú punainne: Riosca a bhaineann le ró-chomhchruinniú mar gheall ar bheith ag gabháil do straitéis infheistíochta - lena n-áirítear earnáil eacnamaíochta / tionscail, tíreolaíochta, contrapháirtí etc.

### 15.2 Riosca margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraime airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Áirítear le fochatagóirí riosca margaidh riosca ráta, riosca malairte eachtraí, riosca praghas margaidh agus riosca raon difríochta creidmheasa.

Tá Straitéis um Chaomhnú Caipitil i bhfeidhm ag an gCiste, rud lena soláthraítear roinnt cosanta ar an taobh thíos ar laghduithe sa mhargadh gnáthscaireanna agus lena soláthraítear roinnt cosanta ar an taobh thuas nuair a éiríonn go maith leis na margaí.

Úsáideann an Ciste díorthaigh chun a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach, ráta úis agus rioscaí praghsanna eile a bhainistiú. Áirítear leis an hionstraimí a úsáidtear malairtí ráta úis, réamhchonarthaí, todhchaíochtaí agus roghanna. Ní fheidhmíonn an Ciste cuntasaíocht fhálaithe.

**i) Riosca ráta úis**

Is é is riosca ráta úis ann an riosca go mbeadh tionchar diúltach ag gluaiseachtaí rátaí úis ar luach bunionstraim airgeadais nó tionchar ar shreafaí airgid an Chiste.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

**Neamhchosaint ar ráta úis**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas luach na n-urrús lena bhfabhraítear ús seasta sa phunann lánroghnach agus a bhí neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir amhail an 31 Nollaig 2015:

| Urrúis lena bhfabhraítear ús seasta | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| A thiocfaidh in aibíocht laistigh de bhliain amháin | 1 | 194 |
| A thiocfaidh in aibíocht idir bliain amháin agus cúig bliana | 292 | 309 |
| A thiocfaidh in aibíocht tar éis cúig bliana | 265 | 294 |
| **Iomlán na n-infheistíochtaí lena bhfabhraítear ús seasta** | **558** | **797** |

Léirítear sa tábla seo sciar na n-urrús airgeadais atá neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir de thoradh athruithe i rátaí úis. Chun críocha nochta, tá sócmhainní lena bhfabhraítear ús seasta ar áireamh sa neamhchosaint ar riosca praghais agus sa neamhchosaint ar riosca ráta úis araon. Ní léirítear sa tábla seo neamhchosaint fhéideartha ar bith ar athruithe i rátaí úis a bhaineann le hinfheistíochtaí a shealbhaítear i gcistí infheistíochta.

Mar aon leis na hurrúis lena bhfabhraítear ús sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta i seilbh an Chiste freisin, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar suim €1.7bn (2014: €1.7bn) (Nóta 12) agus cistí leachtacha dar suim €1.5bn (2014: €600m). Sócmhainní lena bhfabhraítear ús atá sna sócmhainní sin. Luaineoidh sreafaí airgid na sócmhainní sin sa todhchaí de réir athruithe i rátaí úis an mhargaidh.

**Anailís íogaireachta**

Léirítear san anailís íogaireachta thíos mar a rachfaí i bhfeidhm ar ghlansócmhainní trí athruithe san athróg bhainteach riosca a d'fhéadfadh, ar bhonn réasúnach, titim amach ar an dáta tuairiscithe. Tá cinneadh déanta ag an lucht bainistíochta go bhféadfadh, ar bhonn réasúnach, luainiú 50 bonnphointe i rátaí úis titim amach, nuair a chuirtear san áireamh an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an Ciste.

Léirítear sa tábla thíos an tionchar ag méadú 50 bonnphointe i rátaí úis ar urrúis an Chiste a bhfuil ús seasta ag dul leo amhail 31 Nollaig. Bheadh tionchar comhionann ach malartach ar na méideanna atá ar taispeáint ag laghdú rátaí úis den mhéid céanna. Go príomha, is de thoradh laghdú i luach cóir urrúis ráta seasta atá an tionchar. Glactar leis san anailís seo gur ann do chuar líneach ráta úis agus go mbíonn gach athróg eile tairiseach.

| Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Laghdú €m | (28) | (40) |
| % laghdú | -0.36% | -0.56% |

**ii) Riosca malairte eachtraí**

Is é is riosca malairte eachtraí ann an riosca go rachadh gluaiseachtaí i rátaí malairte i bhfeidhm ar bhunluach sócmhainní, dliteanas agus ionstraimí díorthacha a ainmnítear in airgeadra eile seachas an euro. Athróidh luach reatha sreafaí airgid de réir mar a athróidh rátaí malairte agus féadann sé seo dul i bhfeidhm ar shreafaí airgid amach anseo fosta.

Tá ceangaltais amuigh ag an gCiste i leith infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh dar luach USD 181m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2015 (USD 234m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2014).

**Bainistíocht riosca malairte eachtraí**

Féachann an Ciste a riosca airgeadra eachtraigh a bhainistiú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra. Mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte, déanann an brabús / caillteanas ar na réamhchonarthaí i malairt eachtrach fritháireamh ar an athrú i luach infheistíochtaí an Chiste nach bhfuil ainmnithe in euro.

**Neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na luachanna sócmhainní sa Phunann Lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca airgeadra roimh an bhfálú airgeadra agus ina dhiaidh. Maidir le sealúchais i gcistí infheistíochta, tugann sé mionsonraí ar bhonnairgeadra an chiste iomchuí. Nuair is cuí, bainistíonn an Ghníomhaireacht an neamhchosaint a chruthaíonn bun-infheistíochtaí ciste le cois a bhunairgeadra.

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

**ii) Riosca malairte eachtraí** (ar lean)

**Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 31 Nollaig 2015**

| | Airgeadra áitiúil m | Bonn Airgeadra €m | Neamhchosaint Ghlan €m | % de Glan-Sócmhainní |
|---|---|---|---|---|
| Dollar SAM | 2,087 | 1,917 | 538 | 6.84% |
| Eile* | Éagsúil | 35 | 28 | 0.35% |
| Punt Shasana | 47 | 63 | 14 | 0.18% |
| Dollar Hong Cong | 447 | 53 | 39 | 0.49% |
| Dollar Cheanada | 53 | 35 | 6 | 0.08% |
| Dollar na hAstráile | 28 | 19 | 9 | 0.12% |
| Yen na Seapáine | 1,067 | 8 | (15) | -0.19% |
| Franc na hEilvéise | 7 | 6 | (6) | -0.07% |
| Coróin na Sualainne | 59 | 6 | (0) | -0.00% |
| Coróin na hIorua | 19 | 2 | (2) | -0.03% |
| Won na Cóiré Theas | 29,446 | 23 | 23 | 0.29% |
| Dollar Nua na Téaváine | 630 | 18 | 18 | 0.22% |
| Rand na hAfraice Theas | 169 | 10 | 10 | 0.13% |
| Real na Brasaíle | 36 | 8 | 8 | 0.11% |
| **Iomlán** | | **2,203** | **670** | |

**Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: an 31 Nollaig 2014**

| | Airgeadra áitiúil m | Bonn Airgeadra €m | Neamhchosaint Ghlan €m | % de Glan-Sócmhainní |
|---|---|---|---|---|
| Dollar SAM | 2,603 | 2,144 | 824 | 11.49% |
| Eile* | Éagsúil | 146 | 140 | 1.95% |
| Punt Shasana | 59 | 76 | 20 | 0.28% |
| Dollar Hong Cong | 610 | 65 | 55 | 0.77% |
| Dollar Cheanada | 70 | 50 | 16 | 0.22% |
| Dollar na hAstráile | 29 | 19 | 9 | 0.13% |
| Yen na Seapáine | 1,349 | 9 | (27) | -0.38% |
| Franc na hEilvéise | 8 | 7 | (3) | -0.04% |
| Coróin na Sualainne | 53 | 6 | 2 | 0.03% |
| Coróin na hIorua | 23 | 3 | (2) | -0.03% |
| Coróin na Danmhairge | 19 | 3 | (2) | -0.03% |
| Dollar Shingeapór | 5 | 3 | (2) | -0.03% |
| **Iomlán** | | **2,531** | **1,030** | |

* Cuimsíonn 'Eile' roinnt airgeadraí éagsúla, lena n-áirítear Ringgit na Malaeisia, Rupian na hIndinéise agus Baht na Téalainne.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

**ii) Riosca malairte eachtraí** (ar lean)

**Anailís Íogaireachta**

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlansócmhainní (2015: €7,857m, 2014: €7,172m) ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, an euro in aghaidh dhollar SAM faoi 5% (2014: 5%) amhail 31 Nollaig 2015. Glacann an anailís seo leis go bhfanfadh na hathróga eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach.

| Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Laghdú €m | (27) | (41) |
| % laghdú | -0.34% | -0.57% |

Bheadh tionchar comhionann ach malartach ag neartú an euro in aghaidh dhollar SAM ar na méideanna atá ar taispeáint thuas.

**iii) Riosca Praghas Margaidh**

Is é is riosca praghas margaidh ann an riosca mar gheall ar athrú i luach sócmhainní de thoradh athruithe i bpraghsanna urrús nach mbaineann le hathruithe i rátaí úis ná rátaí malairte, amhail gnáthscaireanna agus tráchtearraí.

**Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh**

Is ionann an luach sócmhainní sa phunann lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca praghais margaidh ag an 31 Nollaig 2015 agus luach na n-infheistíochtaí mar atá leagtha síos sa tábla seo a leanas:

| Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Luaite | 3,989 | 3,559 |
| Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach | 17 | 0 |
| Infheistíochtaí Neamhluaite | 572 | 602 |
| Réadmhaoin | 236 | 246 |
| Gnáthscair Phríobháideach | 367 | 240 |
| Bonneagar | 125 | 76 |
| Foraoiseacht | 30 | 27 |
| Infháltais fhadtéarmacha | 18 | 356 |
| Sócmhainní ionstraim dhíorthach | 2 | - |
| **Sócmhainní iomlána airgeadais FVTPL** | **5,356** | **5,106** |
| Dliteanais ionstraim dhíorthach | (1) | (53) |
| Billí Státchiste | 450 | 1,450 |
| **Nochta go hiomlán ar riosca praghas margaidh** | **5,805** | **6,503** |
| **Neamhchosanta ar riosca praghas margaidh** | | |
| Taiscí agus Airgead | 1,281 | 239 |
| Iasachtaí agus infháltais | 395 | 384 |
| **Neamhchosanta go hiomlán ar riosca praghas margaidh** | 1,676 | 623 |
| **Iomlán Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais na Punainne Lánroghnaí** | **7,481** | **7,126** |

**Bainistíocht riosca praghas margaidh**

Tá anailís gheografach ar phunann lánroghnach infheistíochta an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh á léiriú thíos. Léirítear infheistíochtaí Ciste bunaithe ar a dtír ionchorpraithe iomchuí. Déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar an riosca praghas margaidh, rud ar gné dhílis é den phunann infheistíochta, trí rochtain iomlán thráthúil a chinntiú ar fhaisnéis ábhartha ó Bhainisteoirí Infheistíochta an Chiste. Buaileann an Ghníomhaireacht go rialta leis na Bainisteoirí Infheistíochta agus déanann sí athbhreithniú ar fheidhmíocht infheistíochta ag gach cruinniú.

| Anailís de réir rangú geografach | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| AN EORAIP | 3,981 | 4,457 |
| Meiriceá Thuaidh | 1,635 | 1,740 |
| Margaí atá ag teacht chun cinn | 123 | 209 |
| An Áise-an tAigéan Ciúin | 66 | 97 |
| **Iomlán** | **5,805** | **6,503** |

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

**iii) Riosca praghas margaidh** (ar lean)

**Neamhchosaint**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas comhchruinniú shócmhainní agus dhliteanais infheistíocht lánroghnach an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh de réir cineál ionstraime ar an dáta tuairiscithe.

| **Infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe** | **2015 €m** | **2014 €m** |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí cothromais trádáilte ar an malartán | 1,091 | 1,272 |
| Infheistíochtaí cothromais neamhliostaithe | 758 | 589 |
| Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach | 17 | 0 |
| Cistí Infheistíochta Neamhluaite | 387 | 338 |
| Cistí infheistíochta luaite ceannoscailte | 806 | 1,122 |
| **Iomlán infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe** | **3,059** | **3,321** |
| | | |
| **Urrúis fiachais:** | | |
| Urrúis fiachais trádáilte ar an malartán | 581 | 534 |
| Urrúis fiachais eile | 185 | 264 |
| Cistí infheistíochta luaite ceannoscailte | 1,500 | 600 |
| Infháltas fadtéarmach | 18 | 356 |
| **Iomlán na n-urrús fiachais** | **2,284** | **1,754** |
| | | |
| **Billí Státchiste** | **450** | **1,450** |
| | | |
| **Sócmhainní díorthacha** | | |
| Roghanna innéacs gnáthscaireanna liostaithe | 11 | 31 |
| Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh | 2 | - |
| **Iomlán na sócmhainní díorthacha** | **13** | **31** |
| | | |
| **Iomlán na sócmhainní infheistíochta** | **5,806** | **6,556** |
| | | |
| **Dliteanais dhíorthacha** | | |
| Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh | - | (47) |
| Conarthaí todhchaíochtaí in airgeadra eachtrach | (1) | (6) |
| **Iomlán na ndliteanas díorthach** | **(1)** | **(53)** |
| | | |
| **Iomlán** | **5,805** | **6,503** |

**Anailís íogaireachta**

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlansócmhainní na punainne lánroghnaí (2015: €7,857m, 2014: €7,172m) ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, praghsanna margaidh faoi 5% amhail 31 Nollaig 2015. Is ar bhonn infheistíocht aonair a dhéantar na meastacháin. Glacann an anailís seo leis go bhfanfaidh na hathróga eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach.

| **Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Laghdú €m | (290) | (325) |
| % laghdú | -3.7% | -4.5% |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.3 Riosca creidmheasa

Tagann riosca creidmheasa aníos as an riosca nach n-éireoidh le hiasachtóir ná le contrapháirtí oibleagáid a chomhlíonadh agus is caillteanas príomhshuime nó leas airgeadais is toradh dó.

Is as infheistíochtaí in urrúis fiachais a thagann an príomhriosca creidmheasa ar a bhfuil an Ciste neamhchosanta. Chomh maith leis sin, bíonn an Ciste faoi réir riosca creidmheasa contrapháirtí ar airgead agus coibhéisí airgid, iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí, trádáil táirgí díorthacha, trádáil agus infháltais eile agus iasachtaí agus infháltais.

#### Bainistíocht riosca creidmheasa

Is é an cuspóir atá le riosca creidmheasa a bhainistiú íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag mainneachtain chreidmheasa ar shócmhainní airgeadais an Chiste. Féachann an Ciste le maolú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid a neamhchosanta creidmheasa ar chontrapháirtithe agus ar an acmhainneacht creidmheasa atá ag contrapháirtithe. Roghnaítear contrapháirtithe bunaithe ar a bhfeiliúnacht fhoriomlán, a neart airgeadais, ar a dtimpeallacht rialála agus ar chúinsí ar leith.

D'fhonn smacht a chur ar neamhchosaint an Chiste i gcás mainneachtana, déantar infheistíochtaí ar fud réimse earnálacha tionscail agus eisitheoirí ar mhaithe le comhchruinnithe riosca creidmheasa a laghdú.

Déanann Bank of New York Mellon, Caomhnóir Domhanda an Chiste, urrúis an Chiste a shealbhú i gcuntais leithscartha, nuair is féidir é, ar mhaithe le híoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go laghdóidh luach na n-urrús atá á sealbhú ag an gCaomhnóir Domhanda. I gcás chliseadh Chaomhnóir Domhanda an Chiste, d'fhéadfadh sé go mbeadh lagú sealadach ar chumas an Chiste na hurrúis a aistriú. Is comhalta de mhórmhalartán urrús é Caomhnóir Domhanda an Chiste. Bhí rátáil chreidmheasa fhadtéarmach A1 aige le Moodys an 31 Nollaig 2015. Déanann an Gníomhaireacht monatóireacht ar na rátálacha creidmheasa agus ar leorgacht chaipitil a chaomhnóra ar bhonn rialta.

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí €1,169m á shealbhú le Banc Ceannais na hÉireann (2014 €176m) agus €112m leis an gCaomhnóir Domhanda (2014 €63m) (Nóta 12).

Is ionann an neamhchosaint dhíreach ar riosca creidmheasa sa phunann lánroghnach ag an 31 Nollaig 2015 agus luach anonn na n-urrús airgeadais mar atá leagtha amach thíos.

| | Tagairt | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|---|
| Airgead agus coibhéisí airgid | (i) | 1,731 | 1,689 |
| Iarmhéid dlite ó bhróicéirí | (ii) | - | 35 |
| Urrúis fiachais | (iii) | 766 | 798 |
| Iasachtaí agus infháltais | (iv) | 395 | 384 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | (v) | 396 | 18 |
| Sócmhainní díorthacha | (vi) | 2 | - |
| **Iomlán** | | **3,290** | **2,924** |

#### i) Airgead agus coibhéisí airgid

Is le Banc Ceannais na hÉireann agus leis an gCaomhnóir Domhanda, a bhfuil rátáil AAA (2014 AAA) agus A1 (2014 A1) acu faoi seach, bunaithe ar rátálacha Moody's, go príomha atá airgead agus coibhéisí airgid an Chiste á sealbhú.

#### ii) Iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí

Is ionann iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí agus cuntais éarlaise, comhthaobhacht airgid thirim i gcomhair urrús iasachta agus idirbhearta díolachán nár íocadh fós. Meastar riosca creidmheasa an chontrapháirtí a bhaineann le hidirbhearta nár íocadh fós a bheith beag mar gheall ar an tréimhse ghearr íocaíochta atá i gceist agus ardcháilíocht creidmheasa na mbróicéirí a úsáideadh. Amhail an 31 Nollag 2015, ní raibh aon iarmhéid dlite ó bhróicéirí.

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### 15.3 Riosca creidmheasa (ar lean)

**Bainistíocht riosca creidmheasa** (ar lean)

**iii) Infheistíochtaí in urrúis fiachais**

Ar an 31 Nollaig, bhí infheistíocht déanta ag an gCiste in urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a raibh an rátáil* sheachtrach seo a leanas acu:

| Rátáil Sheachtrach | 2015 €m | 2014 €m | 2015 % | 2014 % |
|---|---|---|---|---|
| Aa1 go Aa3 / AAA go AA | 116 | 125 | 15% | 16% |
| A1 go A3 / A+ go A- | 229 | 211 | 30% | 26% |
| Baa1 go Baa3 / BBB+ go BBB- | 385 | 438 | 50% | 55% |
| Ba1 go Ba3 | - | 2 | 0% | 0% |
| Gan rátáil sheachtrach | 36 | 22 | 5% | 3% |
| | **766** | **798** | **100%** | **100%** |

*Nuair nach mbíonn rátáil chreidmheasa Moody ar fáil, úsáidtear rátáil Standard and Poor.

**iv) Iasachtaí agus infháltais**

| Gníomhaireacht | 2015 €m | 2014 €m | 2015 % | 2014 % |
|---|---|---|---|---|
| Gan rátáil sheachtrach | 395 | 384 | 100% | 100% |

Athbhreithnítear riosca creidmheasa iasachtaí agus infháltais mar chuid den phróiseas athbhreithniú bearnúcháin.

**v) Infháltais trádála agus eile**

Is é atá anseo go príomha méideanna atá dlite laistigh de bhliain ó díoladh infheistíochtaí cothromais phríobháideacha.

**vi) Díorthaigh**

Leagtar amach sa tábla thíos anailís ar shócmhainní díorthacha agus ar dhliteanais dhíorthacha nár íocadh fós amhail 31 Nollaig:

| 2015 | Luach cóir €m | Barúlach Comhlán barúlach €m | Luach cóir % | Méid barúlach % |
|---|---|---|---|---|
